

'TAITHÍ MHUINTIR LADT AR SCOIL'

Acmhainn d'iar-bhunscoileanna chun bulaíocht
homafóbach agus trasfóbach a chosc agus chun
tacaíocht a thabhairt do dhaltaí LADT



Foilsithe ag

Le tacaíocht ó



I gcomhpháirt le

Association of Community and Comprehensive Schools



Association of Secondary Teachers of Ireland



BeLonG To Youth Services



Education and Training Boards Ireland



Educate Together



Joint Managerial Body for Secondary Schools



National Association of Principals and Deputy Principals



National Centre for Guidance in Education



Teachers' Union of Ireland



Transgender Equality Network Ireland



TUSLA – Child and Family Agency



CLÁR

	BUÍOCHAS	4
	GLUAIS	5
1.	RÉAMHRÁ	7
1.1	EOLAS I DTAOBH NA N-ACMHAINNÍ SEO	
1.2	GNÁSANNA FRITHBHULAÍOCHTA DE CHUID NA ROS IN IAR-BHUNSCOILEANNA	
2.	BULAÍOCHT: SAINMHÍNITHE	10
2.1	BULAÍOCHT BUNAITHE AR FHÉINIÚLACHT: BULAÍOCHT ATÁ HOMAFÓBACH AGUS TRASFÓBACH	
2.2	CÉN FÁTH GUR CÓIR DÍRIÚ AR BHULAÍOCHT HOMAFÓBACH AGUS TRASFÓBACH	
3.	DALTAÍ LEISPIACHA, AERACHA, DÉGHNÉASACHA AGUS TRASINSCNEACHA (LADT)	12
3.1	EISPÉIREAS SCOILE AG DALTAÍ LADT	
3.2	FÉIN TUISCINT AR LADT	
3.3	DALTAÍ SCOILE AG TEACHT AMACH AR SCOIL	
3.4	CÉN FÁTH GO DTAGANN MUINTIR LADT AMACH	
3.5	CONAS IS CÓIR DON SCOIL PLÉ LEIS AN SCÉAL MÁ THAGANN DUINE ÓG AMACH?	
3.6	CAD FAOIN DALTA A SHAMHLAÍTEAR É NÓ Í A BHEITH LADT?	
4.	TREOIR AR LEITH MAIDIR LE DALTAÍ TRASINSCNEACHA	17
4.1	THE SPECIFIC NEEDS OF TRANSGENDER STUDENTS	
4.2	DAOINE ÓGA AG TEACHT AMACH MAR DHAOINE TRASINSCNEACHA	

4.3	CONAS MAR IS CÓIR DON SCOIL CAITHEAMH LEO?	
4.4	SOCRUITHE PRAITICIÚLA	19
4.4.1	Téarmaíocht agus teanga	
4.4.2	Clár na scoile agus cáipéisí oifigiúla	
4.4.3	Gníomhaíochtaí atá aon insneach	
4.4.4	Culaith scoile	
4.4.5	Corpoideachas agus spórt	
4.4.6	Leithris agus seomraí feistis	
4.5	SOCRUITHE TACAÍOCHTA	23
4.5.1	Oiliúint na foirne	
4.5.2	Oiliúint na ndaltaí	
4.5.3	Plean don idirthréimhse	
4.5.4	Ag aistriú scoileanna	
4.5.5	Athrú inscne i scoil aon insneach	
5.	A BHFUIL TÁBHACHTACH CHUN TACÚ LE DALTAÍ LADT	30
5.1	RÓL NA BPRÍOMHOIDÍ AGUS CEANNAIRÍ EILE SCOILE	30
5.1.1	Ag obair le tuismitheoirí/ caomhnóirí	
5.1.2	Tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí LADT	
5.1.3	Tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí eile	
5.1.4	Teaghlaigh i bhfoirmeacha éagsúla	
5.1.5	Caidreamh i measc daltaí	
5.1.6	Baill den fhoireann atá LADT	
5.2	RÓL AN MHÚINTEORA I BHFEIGHIL	35
5.2.1	Ról an mhúinteora i bhfeighil maidir leis an mbeartas frithbhulaíochta	
5.2.2	Dualgais an mhúinteora i bhfeighil mar atá leagtha amach imbeartas frithbhulaíochta na ROS	
5.2.3	An múinteoir i bhfeighil agus bulaíocht homafóbach agus trasfóbach	
5.2.4	Conas daltaí leochaileacha a neartú chun gearán a dhéanamh	
5.2.5	Buntáistí a bhaineann le gearán ó dhuine gan ainm	
5.2.6	Ag plé le gníomhartha bulaíochta atá homafóbach agus trasfóbach	
5.2.7	Foirmeacha samplacha ó GLEN chun gníomh bulaíochta a ghearán	
5.3	RÓL NA DTREOIRCHOMHAIRLEOIRÍ	41
5.3.1	Ag obair le daltaí ar leith	
5.3.2	Pointí eolais do threoirchomhairleoirí atá ag obair le daltaí LADT	
5.3.3	Má thagann duine amach i gcomhrá aghaidh ar aghaidh	
5.3.4	Ag obair le daltaí atá á gceistiú féin maidir le bheith LADT	

5.4	RÓL NA MÚINTEOIRÍ RANGA	45
5.5	RÓL NA GCOMHORDAITHEOIRÍ TEAGMHÁLA BAILE IS SCOILE AGUS RÓL NA GCOMHORDAITHEOIRÍ CLÁR CRÍOCHNAITHE SCOILE	48
6.	MUINTIR LADT I MBEARTAIS SCOILE: AG CRUTHÚ TIMPEALLACHTA IS CULTÚIR ATÁ DEARFACH	50
6.1	TÚS BEARTAS UILEGHABHÁLACH AR FÁIL I NDLITHE COMHIONANNAIS	
6.2	BEARTAS FRITHBHULAÍOCHTA	
6.3	CÓD IOMPAIR	
6.4	BEARTAS IONTRÁLA AGUS RÁITEAS MISIN	
6.5	OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE (OSPS)	
6.6	PLEAN TREORACH	
6.7	PLEAN FORBARTHA PROIFISIÚNTA	
6.8	STRAITÉIS TINREAMH SCOILE	
7.	OIDEACHAS AGUS STRAITÉISÍ UM CHOSC AR BHULAÍOCHT HOMAFÓBACH AGUS TRASFÓBACH	62
7.1	CLÁRACHA BUNAITHE AR SHEACHTAIN LE TÉAMA	
7.2	IONCHUR CURACLAIM	
7.3	TIONSCNAMH SEACH-CHURACLAIM	
7.4	AOICHAINTEOIRÍ AGUS CLÁRACHA SEACHTRACHA	
8.	ACMHAINNÍ AGUS TACAÍOCHT	69
8.1	BEARTAS AGUS TREOIR	
8.2	EAGRAÍOCHTAÍ TACAÍOCHTA LADT AR BHONN NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNACH	
9.	TAGAIRTÍ	72

BUÍOCHAS

'Sé atá sa cháipéis seo ná an cnuasach is déanaí de acmhainní atá curtha le chéile ag GLEN (Gay and Lesbian Equality Network), ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag na comhpháirtithe oideachais. Cuirtear ar fáil é chun cabhrú le scoileanna déileáil le bulaíocht homafóbach agus chun tacú le daltaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha (LADT). Tá sé i gceist anois go n-úsáidfear an acmhainn seo in ionad na gceithre gcáipéisí thíosluaite.

1. **Daltaí leispiacha, aeracha agus déghnéasacha in iar-bhunscoileanna: Treoir do phríomhoidí agus ceannairí scoile.** Arna fhoilsiú ag an ROS, agus GLEN.
2. **Ag cur daltaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha san áireamh: treoirlínte do phríomhoidí.** Arna fhoilsiú ag an ROS, Cumann na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha agus GLEN.
3. **Ag tacú le daltaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha: Ról na gcomhairleoirí treoghairme.** Arna fhoilsiú ag An Lárionad Treorach san Oideachas agus GLEN, i gcomhairle le hInstitiúid na dTreoirchomhairleoirí.
4. **Ag tacú le daltaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha: Ról na múinteoirí.** Arna fhoilsiú ag Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire agus ag Aontas Múinteoirí Éireann agus GLEN.

Léiriú is ea an t-ábhar breise san acmhainn seo ar na ceanglais ar leith a leagtar amach i Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (ROS, 2013), mar aon leis na

hathruithe beartais a bhaineann le hábhar agus atá luaite thíos:

- **Folláine in Iar-bhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe** (An Roinn Oideachais agus Scileanna/Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte/Roinn na Sláinte, 2013)
- **Foirne Tacaíochta Scoláirí Iar-bhunscoileanna: Treoir do Fhoireann a bhunú nó le hAthbhreithniú a Dhéanamh ar Fhoireann atá ann cheana** (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2014).

Tá alt sa eagrán seo a thugann an t-ábhar is déanaí agus a phléann an tacaíocht ar leith is gá a thabhairt do dhaltaí a shamhlaíonn iad féin bheith trasinscneach. Lorgaíodh cabhair ón eagraíocht neamhrialtasach TENI (Transgender Equality Network Ireland) chun a dheimhniú go bhfuil an t-eolas seo praiticiúil agus ómósach do na riachtanais atá acu siúd atá trasinscneach.

Seoladh an t-ábhar is déanaí chuig na comhpháirtithe oideachais a dhein cúram faoi leith roimhe seo de aiseolas a thabhairt ar luath dhréachtaí. Chuir a leithéid go mór leis an bhfoilseachán seo. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leo siúd uile, oifigigh ó Lárionad Polasaithe na ROS san áireamh a thacaigh le forbairt na hacmhainne seo.



Tá fáil ar a thuilleadh eolais ar aon chuid den acmhainn seo ó

Sandra Irwin-Gowran
Stiúrthóir Pholasaí
Oideachais, GLEN
R/phost:
education@glen.ie

GLUAIS

Aerach: Fear nó bean a bhfuil suim rómansúil/gnéasach agus/nó mhothúchánach aige/aici i ndaoine atá ar aon inscne leis/léi. Is fearr lena lán fear aerach an focal aerach seachas homaighnéasach a úsáid. Is fearr le mórchuid ban atá aerach an focal leispiach a úsáid.

Ag teacht amach: Úsáidtear an téarma seo chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas trína thuigeann duine go bhfuil sé/sí leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach agus nuair a thosnaíonn sé/sí ar a f(h)éiniúlacht a phlé le daoine eile.

Athrú Inscne/athrú: Úsáidtear na téarmaí seo chun cur síos a dhéanamh ar an eispéireas a bhíonn ag daoine a athraíonn an inscne a bhí acu ó lá a mbreithe go dtí an inscne atá aitheanta agus roghnaithe acu agus ina maireann siad anois. Ní ghineann an t-athrú seo aon idirghabháil leighis do fhormhór an aosa óig ach gineann sé próiseas le haghaidh ‘athrú sóisialta’ sa tslí is go dtosnaíonn daoine óga ag maireachtáil agus á gcur féin in iúl san inscne sin atá ar aon dul leis an inscne is fearr leo. Tharlódh go mbeadh athruithe sóisialta, fisiciúla, nó dlíthiúla i gceist, mar shampla: ag teacht amach chuig a muintir, a gcairde, a gco-oibritheoirí agus chuig daoine eile nach iad; ag athrú dreacha; ainm agus forainm pearsanta á athrú nó ag athrú sonraí inscne ar cháipéisí dlí (e.g. teastas breithe, ceadúnas tiomána nó pas); athrú eile atá ann is ea bheith ag plé le hidirghabháil leighis.

Déghnéasach: Duine a bhfuil suim rómansúil/gnéasach agus/nó mhothúchánach aige nó aici i ndaoine is cuma fir nó mná iad.

Diosfóiría inscne: Nuair a chuireann duine é féin/í féin in iúl trína mhalairt d’inscne agus nuair is cúis mhór imní dó/di a (h)inscne féin.

Féiniúlacht inscne: Tagraíonn an méid seo do mhothúchán inmheánach maidir le bheith

fireann nó baineann. Ní mar a chéile é agus an gnéas a luaitear ar an teastas breithe (an bhreithinscne ainmnithe). Samhlaíonn roinnt daoine gur inscne eile is dúchas dóibh nó gurb é is dúchas dóibh ná meascán d’inscní

Gnéas: Tagraíonn sé seo don stádas bitheolaíochta, fireann nó baineann, a ainmníodh ag aimsir a mbreithe. Deimhnítear daoine mar fhireann nó baineann ar bhonn na hanatamaíochta (na baill ghiniúna agus/nó na horgáin shliochtmhara) nó ar bhonn bitheolaíochta (crómasóim agus/nó hormóin).

Gnéaschlaonadh: Tagraíonn sé seo do phátrún buan meallta i dtreo fear nó ban, nó ina dtreo araon, agus atá mhothúchánach, rómansúil agus/nó gnéasach. Aithnítear trí ghnéaschlaonadh i gcoitinne heitrighnéasach (díreach), homaighnéasach (aerach nó leispiach) agus déghnéasach. Tá daoine ann agus gan claonadh ar bith iontu agus deir siad go bhfuil siad éighnéasach.

Heitrighnéasach: Duine a bhfuil suim rómansúil/gnéasach agus/nó mhothúchánach aige nó aici i ndaoine a bhfuil a mhalairt de ghnéas acu, nó mar a thugtar air de ghnáth duine díreach.

Homaighnéasach: Téarma foirmiúil nó cliniciúil a cumadh i ngort na síceolaíochta chun cur síos ar dhuine a bhfuil suim rómansúil/gnéasach agus/nó mhothúchánach aige nó aici i ndaoine atá ar aon inscne leo féin.

Idirghnéas: Téarma uileghabhálach ag cur síos ar an riocht ina mbíonn daoine ag aimsir a mbreithe nuair nach réitíonn an anatamaíocht shliochtmhara nó ghnéasach leis an sainmhíniú tipiciúil a bhíonn ar fhireann nó ar bhaineann. Ní i gcónaí a shamhlaíonn daoine idirghnéasacha iad féin trasinscneach, ná ní i gcónaí a cheapann siad go n-oireann an téarma uileghabhálach seo dóibh. Mar sin féin is minic gur mar a chéile an t-eispéireas a bhíonn ag an

duine trasinscneach agus a bhíonn ag an duine idirghnéasach agus is ar an mbonn seo gur féidir an treoir atá san acmhainn seo a úsáid ar mhaithe leo siúd atá idirghnéasach.

Inscne: Baineann an téarma seo le buachaillí/fir agus cailíní/mná. Úsáidtear é go minic ag cur síos ar na slite ina n-iompraíonn daoine iad féin, nó an caidreamh a bhíonn acu le daoine eile nó conas mar a bhraitheann siad fúthu féin. Ní mar a chéile inscne agus gnéas (feic thíos).

Inscne neamh-dhénártha/neamh-dhénártha: Téarma uileghabhálach is ea é seo a úsáidtear don fhéiniúlacht inscneach atá lasmuigh den inscne dhénártha, fireann agus baineann. Tagraíonn sé chomh maith do dhaoine nach bhfuil a n-inscne go hiomlán fireann ná baineann nó go bhfuil meascán den dá inscne acu nó atá idir inscní. Tharlódh go n-úsáidfadh daoine a n-oireann an téarma uileghabhálach seo dóibh a rogha ceann de théarmaí éagsúla, faoi mar dhéanann daoine trasinscneacha.

Inscne Roghnaithe: Tagraíonn sé seo don fhéiniúlacht inscne atá istigh i gcroí an duine murab ionann is don bhreithinscne.

Inscne sreabhach: Tagraíonn an méid seo do fhéiniúlacht inscne a athraíonn ó am go ham. Is féidir le duine mar seo inscne a chur in iúl mar fhireann, mar bhaineann nó mar neodrach nó tré fhéiniúlacht neamh-dhénártha nó tré mheascán d'ionannais éagsúla. Úsáideann daoine áirithe téarmaí ar nós inscne sreabhach, inscne ait nó inscne dhénártha chun iad féin a chur in iúl.

LADT (LGBT as Béarla): Is acrainm é seo ar leispiach, aerach, déghnéasach, agus trasinscneach

LADTI (LGBTI as Béarla): Is acrainm é seo ar leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach agus idirghnéasach

Léiriú inscne: Mothúcháin inmheánacha a úsáideann duine chun é féin/í féin a chur in iúl; a leithéid seo: iompar, éadaí, stíl ghruaige, béasa, guth, tréithe fisiciúla, caidreamh sóisialta etc.

Leispiach: Bean a bhfuil suim rómansúil/gnéasach agus/nó mhothúcháinach aici i mná.

Teastas Aitheantas Inscne: Cuirtear é seo ar fáil in Acht um Inscne a Aithint (2015) agus eisiúint an stat é do dhuine a bhfuil fonn air/uirthi go n-aithneofaí a (h)inscne roghnaithe. D'fhéadfaí an teastas aitheantas inscne a eisiúint chun leasú a dhéanamh ar chuile cháipéis oifigiúil atá ag duine a bhaineann leis an am atá thart nó leis an am atá le teacht. Feic mír 8.1 le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis na riachtanais ar leith a bhfuil gá leo chun teastas aitheantas inscne a fháil.

Trasfóibe/Bulaíocht thrasfóbach: Tagraíonn sé seo do bhulaíocht ar bith a bhfuil céim sa bhreis inti mar go bhfuil sé bunaithe ar fhéiniúlacht inscne atá ann nó a shamhlaítear a bheith ann.

Trasghnéasach: Sean-téarma is ea é seo a eascair ón bpobal leighis agus síceolaíochta. Is fearr le daoine áirithe fós é a bhfuil athrú buan déanta acu ar a gcorp nó a bhfuil fonn orthu athrú a dhéanamh tré chóir leighis a fháil. Ní maith le mórán daoine trasinscneacha an téarma trasghnéasach agus ina ionad usáideann siad trans man nó trans woman chun cur síos ar a n-inscne roghnaithe. Is fearr an téarma a roghnaíonn an duine féin a úsáid.

Trans man: Duine a ainmníodh baineann ag aimsir a bhreithe ach a mhaireann mar fhear nó a shamhlaíonn é féin mar fhear.

Trans woman: Duine a ainmníodh fireann ag aimsir a breithe ach a mhaireann mar bhean nó a shamhlaíonn í féin mar bhean.

Trasinscneach: Is téarma cuimsitheach é seo a chuireann síos ar dhaoine a bhfuil a bhféiniúlacht inscne, nó a léiriú inscne éagsúil leis an ngnéas atá luaite ar a dteastas breithe(i.e., a mbreithinscne ainmnithe). Tharlódh go n-úsáidfadh daoine atá trasinscneach an focal trasinscneach mar aon le mórán focal nach é chun cur síos orthu féin. Is fearr i gcónaí an aidiacht a roghnaíonn an duine féin a úsáid. Úsáideann daoine trasinscneacha an focal 'trans' go minic agus glactar leis an ngiorrúchán seo chun cur síos ar dhaoine a shamhlaíonn iad féin a bheith trasinscneach. Tá daoine trasinscneacha ann a mhaireann ina n-inscne roghnaithe a fhéachann orthu féin mar fhear nó mar bhean seachas mar fhear trasinscneach nó mar bhean thrasinscneach. Tharlódh go mbeadh roinnt daoine trasinscneacha faoi chúram dochtúirí agus go bhfuil a gcorp ag dul faoi chóir hormóin nó tharlódh leis go mbeadh cuid acu ag dul faoi scian an dochtúra.

1. RÉAMHRÁ

Le cúpla bliain anuas d'éirigh Éire níos cuimsithí agus níos oscailte don uile dhuine; mar náisiún bhí dúshlán romhainn ár dtuiscint agus ár meas ar eágsúlacht a fhás i réimsí ilchineálacha an tsaoil. Níos mó ná riamh agus go háirithe le fiche bliain anuas is iomaí athrú a tharla don bpobal leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinsneach (LADT).

Inniu tá níos mó daoine LADT ag teacht amach ag aois níos óige agus iad ag maireachtáil go hoscailte le tacaíocht óna muintir, óna gcairde, óna scoil, óna bpobail, óna gcomhoibritheoirí agus óna gcomharsanacht. In ainneoin an dul chun cinn seo tarlaíonn sé go mbíonn an saol deacair go leor do roinnt daoine atá leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinsneach, ina measc an pobal óg LADT nach bhfuil amuigh nó nach bhfuil tacaíocht acu óna muintir, óna gcairde ná óna bpobal. Chun féiniúlacht dá gcuid féin a chothú tá sé thar a bheith tábhachtach do dhaoine dearbhú agus meas a fháil.

D'fhéadfadh toradh tromchúiseach a bheith ann dona lán dhaoine óga nuair a tharlaíonn bulaíocht ar scoil agus in áiteanna eile.

Leag an Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht béim ar an scéal tábhachtach seo nuair d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna é in Eanáir 2013. Glacann an plean seo leis an tuiscint go bhfuil eágsúlacht sna staidéir i méid na ngearán a dhéantar ach mar sin féin tá sé soiléir ó na sonraí atá ar fáil go bhfeicfidh a lán páistí agus daoine óga

Eascaíonn ceisteanna tromchúiseacha as an mbulaíocht homafóbach agus trasfóbach agus cuireann a leithéid cosc le cruthú na dea-fhéiniúlachta. Anuas air sin bíonn sí ina constaic i ndul chun cinn mar nach mbraitheann daoine sábháilteacht, tacaíocht ná dearbhú fad is a bhíonn siad ar scoil.

bulaíocht agus do roinnt bheag díobh san, is baolach go mbeidh droch-thionchar aici orthu amach anseo¹

- Sa bhliain 2010 thuairiscigh nach mór **an ceathrú cuid** de dhaoine óga idir 12-17 go ndearnadh bulaíocht orthu ar a laghad uair amháin ar scoil laistigh de réamh thréimhse chúpla mí.
- I staidéar a mhaoinigh An Oifig Náisiúnta um Chosc ar Fhéinmharú fuarthas amach uatha siúd a ghlac páirt sa suirbhé gur deineadh bulaíocht ar **50%** den bpobal leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinsneach fad is a bhí siad ar scoil. Tharla sé seo dóibh ar an mbonn gur daoine óga LADT iad nó gur measadh iad a bheith amhlaidh (Higgins, 2016)

Thuairiscigh an Plean Gníomhaíochta seo ar an mBulaíocht gur féidir tionchar tromchúiseach agus tragóideach, b'fhéidir, a bheith ag an mbulaíocht ar leanaí agus ar dhaoine óga, ar theaghlaigh, ar phobail scoile agus ar an tsochaí i gcoitinne. Léiríonn an taighde is déanaí tionchar na dtorthaí

¹ An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013c) Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht. Tuairisc an ghrúpa oibre Frithbhulaíochta don Aire. Leag an Plean Gníomhaíochta amach dhá gníomh déag chun bulaíocht homafóbach a chosc agus a chomhrac. Díríonn an ghníomhaíocht ar thacaíocht a thabhairt do scoileanna agus do mhúinteoirí, forbairt ghairmiúil, taighde agus feachtas a chur chun cinn i dtreo is go ndéanfar déileáil le gach aon saghas bulaíochta, bulaíocht homafóbach agus trasfóbach san áireamh.

tromchúiseacha seo ar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LADTI).

I measc na bhfreagóirí LADTI bhí an méid seo:

- **Dhein 56% díobh san a bhí idir 14-18 mbliana féindochar. Dúirt a bhformhór go raibh baint idir an féindochar agus a bhféiniúlacht LADTI.**
- **Mhachnaigh 70% díobh ar fhéinmharú**
- **Dhein 32% díobh iarracht lámh a chur ina mbás féin.**

Faoi mar atá ráite sa Phlean Gníomhaíochta tá cultúr dearfach scoile fíor-thábhachtach mar chosc ar iompar bulaíochta agus chun timpeallacht shábháilte do na foghlaimoirí a chur ar fáil. Sa tslí seo tabharfar tacaíocht agus dearbhú dóibh san oideachas iomlánaíoch. Tá sé de dhualgas ar gach aon bhall de phobal na scoile agus tá sé ina chroílár d'eiteas chuile scoile an cúram seo a chur i gcrích; tá ról níos lárnaí ag daoine áirithe sa chúram seo agus dá bhrí sin bíonn cabhair sa bhreis ag teastáil uathu ó am go chéile.

1.1 I DTAOBH NA hACMHAINNE SEO

Tá sé i gceist go gcabhródh an acmhainn seo leis na príomhpháirtithe nuair a bhíonn siad i mbun a gcuid dualgas agus iad ag deimhniú go dtugann an scoil sábháilteacht, tacaíocht agus dearbhú do chuile dhalt, daltaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha san áireamh mar aon leo siúd a meastar iad a bheith amhlaidh agus mar aon leo siúd a bhfuil daoine muinteartha leo (tuismitheoirí, siblínní etc.) amhlaidh.

Tugtar tacaíocht do scoileanna a bhíonn ag plé le bulaíocht trí inter alia *Folláine in Iar-bhunscoileanna, Treoirínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe* (an Roinn Oideachais agus Scileanna et al, 2013b). Léiríonn an doiciméad seo conas timpeallacht na scoile uile a chruthú a bhfuil struchtúir ann a thugann tacaíocht dóibh siúd a fhulaingíonn deacrachtaí. Anuas air sin chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte *Schools for Health in Ireland Framework for Developing a Health Promoting School (Post-primary)* (2013). Tagraíonn an doiciméid seo don chur chuige sa scoil uile i leith na sláinte agus léiríonn sí na sainghnéithe atá riachtanach chuige sin.

Nuair a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* i Meán Fómhair 2013 tuigeadh go raibh sé riachtanach na hacmhainní a bhí ar fáil cheana a uasdatú chun riachtanais nua na scoileanna a léiriú agus chun a léiriú go soiléir ról na bpríomhpháirtithe scoile i gcomhrac agus i gcosc na bulaíochta atá homafóbach agus trasfóbach. Tá comhairle bhreise san acmhainn seo ó GLEN agus tá sé bunaithe ar an dea-ghnás; aibhsítear an dea-ghnás seo laistigh den cháipéis i dtábla a soiléirítear leis an gcomhartha seo. ★

Tá an acmhainn roinnte i gcodanna atá dathchódaithe ar mhaithe lena húsáid ag daoine éagsúla, ag brath ar an ról ar leith atá acu i bpobal na scoile.



1.2 AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA: GNÁSANNA RITHBHULAÍOCHTA BUNSCOILE AGUS IAR-BHUNSCOILE

Tar éis dul i gcomhairle go mion leis na comhpháirtithe cuí oideachais, d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile* i Meán Fómhair 2013. Bhí na gnásanna seo i bhfeidhm anois in áit Treoirlínte maidir le Cur i gCoinne Iompar Bulaíochta i Scoileanna, a bhí ann ó 1993.

Dob é ba chúis leis na gnásanna mar a bhí siad léirithe sa chiorclán *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* (45/2013d) ná treoir a thabhairt d'údaráis scoile agus do phearsanra scoile

- faoin tslí le hiompar bulaíochta i measc daltaí a chosc
- dul i ngleic leis má tharlaíonn sé agus déileáil le haon droch- thoradh laistigh den scoil a bheadh ar iompar bulaíochta a tharlaíonn aon áit eile.

Soiléiríonn na gnásanna seo go n-aithnítear mar bhulaíocht cibearbhulaíocht agus bulaíocht bunaithe ar aitheantas (ar nós bulaíocht atá homafóbach agus bulaíocht chiníoch).

2. BULAÍOCHT: SAINMHÍNITHE

Is gá do dhaltai go mbeadh timpeallacht acu atá sábháilte agus socair i dtreo is go dtiocfaidh bláth orthu chomh fada agus is féidir. Baineann iompar na bulaíochta den timpeallacht sin. Is cosaint é ar an mbulaíocht é an beartas bulaíochta más ann dó agus má chuirtear i bhfeidhm é. Tá an méid sin feicthe ar bhonn idirnáisiúnta. Is fíor é seo go háirithe nuair a chruthaítear an beartas agus nuair a chuirtear i bhfeidhm é i measc phobal na scoile.

- Dar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna 'sé an rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile. Laistigh den sainmhíniú seo tá bulaíocht chaidreamhach, cibearbhulaíocht, bulaíocht bunaithe ar aitheantas, (ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige).
- Lena chois sin, sna gnásanna seo, féachtar ar theachttaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta. Tá cibearbhulaíocht ag éirí níos coitianta, tá sí fós ag leathnú agus tugann sí mórán deiseanna bulaíocht a dhéanamh. Mar shampla tharlódh go seolfaí téacsteachttaireacht homafóbach chuig dalta, nó tharlódh go gcuirfí pictiúir ar fáil le caint dhiúltach maidir le gnéas duine, maidir lena inscne nó maidir lena dhealramh
- Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonair ná teagmhais aon uaire d'iompar diúltach ach léiríonn na gnásanna go bhféadfadh a leithéid a bheith ionann agus ina chiapadh, rud atá toirmisceithe go dlíthiúil i scoileanna faoin reachtaíocht chomhionannais. Chun a thuilleadh eolais a fháil feic an tÚdarás Comhionannais, *Scoileanna agus Achtanna um Stádas Comhionann* (2005)

Nuair a thagraíonn scoileanna go soiléir ina chuid beartas do chlaonadh gnéis agus do fhéiniúlacht inscne 'sé is dóchúla ná go laghdaítear ar an gciapadh a tharlaíonn do dhaltai LADT ar scoil; tá seans níos fearr ann leis go dtuairisceoidh na daltaí aon chiapadh a tharlaíonn; agus tá sé a dhá oiread níos dóchúla go gcuirfeadh múinteoir a ladar sa scéal dá dtarlódh aon eachtra bunaithe ar bhulaíocht homafóbach. (Kosciw et al, 2014; Hunt & Jensen, 2006).

2.1 BULAÍOCHT BUNAITHE AR FHÉINIÚLACHT: BULAÍOCHT HOMAFÓBACH AGUS TRASFÓBACH

Éagthroime an tsochaí agus an t-easpa omóis ar an éagsúlacht is cúis le roinnt mhaith den bhulaíocht. Tá siad araon le fáil sa sochaí i gcoitinne. De bharr na tuisceana seo tá fáil go hidirnáisiúnta ar chorpús mór oibre bunaithe ar bhulaíocht na claontachta agus ar bhulaíocht na féiniúlachta. Cuireann an téarma ‘bulaíocht na féiniúlachta’ san áireamh a mhéid agus fhulaingíonn daltaí leochaileacha b’fhéidir, toisc go ndéantar claontacht, steiréitíopáil agus stiogmatú ar dhaoine a bhfuil féiniúlacht faoi leith acu.

Éilíonn gnásanna frith-bhulaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna go mbeadh an cosc féin mar chuid dhílis den mbeartas scoile in aghaidh na bulaíochta. Ní foláir don scoil na straitéisí oideachais i dtaobh na bulaíochta agus um chosc na bulaíochta a chur i scríbhinn. Ní mór don scoil leis déileáil go soiléir le cibearbhulaíocht agus bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, agus go háirithe aon bhulaíocht atá homafóbach nó trasfóbach.

2.2 CÉN FÁTH GUR CÓIR DÍRIÚ AR BHULAÍOCHT HOMAFÓBACH AGUS TRASFÓBACH

Tugtar bulaíocht homafóbach ar aon bhulaíocht a bhíonn bunaithe ar chlaonadh gnéis atá ann nó ar chlaonacht ghnéis a mheastar a bheith ann; tugtar bulaíocht

Glactar leis gurb í an bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach an bhulaíocht is coitianta a fhulaingíonn daltaí a shamhlaíonn iad féin a bheith leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach. Mar sin féin tá an fhéidireacht ann go ndíreofaí ar gach aon fhoghlaimeoir, go háirithe orthu siúd nach gcloíonn leis an ngnáth iompar inscne.

thrasfóbach ar aon bhulaíocht a bhíonn bunaithe ar fhéiniúlacht inscne atá ann nó ar fhéiniúlacht inscne a mheastar a bheith ann. Is mó cruth a bhíonn ar an dá shaghas seo bulaíochta, ag cur san áireamh na cineálacha éagsúla (i.e. ionsaí fisiciúil, imeaglú, leithlis/eisiamh agus bulaíocht chaidrimh, ag úsáid leasainmneacha, ag milleadh sealúchais agus ag fáisceadh) atá luaite i nGnásanna Frithbhulaíochta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is mó comóntacht atá eatarthu siúd a fhulaingíonn bulaíocht thrasfóbach agus bulaíocht homafóbach ach mar sin féin is minic a bhíonn riachtanais ar leith acu siúd atá trasfóbach (feic cuid 4).

Tá sé léirithe go seasta ag an taighde Éireannach go mbíonn droch-eispéireas ar scoil ag an-chuid daoine óga a shamhlaíonn iad féin a bheith LADT. Cuireann an méid sin iad faoi bhrú agus bíonn an baol ann

- Nach sroichfidh siad barr a gcumais
- Go mbeidh droch-mheas acu orthu féin
- Go bhfágfaidh siad an scoil go luath
- Go mbeidh fadhbanna acu lena meabhairshláinte
- Go ndéanfaidh siad dochar dóibh féin (Higgins et al, 2016; Mayock et al 2009; Minton et al, 2008 agus Norman & Galvin, 2006).

3. DALTAÍ LEISPIACHA, AERACHA, DÉGHNÉASACHA AGUS TRASINSCNEACHA (LADT)

'Sé is dóichí ná go bhfuil daltaí LADT ins gach aon scoil agus ins gach aon seomra ranga in Éirinn. Fuarthas amach i suirbhé a deineadh ar 8,000 duine óg le déanaí go raibh mionlach cuíosach mór ann nár cheap go raibh siad heitirghnéasach – dar leo go raibh siad leispiach, aerach nó déghnéasach. Bhí 3% eile ann nach raibh cinnte faoina gclaonadh gnéis (Dooley & Fitzgerald, 2013). Má fhéachtar orthu siúd atá ar scoil faoi láthair is ionann 8% den phobal scoile agus 29,000 duine a shamhlaíonn iad féin a bheith LADT, is cuma iad a bheith amuigh nó gan a bheith amuigh.; mionlach cuíosach mór is ea an méid sin. In ainneoin méid na n-uimhreacha sin tá daltaí LADT dofheicthe nach mór i roinnt mhaith de na scoileanna seo againne. Fanann siad nó go bhfágann siad an scoil sara dtagann siad amach (Mayock, 2009). Ach tá aois na ndaoine a thagann amach ag dul in óige agus tiocfaidh an-chuid díobh amach le linn dóibh a bheith ag freastal ar an iar-bhunscoil.

Tá sé léirithe ag an taighde a deineadh in Éirinn go mbíonn droch-eispéireas ar scoil ag an-chuid daoine óga atá LADT agus ag an-chuid daoine óga a shamhlaítear iad a bheith LADT. Cuireann sé sin isteach ar na deiseanna a bhíonn acu sa saol agus is minic a bhíonn droch-thoradh ar a meabhairshláinte (Higgins et al, 2016; Mayock et al 2009; Norman et al 2006; Minton et al, 2008; Lynch and Lodge, 2002).

3.1 EISPÉIREAS AR SCOIL I MEASC ÓGRA LADT

Is staidéar an-chuimsitheach é ar an bpobal leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach, agus idirghnéasach (LADTI) an staidéar darb ainm *The LGBTI Ireland study* (Higgins et al, 2016). Mhaoinigh Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) an staidéar agus chuir sé béim faoi leith ar an óige. Ghlac os cionn 2,250 duine óga páirt sa taighde, agus bhí nach mór 25% díobh san 25 nó níb' óige. Fágann san go raibh siad ar scoil nó bhí an scoil fágtha acu le tamall gairid roimhe sin. I measc na mór thorthaí ar eispéireas na scoile bhí:

Sábháilteacht

- Chonaic 67% díobh bulaíocht LADTI ar scoil
- Dhein daltaí scoile eile bulaíocht LADTI ar 48% díobh
- Ó thaobh staitisticí de tá ceangal nach beag idir bheith ag fulaingt bulaíocht LADTI ar scoil agus dúlagar, strus, féin-ghortú, smaointe ar fhéinmharú agus iarracht ar fhéinmharú.

Tacaíocht

- Maidir leis an bhfáilte a chuir scoileanna roimh dhaltaí LADTI dob é 4.3 as 10 an meán scór a bronnadh orthu
- Ó thaobh fáilte de níor bhronn ach 25% 7 as 10 nó níba mhó ar an scoil
- Níor bhraith ach 1 as 5 ina bhall iomlán mar dhalta LADTI sa scoil

Rannpháirtíocht

- 1 as 4 nach ndeachaigh ar scoil nó a ghabh thar an scoil chun droch-íde a sheachaint de bharr go raibh siad LADTI
- 1 as 4 a mhachnaigh ar an scoil a fhágaint go luath (roimh na scrúduithe teistiméireachta) toisc go bhfuair siad droch-íde agus dhein 5% díobh amhlaidh

3.2 FEASACHT AR FHÉINIÚLACHT LADTI

Tá an aois atá i gcomhthráth le blianta na hiar-bhunscoile thar a bheith tábhachtach do dhaoine óga. Is ag an aois seo a thagann fás ar a dtuiscint orthu féin agus is ag an aois seo chomh maith a chruthaítear a bhféiniúlacht féin, a bhféiniúlacht chultúrtha agus eitneach, a gclaonadh gnéis, agus a bhféiniúlacht inscne. Tharlódh go mbeadh an tréimhse seo dushlánach agus spleodrach araon. Tuigtear go mbíonn an tréimhse seo deacair don lán daoine, ina measc iad siúd a thuigeann nach bhfuil siad heitrihnéasach nó a thuigeann go bhfuil a bhféiniúlacht inscne éagsúil leis an inscne a aithníodh a bheith acu in aimsir a mbreithe. Bíonn tionchar ag forbairt mhúnlaitheach shíceolaíoch na tréimhse seo ar ghradam agus ar leas na hóige uile amach anseo.

Léirigh Mayock et al (2009) gurb í an aois is coitianta ag a aithníonn daoine a bhféiniúlacht LGBT ná 12 bhliain. Dheimhnigh taighde LGBTI Ireland a dhein Higgins et al (2016) an méid sin. Anuas air sin fuair Higgins amach go léiríonn duine an fhéiniúlacht seo ar a laghad d'éinne amháin eile bliain níos luaithe ná mar a bhí léirithe in aimsir Mayock (2009), i.e. ag teacht anuas óna 17 go a 16. Fuair Higgins et al amach (2016)

go bhfuil daoine ag teacht amach ag aois níos óige agus go bhfuil an bhearna idir 'an fheasacht agus an insint' ag caolú.

De ghnátha bíonn an aois ag a aithnítear féiniúlacht na trasinscne i bhfad níos óige ná claonadh gnéis. Dar le Kennedy agus Hellen (2010) bhí fhios ag formhór na bhfreagóirí trasinscneacha go raibh siad trasinscneach sular fhág siad an bhunscoil.

3.3 AG TEACHT AMACH AGUS A BHEITH AMUIGH AR SCOIL

Úsáidtear an téarma 'ag teacht amach' chun cur síos ar an bpróiseas nuair a thuigeann duine go bhfuil sé/sí leispiach, aerach, déghnéasach, nó trasinscneach agus nuair a thosnaíonn sé/sí ag insint a scéil do dhaoine eile. Bíonn cruthú na féiniúlachta dearfaí mar dhuine LADT bainteach leis an bpróiseas seo. Cinntíonn an leibhéal tacaíochta a fhaigheann daoine óga óna muintir, óna gcairde agus ón scoil a dheacracht nó a fhusacht is atá sé an

12 bhliain: an ghnáth aois a thuigeann duine go bhfuil sé/sí LADTI

16 bliana: an ghnáth aois a thagann duine amach

Tá aois an 'teacht amach' ag dul in óige (Higgins et al, 2016)

bóthar seo a shiúl (Higgins et al 2016; Mayock et al, 2009).

Dar le Mayock et al (2009) eispéireas deacair scanrúil trámach do dhaoine is ea an tréimhse idir an chéad tuiscint ar a gclaonadh gnéis nó ar a bhféiniúlacht inscne agus an teacht amach féin; ceapann mórán daoine gurb é is cúis leis seo ná an baol go mblaisfeadh duine drogall, aonrú agus/nó ciapadh ar scoil. Dá bhrí sin nuair a thagann daoine amach ar scoil bíonn sé tábhachtach go bhfaighidís tacaíocht, tuiscint agus ómós.

3.4 CÉN FÁTH GO DTAGANN MUINTIR LADT AMACH

Tá aitheantas agus deimhniú fíor-thábhachtach do fhéinmheas dearfach an duine le go mbraithfeadh sé/sí mar bhall de chomhlúadar agus chun go gcothófaí an bhallraíocht sin. Tagann daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha amach chun iad féin a chur in iúl agus chun go mbeidís dlíis dóibh féin. Próiseas céim ar chéim do roinnt mhaith daoine is ea an próiseas seo a thugann le fios go bhfuil a gclaonadh gnéis nó a bhféiniúlacht inscne éagsúil le tromlach an phobail. Céim ar aghaidh eile ansin is ea é nuair a ligeann daoine a scéal le daoine eile. ‘Sí an chéim dheiridh ansin ná nuair a mhaireann daoine go hoscailte agus go socair leis an ngné seo dá bhféiniúlacht.

Tá sé fíor-thábhachtach go dtuigfeadh muintir LADT go bhfuil tacaíocht agus fabhar ann dóibh, is cuma má thagann siad amach nó mara dtagann.

Tá sé léirithe ag an taighde ar fhéiniúlacht LADT go bhfuil bearna ann idir ‘feasacht agus insint’ (Higgins et al, 2016); Mayock et al 2009). Bíonn an ghné seo ar aon tréimhse le freastal ar an iar-bhunscoil dona lán daoine agus trasnaíonn sé mór-ócáidí i saol an duine, ar nós scrúduithe stáit, ag ullmhú don saol gairmiúil nó ag leanúint leis an staidéar. Bíonn impleachtaí i gceist anseo do scoileanna agus ní mór dóibh deimhin a dhéanamh de go dtugann timpeallacht na foghlama sábháilteacht, tacaíocht agus dearbhú d’ógra LADT.

3.5 CAD IS CEART DO SCOIL A DHÉANAMH MÁ THAGANN DUINE ÓG AMACH.

Insíonn formhór na ndaoine óga a scéal le cara nó le duine iontaofa eile sula dtagann siad amach dá muintir. Uaireanta is múinteoir nó Comhairleoir Treoghairme an duine iontaofa seo. Ba cheart go mbeadh gach aon mhúinteoir ullamh don ócáid seo an ‘teacht amach’ agus áis is ea na pointí seo a leanas don ullmhúchán sin.

- Ba cheart go gcuirfí na daltaí go léir ar an eolas go bhfailtíonn an scoil roimh an éagsúlacht agus go bhfuil meas aici uirthi dá réir. Ba chóir go dtuigfeadh ógra LADT agus mionlaigh eile go soiléir go bhfuil ardmheas orthu agus go gcinnteoidh ceannasaíocht na scoile go mbeidh sábháilteacht agus tacaíocht ar fáil dóibh. Tá sé fíor-thábhachtach go dtuigfeadh muintir LADT go bhfuil tacaíocht agus dearbhú ann dóibh, is cuma má thagann siad amach nó mura dtagann.
- Ní cóir go rachadh an scoil i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an dalta gan cead an dalta féin ach amháin nuair



Rinne a lán scoileanna i mBaile Munna, BÁC tionscnamh darb ainm ‘Bínse na gCarad’

a cheaptar go bhfuil an dalta i mbaol. Is minic a bhraitheann na daltaí scanradh mór ar eagla go mbeadh a muintir drogallach rompu agus mar sin is fusa dóibh teacht amach chuig daoine eile ar dtús. Chun meabhairshláinte agus leas an aosa óig a chosaint tá sé fíorthábhachtach go mbeadh dea-eispéireas ag an aos óg nuair a thagann siad amach; tharlódh go laghdódh an méid seo an scanradh a bhíonn orthu nuair a insíonn siad a scéal dá muintir agus dá gcairde (Mayock et al, 2009).

Nuair a thagann daoine óga amach mar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinsneacha bíonn siad ag nochtadh a gclaonadh gnéis nó a bhféiniúlacht inscne. Is ráiteas é ar ghné de fhéiniúlacht an dalta agus ní cóir go dtuigfí uaidh gur cuntas é ar iompar gnéis.

- Sna doiciméid *Tús Áite do Leanaí* (An Roinn Leanaí agus Óige, 2011, s7.16.2) *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile* (sic) (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011) cuirtear in iúl go mbaineann na riachtanais maidir le gníomhaíocht ghnéasach le gach dalta, is cuma cad é a gclaonadh gnéis nó a bhféiniúlacht inscne. Tabhair faoi deara, de réir dlí is í 17 mbliana an aois

Tabhair an tsaoirse do dhaoine teacht amach más maith leo. Ná fiafraigh de dhaoine an bhfuil siad LADT sula dtagann siad amach chugat féin. Is mó duine óg LADT a thagann amach gan aon deacracht. Ná ceap go mba chóir dóibh a bheith suaite.

- dhlisteanach le toiliú gnéis.
- Ba cheart don scoil gnéithe eile den bhféiniúlacht a chur san áireamh a bhainfeadh le hábhar agus an dalta ag teacht amach. Ina measc siúd bheadh féiniúlacht chultúrtha, creideamh nó éagumas.
- Tá ról tábhachtach ag múinteoirí ar leith agus iad ag freastal orthu siúd a thagann amach chucu. Tá eolas níos cruinne ar fáil i mír 5.3.3 ar conas mar is féidir le múinteoir ar leith a bheith fíor-éifeachtach agus fíor-thacúil má thagann dalta amach chucu.
- Feic leis mír 4 maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí atá trasinscneach.

3.6 CAD FAOI NA DALTAÍ A SHAMHLAÍTEAR IAD A BHEITH LEISPIACH, AERACH, DÉGHNÉASACH NÓ TRASGHNÉASACH?

Gnáth-ócáid is ea é anois ina an-chuid scoileanna in Éirinn an baisteachán frith-aerach. Is minic a úsáideann daltaí nathanna tarcaisneacha agus fonóideacha ar nós ‘you’re so gay’ nó ‘that’s so gay’. Is sa tslí seo a fhaightear an t-éasc ina an-chuid daoine, is cuma cad é a gclaonadh gnéis nó a

bhféiniúlacht inscne mar tuigtear go bhfuil gné éigin dá bhféiniúlacht míthaitneamhach, mar shampla a ndealramh, a gcaitheamh aimsire, a dtréithe fisiciúla nó a gcúlra muintire. Ní hionann san is a rá go bhfuil siad leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach. Tá sé de cheart ag na daltaí uile a bheith rannpháirteach i dtimpeallacht a thugann sábháilteacht, tacaíocht agus fabhar dóibh. Ní bhaineann a gclaonadh gnéis nó a bhféiniúlacht inscne leis an scéal. Bíonn droch-thoradh ag a leithéid de bhaisteachán ar gach dalta. Déanann sé damáiste sa bhreis don ógra LADT nó dóibh siúd atá ag ceistiú a gclaonadh gnéis nó a bhféiniúlacht inscne mar go mbaineann se de dhaoine an féinmheas agus an féinmhuinín atá acu.

Déantar ciapadh, bulaíocht nó baisteachán ar leith do roinnt daoine ar an mbarúil go bhfuil siad leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach. Murab ionann agus gnéithe eile den fhéiniúlacht ní tréith é an claonadh gnéis atá sofheicthe nó soiléir; díreach faoi mar a bhaineann sé le bheith trasinscneach is faoin duine féin atá sé teacht ar thuiscint i dtaobh na féiniúlachta. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach nach gcuirfí ceist ar dhaoine maidir lena gclaonadh gnéis ná maidir lena bhféiniúlacht inscne ach amháin nuair a thugann siad eolas uathu dá gconlán féin. Ar an mbonn céanna ní cóir go gceapfaí go bhfuil duine óg suaite i dtaobh an scéil toisc go bhfuil siad leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach suaite.

Ta sé riachtanach go ndéanfaí déileáil le haon droch-iompar a dhéanann leatrom ar dhalta leochaileach agus go ndéanfaí an dalta atá thíos leis a chosaint ar aon chiapadh eile. Nuair a thugann scoil aghaidh ar bhulaíocht den sort seo bíonn deis aici ceannasaíocht a thaispeáint do phobal uile na scoile agus Cód Iompair agus Beartas Frith-bhulaíochta na scoile a úsáid.

Ba cheart go mbeadh freagra na scoile iomlánaíoch agus comhtháite agus ba cheart go mbeadh an tacaíocht don dalta mar chuid lárnach den scéal.

4. TREOIR AR LEITH DO DHALTAÍ TRASINSCNEACHA

4.1 RIACHTANAIS AR LEITH ATÁ AG DALTAÍ TRASINSCNEACHA

Le fiche bliain anuas is mó athrú sóisialta a tharla in Éirinn as ar tháinig tuiscint níos doimhne agus fabhar i leith na héagsúlachta. Mar sin féin tá daoine trasinscneacha fós ar an dream is leochailí i sochái na hÉireann agus fulaingíonn siad stiogma agus imeallú nach beag (Higgins et al, 2016; TENI 2014; Mayock et al, 2009).

Tá tuiscint níos fearr ann anois ar nithe a bhaineann le féiniúlacht inscne agus tuigtear níos fearr anois na fadhbanna a bhíonn ag daoine trasinscneacha; sa bhliain 2015 rith an tOireachtas Acht um Inscne a Aithint (2015). Toradh dearfach ar an méid seo ná go bhfuil níos mó daoine óga ag teacht amach mar dhaoine trasinscneacha agus tá siad ag lorg na tacaíochta atá riachtanach. I gcomhthéacs na scoile tá sé riachtanach go mbeadh an tuiscint seo ag teacht le heolas cruinn agus le freagraí atá bunaithe ar dhea-chleachtadh ó thaobh aire a thabhairt do riachtanais an duine atá trasinscneach.

Ba cheart go mbeadh freagra na scoile iomlánaíoch agus comhtháite agus ba cheart go mbeadh an tacaíocht don dalta mar chuid lárnach den scéal. Chun tacaíocht a thabhairt do dhaltai agus chun cosc a chur le bulaíocht thrasfóbach tá sé ríthábhachtach dearcadh fabhrach agus ómósach do cách a chothú. Tharlódh go gceapadh príomhoidí scoile go mba chóir tacaíocht phraiticiúil a thabhairt láithreach. Dea-chleachtadh is ea

é áfach am a chaitheamh leis an dalta agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun an freagra ceart a aimsiú don chomhthéacs ar leith seachas a bheith ag brostú ar aghaidh le freagra tipiciúil.

Sa roinn seo féachtar ar cheisteanna agus ar fhadhbanna a tharlódh b'fhéidir da dtiocfadh daoine trasinscneacha amach fad is a bheidís ar scoil. Soláthraítear an t-eolas ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt don dalta agus chun go mbeadh sé soiléir do phobal uile na scoile go bhfuil dearcadh omóis agus cultúr frith-bhulaíochta ann a éilíonn meas ar chuile dhalta. Glactar leis go mbíonn daltaí trasinscneacha i mbaol bulaíochta trasinscneacha níos mó na daoine eile agus cuirtear an treoir seo ar fáil chun go dtógfaí timpeallacht scoile agus cultúr dearfach a thacaíonn le héagsúlacht agus le hilghnéitheacht agus chun go gcuirfí cosc le bulaíocht thrasfóbach.

Tá na moltaí bunaithe ar dhea-chleachtadh agus soláthraíonn siad roinnt teorach sa réimse seo. Tuigtear áfach gur mhol Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas agus Cosaint Shóisialta (Tithe an Oireachtais, Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas agus Cosaint Shóisialta, 2013) go scríobhfaí teoracha cuimsitheacha maidir leis an scéal seo.

Tá sé fíor-thábhachtach do fholláine an aosa óig go dtabharfaí dínit, ómós agus cothrom na Féinne dá n-inscne.

4.2 DAOINE ÓGA AG TEACHT AMACH MAR DHAOINE TRASINSCNEACHA

Tagraíonn an téarma trasinscneach do dhaoine a bhfuil a bhféiniúlacht inscne, nó a léiriú inscne éagsúil leis an ngnéas a tugadh dóibh ag aimsir a mbreithe. Mar shampla cláraíodh buachaill trasinscneach mar chailín ag aimsir na breithe ach tá féiniúlacht mar fhear aige atá soiléir agus buan. Cláraíodh cailín trasinscneach mar bhuachaill ag aimsir na breithe ach tá féiniúlacht mar bhean aici atá soiléir agus buan.

‘Sí is féiniúlacht inscne ann ná tréith de phearsantacht an duine a bhíonn ann ó dhúchas agus a bhíonn dolúbtha ar an mórgóir agus a bhíonn bunaithe de ghnáth roimh aois a ceathair. Tuigeann agus léiríonn daoine a bhféiniúlacht inscne ag aoiseanna éagsúla agus braitheann an méid sin ar a bhforbairt shóisialta agus ar a bhforbairt teaghlaigh (Mallon, 2009; Brill & Pepper, 2008).

Breathnaíonn roinnt daoine orthu féin mar dhaoine a bhfuil inscne neamh-dhénártha acu. ‘Sé is brí leis sin ná nach n-oireann an inscne fhireann ná an inscne bhaineann dóibh. Scríobhadh na treoracha seo go príomha chun treoir a thabhairt do scoileanna ar conas is fearr cabhrú leo siúd atá trasinscneach agus conas is fearr bulaíocht thrasfóbach a sheachaint; is áis iad chomh maith a chabhróidh le daltaí atá neamh-dhénártha, idirghnéasach nó a bhfuil a n-inscne sreabhach.

Prionsabal tábhachtach is ea féintreorú agus ba chóir go bhfágfaí faoin duine féin an inscne cheart a aithint. I gcás daoine óga nach bhfuil tagtha in aois fós ba cheart go labhródh a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí ar a son.

4.3 CAD É FREAGRA CEART NA SCOILE

Tharlódh ar dtús go gceapfadh scoil go bhfuil athrú an duine trasinscneach dushlánach go leor. Mar sin féin tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh duine óg folláin ar bhonn fisiciúil, síceolaíoch agus

Bíonn sé thar a bheith tábhachtach de ghnáth go n-úsáidfidh an inscne, an t-ainm agus an forainm ceart agus duine ag plé le daoine trasinscneacha nó le daoine idirghnéasacha. Is comhartha omóis é an méid seo trína léirítear an caighdeán sábháilteachta agus uileghabhálachta atá ar fáil sa scoil. Glactar leis go mb'fhéidir go dtógfaidh sé tamall dul i dtaithe ar ainm nua agus go ndéanfar dearmaid ó am go chéile. Ag an am gcéanna áfach ba cheart go mbeadh an scoil ar an airdeall ar eagla go n-úsáidfidh an t-ainm bunaidh ar mhaithe le beag is fiú is tromaíocht a dhéanamh.

mothúchánach agus go dtabharfaí dínit, ómós agus cothrom na Féinne don duine sin ins an inscne roghnaithe.

Mar shampla ba cheart go ndéanfaí rud uirthi má deireann duine gur cailín í agus go dteastaíonn uaithi go gcaithfí léi mar chailín i rith an lae scoile agus i réimsí eile dá saol. Ba chóir go ndéanfaí amhlaidh le dalta a deireann gur buachaill é agus go dteastaíonn uaidh go bhféachfaí air mar bhuachaill i rith an lae scoile agus i réimsí eile dá shaol. Ba cheart go dtabharfaí ómós dó agus ba cheart go gcaithfí leis mar bhuachaill.

Beidh réimsí éagsúla tacaíochta ag teastáil ó dhaoine a shamhlaíonn iad féin mar dhaoine idirghnéasacha agus nó mar dhaoine atá neamh-dhénártha. Is dea-chleachtas é a fháil amach cad í an tacaíocht atá uathu ar bhonn pearsanta. Más féidir ba cheart go mbeadh plé idir an dalta, a mhuintir agus an scoil i dtaobh na tacaíochta sin chun go dtiocfaí ar réiteach atá cothrom agus ómósach do chách.

Má tá sé oiriúnach d'fhéadfadh an scoil an scéal a phlé leis an dalta, leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun 'plean don athrú inscne' a leagan amach. (Tá a thuilleadh eolais ar fáil i mír 4.5.3). Chun cosc a chur le bulaíocht thrasfóbach ba chóir go léireofaí an scéim seo do phobal na scoile ar shlí atá cáiréiseach agus oiriúnach. Tugann a leithéid deis gníomhaíochtaí oideachasúla a chothaíonn fabhar a chur sa tsiúl agus astu siúd tagann tuiscint agus comhbhá. (Tá fáil i mír 7 ar mholtaí ar oideachas agus ar straitéisí um chosc ar bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach)

Mar chosc ar bhulaíocht thrasfóbach tugann na treoracha a leanann seo comhairle ar na socruithe praiticiúla is cóir a chur ar fáil nuair a thagann duine amach mar dhuine trasinscneach agus nuair a iarrann sé nó sí go dtabharfaí aitheantas dá rogha inscne agus go n-úsáidfí é in aon chumarsáid leis/leí.

4.4 SOCRUITHE PRAITICIÚLA

Mar atá ráite cheana is fearr am a chaitheamh chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil oiriúnacht agus ábharthacht ag baint leis na socruithe praiticiúla atá curtha ar fáil don dalta.

4.4.1 Téarmaíocht agus teanga

Ba cheart go gcuirfeadh an scoil deiseanna oideachais agus fabhair ar fáil chun go dtuigfí níos soiléire inscne agus féiniúlacht trasinscneach, agus chun go gcinnteofaí go dtuigtear an difríocht idir an coincheap claonadh gnéis (a bheith heitrichnéasach, déghnéasach, aerach nó leispiach) agus inscne (a bheith fireann nó baineann). Tá an méid seo ag teacht le Gnásanna Frith-bhulaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna agus a bhfuil ar fáil sna curaclaim OSPS agus OCG. Ba cheart go gcuirfeadh oideachas agus straitéisí fabhair béim ar mhéadú tuisceana agus ar ómós don eágsúlacht; is cuid dhílis den obair seo téarmaíocht cheart agus teanga oiriúnach a úsáid. Cuireadh le chéile *Growing Up Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender: A Resource for SPHE and RSE* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, FSS, GLEN, agus BeLonG To, 2011) chun acmhainn phraiticiúil a sholáthar a thabharfadh aird ar an ngné seo den oideachas.

Tá sé fíor-thábhachtach do fholláine an aosa óig go dtabharfaí dínit, ómós agus cothrom na Féinne dá n-inscne.

Tharlódh go mbeadh socruithe faoi leith riachtanach do dhalta a athraíonn inscne i scoil aonghnéasach.

Nuair a thagann daoine trasinscneacha amach is minic a bheartaíonn siad ar a gcéad ainm a athrú i dtreo is go mbeadh sé oiriúnach don inscne is fearr leo. Ba cheart go bpléifeadh an scoil leis an dalta, agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí má tá sé oiriúnach, conas is ceart don scoil tagairt don dalta; i measc na n-ábhar d'fhéadfaí a phlé bheadh an gnáth ainm a úsáidfear go laethúil, an forainm oiriúnach, agus soiléiriú maidir le cumarsáid scríofa chuig tuismitheoirí/caomhnóirí an dalta. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachfaí i gcomhairle leis an dalta mar tharlódh sé nach mbeadh tacaíocht ar fáil sa bhaile agus go gcaithfí breis tacaíochta a chur ar fáil sa scoil féin. Ag deireadh na míre seo cuirtear sampla ar fáil a mhíníonn conas a chuaigh scoil amháin i ngleic leis an scéal nuair nach raibh tuismitheoirí an dalta ar aon tuairim leis an dalta maidir le haitheantas a thabhairt don inscne roghnaithe.

4.4.2. Clárleabhar na scoile agus cáipéisí oifigiúla

Ní foláir do gach scoil clárleabhar na ndaltaí atá ag freastal ar an scoil a choimeád. (An tAcht Oideachais (Leas), 2000, Alt 20(2))

Is é Bord Bainistíochta/Patrún na scoile a bhíonn freagrach ar deireadh maidir le haon chinneadh a dhéantar i dtaobh ainm dalta a athrú. Mar sin níl aon bhac ar scoil ainm roghnaithe an dalta a úsáid sa ghnáth chumarsáid laethúil, is cuma cén t-ainm atá ar chlár na scoile. Is é leas an dalta an chéad ghné a chuirtear san áireamh agus ba

cheart go ndéanfaí gach aon chinneadh ar mhaithe leis an dalta tar éis dúl i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí an dalta.

Is féidir le scoil ainm dalta a athrú ar *Bunachar Sonraí Iarbhunscoile ar líne* (P-Pod). Faoi láthair ní féidir an suaitheantas inscne a athrú ar an mbunachar seo gan teastas aitheantas inscne. Nuair a bhíonn teastas aitheantas inscne ag dalta ní gá don scoil an teastas a fháil chun an inscne a athrú ar an mbunachar ar líne.

B'fhéidir go mbeadh ar an bpríomhoide dul i dteagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit sa chás go mbeadh duine ag tabhairt faoi scrúdú teistiméireachta an stáit sa bhliain sin. Bheadh ar an bpríomhoide iarraidh ar an gCoimisiún thar ceann an dalta, ainm roghnaithe an dalta a chur ar theastas na scrúduithe stáit. Freastalaíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar gach aon scéal ceann ar ceann tar éis dul i gcomhairle leis an bpríomhoide. I dtreo is go leanfaí leis an ainm ceart b'fhéidir go mba ghá an fhoirm a cuireadh go dtí An Lár-Oifig Iontrála (CAO) a cheartú sa chás go mbeadh duine i rang na hArdteistiméireachta.

Gníomhas aonpháirtí

Is féidir le daoine faoi bhun 18 mbliana a n-ainm a athrú trí ghníomhas aonpháirtí ach cead a fháil ó na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Tugann athrú ainm trí ghníomhas aonpháirtí fianaise oifigiúil i bhfoirm cháipéise go bhfuil ainm duine athraithe go dleathach. Is cáipéis dhleathach é an gníomhas aonpháirtí mar aon leis an teastas breithe agus glactar leo i bhformhór feidhmeanna riaracháin

4.4.3 Gníomhaíochtaí aon inscne

Nuair a bhíonn gníomhaíochtaí scoile ar siúl molann an dea-chleachtas do scoileanna go laghdófaí nó go gcuirfí deireadh le scarúint na ndaltaí óna chéile ar bhonn inscne chomh fada agus is féidir. I gcásanna ar leith nuair is gá an scarúint seo a dhéanamh, mar shampla i ranganna áirithe OSPS, ba cheart daltaí trasinscneacha a chur leis an ngrúpa a réitíonn lena n-inscne roghnaithe. I scoileanna aonghnéis is dea-chleachtas é an steiréitíopáil inscneach a sheachaint nuair a bhítear ag pleanáil clár na gceachtanna. Feictear sampla den méid sin i scoileanna aonghnéis nuair nach mbíonn ach gníomhaíochtaí spóirt ar siúl do bhuachaillí agus nuair nach mbíonn ach gníomhaíochtaí rince agus ceoil ar siúl do chailíní. Nuair is féidir é agus nuair a bhíonn an acmhainn ag an scoil chuige ba cheart do scoileanna cláracha éagsúla a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar réimse leathan de chaithimh aimsire agus inniúlachtaí.

4.4.4 Éadaí scoile

Iarrann an-chuid scoileanna ar dhaltaí éadaí scoile a chaitheamh. Ba cheart go mbeifí ag súil go leanfadh gach aon dalta, daltaí trasinscneacha san áireamh, polasaí na scoile maidir le héadaí scoile agus go gcloífídís le polasaithe socruithe a bhaineann le smideadh, feisteas cuí, seodra etc. Ba cheart go dtabharfaí cead do dhaltaí atá trasinscneach nó atá idirghnéasach éadaí scoile a chaitheamh a thagann lena n-inscne roghnaithe. Beidh dúshláin ag scoileanna áirithe de bhreis ar scoileanna eile sa chúram seo.

Tá éagsúlacht sna héadaí scoile ar fáil in an-chuid scoileanna (m.sh. brístí, gúnaí agus cultacha spóirt). Tharlódh sé nach mbeadh an éagsúlacht chéanna ar fáil i gcomhthéacs na scoileanna aonghnéis

agus mar sin b'fhéidir go gcaithfí teacht ar réiteach faoi leith do dhaltá a athraíonn go dtí a rogha inscne. Ba cheart teacht ar an réiteach seo i dteannta an dalta agus i dteannta na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Ar a laghad b'fhéidir go dtabharfadh scoileanna aonghnéis cailíní cead brístí a chaitheamh. B'fhéidir go gcaithfidh scoileanna aonghnéis buachaillí cuimhneamh ar éagsúlacht a chur ar fáil chomh maith.

I scoileanna áirithe ní chaitear éadaí scoile ach ní cóir a cheapadh nach bhfuil fadhb ar bith le héadaí ins na cásanna sin ach oiread. Is cuma an gcaitear nó nach gcaitear éadaí scoile féadfar scéal na n-éadaí a phlé leis an dalta agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.

‘Sé an príomh chuspóir ná go mba cheart go mbraithfeadh na daltaí slán sábháilte ar scoil agus go mbraithfidís go bhfuil tacaíocht ar fáil chun iad féin a chur in iúl trína gcuid éadaí ach ag an am gcéanna go leanfaidís cód na scoile ó thaobh feistis de. Tagraíonn an chéad alt eile d'éadaí scoile i gcomhthéacs an spóirt.

4.4.5 Corpoideachas agus cúrsaí spóirt

Is cuid thábhachtach é an corpoideachas de churaclam na scoile. Tá ceangal ann idir sláinte an choirp agus sláinte na haigine agus an tsláinte i gcoitinne. Tá sé de cheart ag gach aon dalta, daltaí trasinscneacha san áireamh, leas a bhaint as an gcorpoideachas

Nuair a roinntear corpoideachas agus spórt ar bhonn inscne ba cheart go mbeadh cead ag daltaí páirt a ghlacadh iontu de réir a n-inscne roghnaithe féin.



agus as an spórt. Ba cheart mar sin go spreagfaí iad chun dul i ngleic leis an gcorpoideachas agus leis an spórt.

Ta taighde déanta i SAM (GLSEN, 2013) a mhaíonn gur thuairiscigh an-chuid daltaí LADT nár ghlac siad páirt iomlán i gcúrsaí spóirt de bharr leatroidim. De réir an taighde seo nuair a léirigh daltaí trasinscneacha a bhíonn páirt a ghlacadh i gcúrsaí spóirt bunaithe ar a n-inscne roghnaithe gur cheap údarás na scoile gur chuir a leithéid d'iompar isteach ar an scoil. Thug an taighde le fios chomh maith gur cuireadh bac leis an rannpháirtíocht de bharr dhearcadh na scoile maidir le seomraí feistis a úsáid de réir ghnéas an duine ag am a b(h)reithe.

Baineann fisiciúlacht agus teagmháil le cluichí éagsúla ar nós rugbaí, sacair agus cluichí CLCG. Tharlódh má sea go mba ghá do scoileanna machnamh ar chásanna ar leith ceann ar cheann. Ba cheart do gach aon

scoil freastal ar na daltaí agus iad a spreagadh chun a bheith páirteach gan aon bhac ins an spórt a bhfuil suim acu féin ann agus a bheith páirteach ann de réir mar a oireann dá n-inscne féin. Caithfear aire a thabhairt do shábháilteacht an imreora, go háirithe nuair a bhíonn an dalta, nó an fhoireann ar a bhfuil an dalta in iomaíocht ar ard-chaighdeán. Sna cásanna seo b'fhéidir go mbeadh ar an scoil gach aon chás a iniúchadh ceann ar cheann. Tá fáil ar acmhainn úsáideach ar líne ina bhfuil carn polasaithe agus a thagraíonn do an-chuid spórt. 'Sé www.transathlete.com an URL don suíomh gréasáin seo.

Ba cheart go mbeadh cead ag daltaí trasinscneacha éadaí spóirt a chaitheamh a bhíonn oiriúnach dá n-inscne roghnaithe i gcásanna go mbíonn éadaí spóirt bunaithe ar inscne in úsáid ag scoileanna. B'fhéidir go mbeidh ar scoileanna áirithe smaoineamh ar na héadaí snámha a chaitheann daltaí a fhaigheann ceachtanna snámha nó a

dheánann gníomhaíochtaí eile uisce. Toisc go léiríonn na héadaí seo nádúr an choirp ba chóir an rogha éadaí atá ann a phlé roimh ré chun fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint. Is féidir mar shampla cultacha snámha le sciorta, brístí scaoilte nó cultacha gearra uisce a úsáid chomh maith. Feic an mhír roimhe seo 4.4.4 chun a thuilleadh eolais a fháil.

4.4.6 Leithris agus seomraí feistis

Ba chóir go mbraithfeadh gach dalta go bhfuil sábháilteacht agus tacaíocht ar fáil nuair a úsáidtear na leithris agus na seomraí feistis. Ba cheart go mbeadh daltaí trasinscneacha in ann leithreas agus seomraí feistis a úsáid a oireann dá n-inscne roghnaithe. Má athraíonn daltaí a n-inscne fad is bhíonn siad ar scoil ba cheart go rachadh duine den fhoireann tacaíochta nó a choibhéis i gcomhairle leo féachaint cad é a ndearcadh i leith an scéil seo. Ba cheart go dtagródh an plan athraithe (feic mír 4.5.3) don leithreas agus do na seomraí feistis. Tharlódh go mbeadh sé tábhachtach go mbeadh fáil ar leithreas nach mbaineann le hinscne agus an t-athrú inscne ar siúl. Dob fhéidir teacht ar na leithris seo tré leithreas atá in úsáid ag daoine faoi mhíchumas a oscailt ach iad a athainmniú mar leithreas/seomra feistis neodrach.

Beidh roinnt daltaí trasinscneacha sásta agus roinnt eile míshásta leis seo. Ba cheart má sea rogha eile atá sábháilte agus oiriúnach a chur ar fáil más féidir, mar shampla an leithreas ilghnéasach más féidir. Ní cóir go gcuirfí leithreas na foirne ar fáil.

Is iad an leithreas agus na seomraí feistis na hábhair is mó a chothaíonn plé i dtaobh na ndaltaí trasinscneach. Seans go mbeadh mhíshuaimhneas ar dhaltaí eile agus ar a muintir toisc go bhfuil dalta trasinscneach ag úsáid leithris nach bhfuil ar fáil ach do ghnéas amháin. B'fhéidir gurb é is cúis leis

an mhíshuaimhneas seo ná tuairim atá gan bhunús go mbeadh iompar mí-oiriúnach ar siúl ag an dalta trasinscneach. Ní haon chúis é seo bac a chur leis an dalta an áis a úsáid. Tá sé tábhachtach mar sin féin go bpléifí an mí-shuaimhneas agus go gcothófaí tuiscint ar cad is féiniúlacht inscne ann. Sa tslí seo cruthaítear cultúr scoile ina bhfuil meas ar na daltaí go léir agus ina gcuirtear cosc le bulaíocht atá trasfóbach.

4.5 SOCRUITHE TACAÍOCHTA

Bíonn ról lárnach ag foireann tacaíochta an dalta agus iad ag cur tacaíocht chuí ar fáil dóibh siúd a bhfuil sé uathu.

4.5.1 Oiliúint na foirne

Is léir anois go bhfuil bearna eolais ann i measc an phobail i gcoitinne agus ina measc siúd a oibríonn i ranna oideachais agus sláinte. Tuigtear é sin anois toisc go bhfuil daoine trasinscneacha níos sofheicthe ná mar a bhí agus toisc go bhfuil ceisteanna á bplé anois maidir leis an eispéireas a bhíonn ag daoine trasinscneacha nuair a thugann siad féin aitheantas dá n-inscne roghnaithe. Tá ceangal idir an-chuid de na deacrachtaí a bhíonn ag daoine trasinscneacha agus an easpa tuisceana atá ann. Is fuirist an fhadhb

Tá scoil mhór ann a chruthaigh leithris atá neodrach in áit faoi leith sa scoil. Tá cead ag aon dalta iad a úsáid. Sa tslí seo ní aithnítear éinne thar a chéile nuair a úsáideann siad na leithris sin.

seo a sheachaint ach cláracha spriocdhírthe atá curtha le chéile go proifisiúnta a chur ar fáil.

Feidhmíonn An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil agus Tacaíocht do Mhúinteoirí faoi chúram na Roinne Oideachais agus Scileanna agus cuireann siad deiseanna oideachais ar fáil do mhúinteoirí OSPS. Pléann siad claonadh gnéis agus féiniúlacht inscne. Is baill lárnacha de fhoirne tacaíochta na ndaltaí iad na comharordaitheoirí OSPS. Chomh maith leis sin tá dornán beag eagraíochtaí seachtracha ann a bhfuil ar a gcumas na sainriachtanais oiliúna i scoil a aithint agus tacú leo (feic mír 8). Ar a laghad is féidir le foireann na scoile a gcuid eolais féin ar fhéiniúlacht inscne agus ar nithe eile a bhaineann leis a mhéadú. Déantar é sin tré dhul i dtaithí ar an téarmaíocht agus an fhaisnéis chúlra a chuireann síos ar dhaoine óga trasinscneacha (Féadfar eolas den saghas seo a fháil ó eagraíochtaí atá luaite i mír 8).

4.5.2 Oideachas daltaí

Tuigtear go dtarlaíonn ciapadh agus bulaíocht thrasfóbach do dhaoine óga atá LADT agus go dtarlaíonn sé laistigh agus lasmuigh den scoil. Dá bhrí sin ní foláir oideachas a chur ar gach aon dalta i dtaobh na nithe éagsúla a bhaineann le bheith trasinscneach (Higgins et al, 2016 agus Maycock et al 2009). Moltar dul i ngleic

leis seo tré shlí atá imeasctha agus atá laistigh den churaclam. Anuas air sin moltar ceachtanna faoi leith a bheith ann chomh maith agus tá siad san le fáil san acmhainn *Growing up Lesbian, Gay, Bisexual, and Transgender: A Resource for SPHE and RSE* (An Roinn Oideachais agus Scileanna et al, 2011).

4.5.3 Athrú Inscne – ag ullmhú chuige

Nuair a chuireann daltaí in iúl go dteastaíonn uathu freastal ar scoil ina n-inscne roghnaithe féin moltar go gcumfaí plean chun an próiseas athruithe seo a chur i gcrích. Caithfidh an plean seo a bheith de réir a dtola agus caithfidh sé freastal ar a gcuid riachtanas agus a gcuid tosaíochtaí. Ba cheart go mbeadh an plean chun an inscne a athrú leagtha amach ag an dalta, agus ag duine den fhoireann tacaíochta nó ag duine eile mar é. Ba cheart go mbeadh na daltaí ar a suaimhneas i dteannta an duine sin; bheadh daoine mar seo oiriúnach b'fhéidir: an múinteoir ranga, an ceann bliana, an comhairleoir treoghairme nó an séiplíneach. Chomh fada agus is féidir ba cheart go mbeadh baint ag na tuismitheoirí/caomhnóirí leis an scéal agus an plean á leagadh amach.

Ba cheart go leagfadh amach an plean go cruinn agus go cúramach conas a thabharfar aghaidh ar gach aon ghné den scéal. Cuirfear san áireamh an tréimhse chinnte ina dtarlóidh gach aon athrú. B'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach teacht ar shaineolaí trasinscneach ó eagraíocht sheachtrach agus go dtabharfaí cuireadh dó/di cabhrú leis an dalta agus leis an scoil an plean seo a chumadh agus a chur chun cinn (feic mír 8). Tá sé tábhachtach chomh maith go machnófaí ar conas a chuirfear an scéal in iúl do phobal na scoile i dtreo is go gcoiscfear bulaíocht thrasfóbach.

Nuair a lorgaíonn dalta tacaíocht ón scoil don athrú inscne, 'sí an phríomhaidhm ná leas agus folláine an dalta. Is féidir gach rud eile a réiteach tré phlé, comhoibriú agus samhlaíocht.

Sonraí sainiúla do phlean athruithe i gcomhthéacs scoile

Tá na pointí seo a leanas beag beann ar chur le chéile an phlean ach mar sin féin ní cóir faillí a dhéanamh iontu:

1. Conas a réitíonn an plean seo le polasaithe agus gnásanna iomchuí na scoile agus go háirithe leis an mbeartas Frithbhulaíochta agus an Cód Iompair.
2. Mar a chuirfear an scéal in iúl do phobal na scoile. Tá an méid seo tábhachtach chun cosc a chur le bulaíocht agus chun timpeallacht agus cultúr dearfach a chruthú sa scoil.
3. An bhfuil sé riachtanach tuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí eile a chur ar an eolas
4. Dáta an athraithe, i.e. an chéad lá a bheidh an dalta san inscne athraithe, úsáid an ainm agus an fhorainm. An dalta féin go príomha a roghnóidh an dáta.
5. An plean a bheith réamh-ullmhaithe maidir leis an leithreas agus an seomra feistis.
6. Déan socrúithe roimh ré go cuirfear na hathraithe a bhaineann leis an ainm i bhfeidhm ar lá an athraithe i dtreo is mbeidh an t-ainm a roghnaíodh ar leathanaigh na rollaí, ar na taisceadáin agus ar na suaitheantais.
7. Mar a chuirfear an scéal in iúl do bhaill an ranga agus do dhaltai eile. Roimh an bhfógra b'fhéidir gur mhiste leis an dalta labhairt le comhscoláirí áirithe duine ar dhuine chun an scéal a mhíniú.
8. Na socrúithe atá déanta chun oideachas a chur ar an bpobal i gcoitinne.
9. Cad iad na socrúithe atá déanta maidir le hoideachas/le hoiliúint na foirne.
10. Mar a leanfar an cód a bhaineann leis an gculaith scoile, má bhaineann sin le hábhar.

4.5.4 Ag athrú scoile

Cruthaítear tús nua nuair a athraíonn duine go scoil eile agus b'fhéidir go roghnóidh duine óg trasinscneach an t-am seo chun an t-athrú a dhéanamh go dtí an inscne roghnaithe. Bíonn gá le machnamh anseo agus bíonn dea-chumarsáid idir an chéad scoil agus an scoil nua tábhachtach. Ba chóir go gcuirfí an dalta i dteagmháil leis an bhfoireann tacaíochta nó a coibhéis sa scoil nua. Bíonn gá le cumarsáid chruinn le muintir an dalta agus leis an dalta féin. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtuigfí dearcadh an dalta i leith na rúndachta sa scoil nua. Is fearr le roinnt daltaí gan a bhféiniúlacht inscne a thaispeáint agus níl uathu ach teacht i láthair ina n-inscne nua.

4.5.5 Athrú inscne i scoil aonghnéis

Ar an gcéad amharc ba dhóigh le duine go mbeadh sé níos casta tacaíocht a thabhairt do dhaltai trasinscneacha i scoileanna aonghnéis (scoileanna cónaithe san áireamh) ná i scoileanna comhoideachais. In ainneoin sin tá líon na scoileanna aonghnéis a thugann tacaíocht ag dul i méid. Tabharfar samplaí thíos ar conas mar a chuaigh dhá scoil i ngleic leis an scéal seo.

‘Sí an phríomhaidhm ná sábháilteacht agus tacaíocht an dalta a dheimhniú, is cuma cén saghas scoile í. Ní foláir na daltaí a bheith saor ó chiapadh agus ó thromaíocht agus ní foláir go mbeadh ar a gcumas a mbuaic phointe oideachais a shroichint.

Is féidir fanacht i scoil aonghnéis agus an inscne athrú. Ní athrófar stádas na scoile aonghnéis má leanann dalta trasinscneach ag freastal uirthi, fiú agus inscne an dalta sin éagsúil le hinscne na ndaltaí eile.

ANAILÍS SCÉIL: ATHRÚ INSCNE I SCOIL AONGHNÉIS

Tá a bhfuil thíos bunaithe ar ar tharla i scoil aonghnéis in Éirinn. Thángthas ar chinneadh tar éis plé a bheith ann idir an bheirt dalta, a dtuismitheoirí, an príomhoide scoile agus an comhairleoir treoghairme. Bhí tacaíocht ar fáil ó eagraíochtaí seachtracha. Chun an t-aitheantas a chosaint ní luaitear aon ainm agus tá an dá scéal curtha i láthair in aon chuntas amháin.

CÚLRA

Tháinig an príomhoide ar an eolas go raibh an dalta trasinscneach sa chéad bhliain den tsraith shinsearach. Bhí an dalta seo faoi chúram na foirne tacaíochta ar chúiseanna eile

- Tháinig an dalta chuig an bpríomhoide le hiarratas a bhain leis an gculaith scoile. Ag an bpointe seo ní raibh aon bhaint ag na tuismitheoirí leis an scéal. Sa chomhrá leis an dalta toilíodh go mbeadh na tuismitheoirí páirteach sa scéal.
- A thúisce a bhí na tuismitheoirí páirteach sa scéal bhuail an príomhoide leo go minic agus thoiligh gach éinne le cibé athrú a tharla. I gcomhthéacs na scoile aonghnéis bhí an príomhoide buartha maidir le socruithe praiticiúla, mar shampla an chulaith scoile. Go bunúsach b'iad an dalta agus na tuismitheoirí a threoraigh an méid a tharla ina dhiaidh sin agus b'iad a shocraigh an t-am agus an modh oibre a ghlac an scoil chuici féin.

CULAITH SCOILE:

Ta culaith chorpoideachais ag an scoil a bhfuil cuma ilghnéasach uirthi. Toilíodh go gcaithfeadh an dalta an chulaith seo ar bhonn laethúil

LEITHRIS AGUS SEOMRAÍ FEISTIS:

Tá áis leithris faoi leith ag an scoil agus glacadh leis go n-úsáidfeadh an dalta an leithreas seo. D'úsáidfí an áit chéanna mar sheomra feistis nuair ba ghá. B'é seo an cinneadh ab fhearr a shásaigh an dalta.

AINM AGUS FORAINM:

Glacadh leis go n-úsáidfeadh an scoil ainm agus forainm nua, faoi mar ba mhian leis an dalta.

AG DÉILEÁIL LE DALTAÍ EILE:

Bhí na tuismitheoirí ar aon tuairim leis an scoil nuair a moladh go bhfanadh an dalta sa bhaile ar an lá a labhródh múinteoirí ranga na bliana sin leis na daltaí eile agus nuair a mhíneoidís na hathraithe a tharlódh. Toisc go raibh an dalta as láthair b'fhéidir na daltaí eile a spreagadh chun ceisteanna a chur go neamhbhalbh. Chreid an scoil go raibh an chéim seo tábhachtach chun tuiscint agus comhbhá a chothú agus chun go gcoiscfí bulaíocht thrasfóbach.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACH- CHURACLAIM AGUS IDIRGHNÍOM- HAÍOCHTAÍ LE SCOILEANNA EILE AONGHNÉIS

I rith na scoil bhliana tharla go raibh gníomhaíocht thar oíche ag an scoil agus ba ghá comh-lóistín a chur ar fáil. Faoi mar a bhí ag tarlú go dtí seo agus le cead ó na tuismitheoirí cuireadh in iúl don Ionad a bhí i gceist go mbeadh dalta trasinscneach ag fanacht ann. Deineadh an méid seo chun a dheimhniú go mbeadh an tIonad ar an eolas go huile is go hiomlán dá dtarlódh aon fhadhb fad is a bhí siad ann. Tharla plé idir an dalta agus na tuismitheoirí agus glacadh leis go bhfanadh sé sa chomh-lóistín

Bíonn teacht le chéile bliantúil ag an scoil seo le scoil aonghnéis chontrártha eile. Nuair a chuir an dalta é féin i láthair ina inscne roghnaithe tharla deacrachtaí áirithe. D'iarr an príomhoide ar an gcomhairleoir treoghairme labhairt go cáiréiseach leis na daltaí sa scoil eile. Agus an méid sin déanta níor tharla aon deacracht ar aon cheann eile de na hidirghníomhachtaí. Sa chomhthéacs seo tuigeadh go raibh an chumarsáid thar a bheith tábhachtach chun timpeallacht agus cultúr dearfach a chothú sa scoil agus chun bulaíocht thrasfóbach a chosc.

NUAIR A FHANANN DALTA SA SCOIL AONGHNÉIS:

Agus an méid seo á scríobh bheartaigh dalta amháin fanacht sa scoil aonghnéis seo. Is é dearcadh na scoile ná nuair a chláraigh an dalta sa scoil bhí an dalta i dteideal a bheith sa scoil de réir an teastais breithe. 'Sé dearcadh an phríomhoide mar sin ná go bhfuil an scoil freagracht as an dalta seo, fiú tar éis an athrú shóisialta. Más mian leis an dalta fanacht sa scoil tar éis an athraithe freastalófar ar na riachtanais agus tabharfaidh an fhoireann tacaíocht más gá.

NUAIR A BHEARTAÍONN AN DALTA AN SCOIL AONGHNÉIS A FHÁGANT:

Agus an méid seo á scríobh bhí an baol ann go mb'fhéidir go rachadh an dara dalta go scoil eile. B'é dearcadh na scoile ná a freagracht a léiriú tré dheimhin a dhéanamh de go raibh fáil ag daltaí ar oideachas má fhágann siad an scoil. Sa sampla seo lean an treoirchomhairleoir sa scoil aonghnéasach ar aghaidh lena chuid tacaíochta cé go raibh an dalta tar éis an scoil a fhágaint. Is é tuairim na scoile ná go leanfar leis an tacaíocht seo nó go bhfaighidh an dalta áit eile i ionad oideachais nó i scoil atá oiriúnach.

CEISTEANNA MÚSCAILTE AG AN SCOIL GURBH FHIÚ MACHNAMH ORTHU AMACH ANSEO:

Tar éis an t-eispéireas thuas a bheith acu mhachnaigh ceannairí na scoile ar an scéal i gcomhthéacs na bpolasaithe agus na ngnásanna a bhí acu. D'aithin an dul siar seo ceisteanna gur fiú machnamh orthu chun cur le timpeallacht agus cultúr dearfach na scoile i measc na ndaltaí go léir, go háirithe ós rud é go bhfáiltítear roimh eágsúlacht agus ilghnéitheacht agus go gcoiscítear bulaíocht atá homafóbach agus trasfóbach.

Gníomhaíochtaí seach-churaclam:

D'aithin na ceannairí scoile agus iad ag féachaint siar ar roinnt de na gníomhaíochtaí seach-churaclam a bhí ar fáil sa scoil go raibh béim inscneach ag baint le cuid díobh. Thuig an scoil seo gur deineadh talamh slán de go mbeadh na gníomhaíochtaí seo taitneamhach de bharr go raibh siad bunaithe ar inscne murab ionann is a bheith bunaithe ar an rud atá tarraingteach do na daltaí. Mar shampla cuireadh an iomad béime ar na healaíona murab ionann is ar chúrsaí spóirt; díreach faoi mar a tharlódh i scoil bhuachaillí nuair a bheadh an bhéim ar chúrsaí spóirt. Bheartaigh an scoil seo ar athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar conas mar a chuirtear i láthair iad chun a dheimhniú go meallfaí oiread daltaí agus is féidir.

Gaol rómansúil a bheith idir daltaí:

D'aithin an scoil seo bearna ina gcuid polasaithe maidir le gaol rómansúil a bheith idir daltaí. Amach anseo b'fhéidir go lorgóidh siad samplaí ó scoileanna eile; mar shampla tá beartas mar seo ag roinnt scoileanna comhoideachais agus sa chomhthéacs seo leanann gach éinne é, bíodh an gaol heitrichnéasach nó homaighnéasach.

ANAILÍS AR CONAS A DHEIGHLEÁIL SCOIL LE SCÉAL NUAIR BHÍ DEARCADH NA DTUISMITHEOIRÍ AGUS DEARCADH AN DALTA BUN OS CIONN LENA CHÉILE.

Uaireanta ní thugann na tuismitheoirí tacaíocht nuair is mian le daltaí inscne a athrú fad is a bhíonn siad ar scoil. Feictear sampla den méid seo thíos agus tugtar tuairisc ar dhearcadh na scoile ina leith.

Tharla gur thug príomhoide i scoil aonghnéasach tacaíocht do dhalta ar a raibh fonn athrú sóisialta a dhéanamh ar scoil agus é ag úsáid a ainm agus a fhorainm roghnaithe.

- Le tamall roimhe sin bhí tacaíocht bhreise á fáil ag an dalta de bharr cúinsí pearsanta. Níorbh eol d'éinne ag an am go raibh an dalta trasinscneach.
- Seoladh an dalta go dtí an príomhoide roinnt babhtaí de bharr neamhláithreachta. Tharla lá gur fhiosraigh an príomhoide an scéal níba dhoimhne agus tháinig an dalta amach mar dhalta trasinscneach agus dúirt go mba mhian leis go dtabharfaí aitheantas dá ainm agus dá fhorainm roghnaithe.
- Dheimhnigh an príomhoide don dalta go mbeadh an scoil chomh tacúil agus ab fhéidir. Ins an comhrá sin d'fhiafraigh an príomhoide conas mar a bhí cúrsaí ag baile. Dúradh nár thug ceachtar dá

thuismitheoirí tacaíocht dá fhéiniúlacht inscne agus go raibh easaontas agus teannas nach beag sa bhaile. Dhearbhaigh an príomhoide go dtabharfadh sí tacaíocht ach d'iarr sí air fanacht nó go labhródh sí lena thuismitheoirí. Threoraigh sí an dalta chuig an treoirciomhairleoir le haghaidh tacaíochta.

- Chuaigh an príomhoide i gcomhairle le heagraíochtaí seachtracha, Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) san áireamh. 'Sé an moladh a fuarthas ná gur faoin mBord Bainistíochta a bhí an cinneadh ach moladh go rachfaí i gcomhairle leis an dalta agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Phléigh an fhoireann shinsearach conas ab fhearr leas an dalta a choimeád i gcroí lár aon chinnidh a deineadh de réir aon pholasaí sonrath. Bhí an fhoireann, mar aon leis an bPatrún sásta go dtabharfaí réiteach don dalta agus dá thuismitheoirí. Sa chás seo b'é an réiteach ná:
 1. Déan de réir an dalta agus úsáid an t-ainm agus an forainm roghnaithe ins an idirghabháil laethúil a tharlaíonn ar scoil.
 2. Déan de réir na dtuismitheoirí agus ná hathraigh an t-ainm ar chlár na scoile.
- Tugadh am machnaimh do na tuismitheoirí i dtaobh na moltaí seo agus tar éis cúpla lá chuir siad in iúl don scoil go raibh siad sásta leo. D'aontaigh an príomhoide agus na tuismitheoirí ar conas é seo a léiriú don dalta. Cuireadh an méid sin in iúl go hoifigiúil don dalta aghaidh ar aghaidh agus i bhfoirm litreach. Tá tacaíocht fós á tabhairt ag an scoil don dalta.
- Tugadh oiliúint ghinearálta don bhfoireann go léir (múinteoirí, rúnaithe agus feighlithe san áireamh) agus d'ionadaithe ón mBord Bainistíochta. Cuireadh gach éinne ar an eolas i dtaobh an scéil. Réitíonn an méid sin go léir le beartas frithbhulaíochta na scoile chun cosc a chur le bulaíocht thrasfóbach.

5. NA RÓIL LÁRNACHA A THUGANN TACAÍOCHT DO DHALTAÍ LADT

5.1 RÓL NA BPRÍOMHOIDÍ AGUS NA GCEANNAIRÍ EILE SCOILE

Tá dualgais nua ar phríomhoidí agus ar cheannairí scoile ó d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Gnásanna Frithbhulaíochta. Caithfear aghaidh a thabhairt ar bhulaíocht atá homafóbach agus trasfóbach agus tá tábhacht faoi leith anois ag baint leis sin. Tá ag éirí go maith le mórán ceannairí tabhairt faoin dúshlán a éilíonn go bhfuil sábháilteacht, tacaíocht agus dearbhú ar fáil sna scoileanna do gach éinne, daltaí LADT san áireamh.

Tá ról lárnach ag príomhoidí agus ag ceannairí eile scoile deimhin a dhéanamh de go bhfuil dearcadh dearfach sa scoil a thaispeánann nach bhfuil bulaíocht inghlactha.

Tabharfaidh mórán dá bhfuil i míreanna eile san acmhainn seo tacaíocht do phríomhoidí maoirseacht a dhéanamh ar chruthú an pholasaí seo; beidh ar a gcumas tacaíocht

a thabhairt dóibh siúd a sholáthraíonn oideachas éifeachtach agus beartais chun bulaíocht a chosc, agus cabhróidh sé leo plé le Boird Bhainistíochta agus le tuismitheoirí/caomhnóirí.

5.1.1 Ag obair le tuismitheoirí/caomhnóirí

Tá ról agus dualgas faoi leith ag tuismitheoirí/caomhnóirí cabhrú leis an scoil cosc a chur le bulaíocht agus dul i ngleic léi má tá sí bainteach leis an scoil. Ní foláir dóibh chomh maith déileáil le haon drochthoradh ar scoil a eascraíonn as bulaíocht a tharla in áit ar bith eile. Tá an ról lárnach seo le feiceáil i ngnásanna frithbhulaíochta na Roinne i mír 6.8.9 (v) a deireann “ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon imscrúdú agus cabhrú leis an scoil aon cheist bhulaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe atá bainteach leis an mbulaíocht a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta sin”.

5.1.2 Tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí LADT

Uaireanta bíonn sé deacair do thuismitheoirí/caomhnóirí plé le cúrsaí a bhaineann le gnéasacht agus le hinscne. Is fíor é seo go háirithe má tá an páiste leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinscneach. Glactar leis go mbíonn imní ar na tuismitheoirí/caomhnóirí ó thaobh na sábháilteachta de ar eagla go ndéanfaí bulaíocht agus scoiteachas ar na daltaí ar scoil. Tharlódh go ndéanfadh sé leas na scoile an scéal a

Tá ról lárnach ag an bpríomhoide nuair a bhítear ag plé le bulaíocht. Soláthraíonn sé/sé ceannaireacht don fhoireann agus do na daltaí nuair a chruthaítear agus nuair a chuirtear i bhfeidhm fíis scoile a ghlacann le hilghnéitheacht agus a thaispeánann ómós di.



phlé leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus Polasaí Frithbhulaíochta na Scoile agus an Cód Iompair á gcruthú agus á gcur chun cinn. Mara bhfuil aithne ag an bpríomhoide ar thuismitheoirí/chaomhnóirí mar seo b'fhéidir le Cumann na dTuismitheoirí an t-imní seo a mhaolú tré shuirbhé a dhéanamh ar thuismitheoirí uile na scoile

5.1.3 Tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí eile

Bíonn eagla ar a lán príomhoidí go bhfaighidís droch fhreagairt ó thuismitheoirí/chaomhnóirí nuair a phléitear ar scoil cúrsaí a bhaineann le claonadh gnéis nó le féiniúlacht inscne. Éilíonn an Roinn ar gach aon scoil straitéisí a bheith acu a chuireann cosc le bulaíocht de gach aon saghas, bulaíocht homafóbach agus trasfóbach san áireamh. Cothaíonn an méid seo réasúnaíocht chun an curaclam atá ann a chur ar fáil laistigh de ha hábhair OSPS agus OCG. Is den riachtanas é go ndíríonn straitéisí

a chuireann cosc le bulaíocht a n-aird ar chothú an omóis agus na tuisceana don éagsúlacht agus don ilghnéitheacht, claonta gnéis agus féiniúlachtaí inscne san áireamh.

Beidh sé de cheart ag tuismitheoirí/caomhnóirí i gcónaí a bpáiste a thógaint as aon rang má tá agóid acu in aghaidh a bhfuil sa cheacht. Má lorgaítear a leithéid ba cheart go meabhródh an príomhoide do na tuismitheoirí/caomhnóirí sin go bhfuil sé de dhualgas ar an scoil Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne a chur i bhfeidhm agus nach mór don scoil straitéisí oideachais agus coiscthe a chur chun feidhme chun nach dtarlódh bulaíocht a bheadh bunaithe ar fhéiniúlacht, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach. Tharlódh go mbeadh na pointí seo a leanas úsáideach mar thaca in aon chomhrá le baill foirne nó le tuismitheoirí/caomhnóirí

.....

Eolas maidir le hoideachas scoilbhunaithe agus beartais choiscthe chun dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach. Tharlódh go mbeadh an t-eolas seo úsáideach le haghaidh comhráití le tuismitheoirí/caomhnóirí agus/nó le foireann na scoile.

.....

Ní foláir do scoileanna an Polasaí Frithbhulaíochta a chur chun feidhme. Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna in iúl i Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna go ceanglaítear ar an mBord Bainistíochta deimhin a dhéanamh de go ndírítear aird ar an bpolasaí frithbhulaíochta go rialta agus go gcuirtear chun cinn é ar fud na scoile; agus go ndíreofaí aird na ndaltaí nua agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí air chomh maith.

Tá nasc idir cleachtas na scoile agus dlíthe is polasaithe. Tá cúpla dlí lárnach ann a rialaíonn a bhfuil de dhualgas ar scoileanna a dhéanamh; tá an tAcht Oideachais (1998) agus an tAcht Oideachais (Leas) (2000) uileghabhálach agus tá comhionannas ar fáil sna hAchtanna um Stádas Comhionann (2000 go 2012). Is den riachtanas é go n-ullmhaíonn scoileanna Cód Iompair, mar aon le polasaithe eile. Leagann na polasaithe seo amach na caighdeáin iompair lenar gá do na daltaí cloí. Tá sé de dhualgas ar an scoil dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach ina gcuid polasaithe frithbhulaíochta. Anuas air sin tá sé de dhualgas orthu straitéisí oideachais agus

tosca cosantacha a chur chun cinn chun dul i ngleic leis an mbulaíocht agus í a chosc. Tugtar an Cód Iompair do thuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí nua sara gcláraítear na páistí sa scoil.

Is codanna nádúrtha den fhéiniúlacht dhaonna iad claonadh gnéis agus féiniúlacht inscne. Leanann daoine óga leispiacha, aeracha agus déghnéasacha na dúshlán chéanna agus na bóithrínn céanna a leanann a macasamhail heitrichnéasacha. Is minic a bhíonn constaicí breise le sárú ag daoine óga atá trasinsneach sara nglacann daoine eile lena n-inscne roghnaithe agus sara bhfreastalaítear orthu. Chomh maith leis sin ní mór do dhaltáí LADT déileáil le dearcadh diúltach, leatrom agus ciapadh a dhírítear ar mhuintir LADT. Ní foláir don scoil timpeallacht agus cultúr dearfach a chothú a fháiltíonn roimh an éagsúlacht agus choisceann bulaíocht homafóbach agus trasfóbach. Tharlódh nach dtiocfadh duine óg amach nó nach lorgófaí cabhair toisc eagla roimh an ionsaí. Cruthóidh dearcadh agus cultúr dearfach scoile timpeallacht oiriúnach le haghaidh tacaíochta do dhuine LADT a thiocfadh leis/léi teacht amach, dá mba mhaith leis/léi.

Teastaíonn óna lán tuismitheoirí dul i ngleic go dearfach le gnéasacht. Léiríonn taighde an meas atá ag tuismitheoirí ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) (Maycock et al, 2007). Taispeánann taighde eile gur cheap formhór mór na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí (82%) gur ceart ceisteanna ar nós claonadh gnéis a phlé, agus cheap 90% de na tuismitheoirí/caomhnóirí gur ceart aghaidh a thabhairt sa scoil ar an dearcadh diúltach atá ann i leith muintir LADT (Gleeson & McCormack, 2010)

Déanann oideachas agus straitéisí coiscthe leas gach éinne. ‘Sé is dóichí ná go bhfuil daltaí LADT i ngach aon scoil agus i ngach aon rang, fiú mara bhfuil siad amach. Is fadhbanna tromchúiseacha iad bulaíocht homafóbach agus trasfóbach mar aon le maslaí frith-aeracha agus cuireann siad isteach go mór ar dhaltaí LADT. Cuireann siad isteach chomh maith ar dhuine a meastar atá éagsúil agus ar a ndírítear an cineál seo bulaíochta. Déanann sé leas an uile-dhuine ar scoil nuair a chuirtear cuimsiú agus ómós chun cinn agus nuair a phléitear ceisteanna a bhaineann le claonadh gnéis, féiniúlacht inscne agus bulaíocht homafóbach is trasfóbach.

Tá gá ag scoileanna le tacaíocht ó tuismitheoirí/chaomhnóirí. Ní theastaíonn ó aon tuismitheoir/chaomhnóir go ndéanfaí tromaíocht ar a p(h)aiste nó go mbeadh aon bhaint ag an bpáiste le hiompar bulaíochta. Tá tacaíocht agus plé na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ríthábhachtach

chun tacú leis an scoil agus í ag comhlíonadh a dualgas dlíthiúil agus í ag díothú gach aon saghas bulaíochta.

Caithfear gach aon imní a phlé. B’fhéidir go mbeadh imní ar roinnt tuismitheoirí/chaomhnóirí i dtaobh tograí chun dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach. B’fhéidir go mbeadh eagla orthu go molfaí dóibh a bheith leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach (LADT). Ba cheart do cheannairí scoile a chur ina luí ar na tuismitheoirí/chaomhnóirí sin go ndíríonn straitéisí um chosc le bulaíocht homafóbach is trasfóbach ar thuiscint agus comhbhá a chothú agus ar thacú leis na daltaí go léir. Ní féidir le straitéisí oideachais den gcineál sin duine LADT a dhéanamh de dhuine nach bhfuil LADT.



5.1.4 Cineálacha éagsúla teaghlaigh

Tá fhios ag ceannairí scoile go bhfuil athrú mór tagtha ar chineálacha teaghlaigh le tamall. Mar aon leis an ngnáth theaghlach ina bhfuil máthair, athair agus páistí, tuigeann formhór na scoileanna anois go bhfuil cineálacha éagsúla teaghlaigh ann a thuilleann meas. Ina measc siúd tá:

- Teaghlaigh aontuismitheora (máthair nó athair)
- Teaghlaigh tras-ghluíne (duine nó beirt de na sean tuismitheoirí mar phríomh-chúramóirí)
- Socruithe leasteaghlaigh (tugtar teaghlaigh chumaisc orthu uaireanta)
- Teaghlaigh altrama
- Beirt thuismitheoirí/chaomhnóirí den inscne céanna
- Siblínní ó theaghlaigh éagsúla (faoi mar atá sna teaghlaigh chumaisc)
- Teaghlaigh nach gcónaíonn na tuismitheoirí/caomhnóirí le chéile
- Daoine óga faoi chúram an stáit
- Páistí le tuismitheoirí uchtála

Tá sé tábhachtach go bhfaigheadh cúlra teaghlaigh chuile dhalta aitheantas, ómós agus dearbhú. Déanann a leithéid leas na ndaltaí agus cuirfidh sé lena gcumas amach anseo tairbhe iomlán a bhaint as an oideachas a cuireadh orthu. Tá an teanga a úsáideann an scoil agus an

Tá dearbhú a bhfuil géarghá leis ar fáil i ráitis den chineál seo thíos: i gcúrsaí fostaíochta nó i gcúrsaí ardú céime ní dhéanfar aon leatrom ar bhall den bhfoireann ar chúis ar bith, bíodh claonadh gnéis ann nó ná bíodh.

t-ómós a thaispeántar do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do struchtúir na dteaghlach fíor-thábhachtach do bhraistint chomhfhuintearais an duine óig. Cuirtear an méid seo in iúl:

- Tré theanga uileghabhálach a úsáid in aon chumarsáid a bhaineann le cúrsaí baile, bíodh an chumarsáid sin i bhfoirm scríbhinne nó béil
- Tré ainmneacha na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí/ nó na gcúramóirí aitheanta a úsáid i litreacha a sheoltar abhaile
- Meas a chothú do chineálacha difriúla teaghlaigh, mar shampla tré dheimhin a dhéanamh de go bhfuil fáil ar leabhair éagsúla a léiríonn na cineálacha difriúla teaghlaigh sin.

5.1.5 Caidreamh idir daltaí

Go minic le teacht na hógántachta bíonn an chéad chaidreamh rómansúil ag daoine óga agus 'sé an scéal céanna é ag daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha. Go minic bíonn ar cheannairí scoile déileáil le ceisteanna difriúla a bhaineann le caidrimh rómánsúla idir daltaí.

Is minic a bhíonn ar cheannairí scoile déileáil go díreach le caidrimh comhghnéis ag rincí a tharlaíonn ag deireadh na tréimhse scoile nó ag ócáidí sóisialta eile. Tarlaíonn an méid seo nuair a bhíonn fonn ar dhuine óg cuireadh don ócáid a thabhairt do dhuine den inscne céanna. Beidh scoileanna atá tugtha do dhearcadh agus do chultúr dearfach agus a ghlacann chucu féin an éagsúlacht agus an ilghnéitheacht, ullamh don tarlú seo.

Is leis an scoil amháin a bhaineann polasaithe scoile maidir le caidreamh comhghnéis nó caidreamh idir buachaill is cailín. B'fhéidir dul i gcomhairle le múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, lucht bainistíochta agus daltaí

Beidh scoileanna atá tugtha do dhearcadh agus do chultúr dearfach agus a ghlacann chucu féin an éagsúlacht agus an ilghnéitheacht, ullamh don am nuair a bheidh caidreamh idir daltaí.

agus ansin nithe den saghas seo a chur ar fáil sa bheartas ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta nó i gCód Iompair na scoile.

5.1.6 Baill foirne atá LADT

Tá scoileanna atá tugtha do dhearcadh agus do chultúr dearfach na ndaltaí LADT chomh tugtha céanna do gach éinne laistigh de phobal na scoile atá LADT, múinteoirí agus baill foirne eile san áireamh. Deimhneoidh cultúr agus éiteas na scoile a oscailte is a bheidh gach éinne maidir lena s(h)aol pearsanta féin. Taispeántar ins an taighde a deineadh ar mhúinteoirí LADT go mbraitheann siad teoranta maidir lena bhfonn ar a bheith oscailte sa seomra foirne i dtaobh nithe pearsanta toisc gur cúis imní dóibh a seasmhacht nó a ndúl chun cinn sa phost (Neary, 2013; Gowran, 2004).

Is féidir le tacaíocht an phríomhoide agus bainistíocht na scoile an-difríocht go deo a dhéanamh do mhúinteoirí LADT. Is féidir an tacaíocht sin a léiriú tré thagairt dhéanamh don phobal LADT nuair a phléitear nithe a bhaineann le polasaithe agus le cúrsaí foirne. Sampla den méid sin is ea ráiteas den chineál seo a úsáid: **‘i gcúrsaí fostaíochta nó i gcúrsaí ardú céime ní dhéanfar aon leatrom ar bhall den bhfoireann ar chúis ar bith, bíodh claonadh gnéis i gceist nó ná bíodh’**. Dá mba ann do pholasaí Dínit sa Láthair Oibre thabharfadh sé creatlach do ráiteas mar é.

Soláthraíonn ceardchumainn na múinteoirí gréasáin tacaíochta do mhúinteoirí LADT (feic mír 8 le haghaidh sonraí). Nuair a léirítear é seo ar chlár na bhfógraí sa seomra foirne

cuirtear eolas ar fáil ach ina theannta sin tugtar le tuiscint do bhaill foirne atá LADT go bhfuil tacaíocht ar fáil.

5.2 RÓL AN MHÚINTEORA ÁBHARTHA

Bíonn ról lárnach ag gach aon mhúinteoir sa mhéid is a thacaíonn siad le forbairt iomlánaíoch an aosa óig ar scoil agus sa mhéid is a spreagann siad cultúr agus timpeallacht dhearfach a fháiltíonn roimh an éagsúlacht agus an ilghnéitheacht. Ag brath ar an ról faoi leith atá acu tá roinnt múinteoirí a bhfuil dualgais bhreise orthu, go háirithe más baill iad de fhoireann tacaíochta na ndaltaí. (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2014). Leagtha amach anseo thíos tá na rólí chinnte ag na daoine seo a leanas: an ‘múinteoir ábhartha’, (nóta mínithe ag an Roinn sna gnásanna frithbhulaíochta ina thaobh) na treoircomhairleoirí, daoine eile a bhíonn ag obair aghaidh ar aghaidh le daltaí agus an gnáth mhúinteoir ranga.

Ní miste don mhúinteoir ábhartha a thabhairt le tuiscint go bhfáiltíonn sé nó sí roimh gach aon tuairisc ar bhulaíocht. Tá sé riachtanach bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a lua go soiléir.

5.2.1 Ról an mhúinteora ábhartha

‘Sé is múinteoir ábhartha ann faoi mar atá sé mínithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna sna Gnásanna Frithbhulaíochta ná an ball foirne ar a bhfuil freagracht as bulaíocht a imscrúdú agus déileáil léi (Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013, mír 6.8.3). Ní foláir an múinteoir ábhartha a aithint sa pholasaí (ach ní gá an t-ainm a lua). ‘Sé is dóichí ná a mhalairt go n-ainmneoidh scoileanna níos mó ná duine amháin chun ról an mhúinteora ábhartha a chomhlíonadh.

5.2.2 Dualgais na múinteoirí ábhartha mar atá sé mínithe i nGnásanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna

Is í an phríomhaidhm atá ag an múinteoir ábhartha agus bulaíocht á imscrúdú aici/ aige aghaidh a thabhairt ar aon cheist is gá a réiteach agus an gaol idir na páirtithe i dtrácht a chur ar ais mar a bhí sé an oiread is indéanta sin. Anuas air sin

- Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm, a imscrúdú agus déileáil leo
- Má thuigeann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ní mór don mhúinteoir ábhartha taifid scríofa a choimeád de réir ghnásanna frithbhulaíochta na scoile
- Ní mór cloí le gnásanna frithbhulaíochta na Roinne agus an teimpléad tuairiscithe a úsáid i gcásanna ina measann sé/sí nár díriodh go leordhóthanach ná go cuí

ar an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoile tar éis dó/di a chinneadh gur tharla iompar bulaíochta; i gcás inar chinn an scoil, mar chuid dá pholasaí frithbhulaíochta, go gcaithfear iompar bulaíochta a thaifeadadh i gcásanna áirithe agus go gcaithfear é a thuairisciú láithreach don Phríomhoide nó don Phríomhoide Tánaisteach (An Roinn Oideachais agus Scileanna, Gnásanna Frithbhulaíochta, 2013, mír 6.8.9)

5.2.3 An múinteoir ábhartha agus bulaíocht homafóbach agus trasfóbach

Tá an múinteoir a bhfuil sé de dhualgas air/ uirthi déileáil le bulaíocht agus í a imscrúdú thar a bheith tábhachtach chun an polasaí frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm go rathúil. Tá sé riachtanach go dtuairiscítear bulaíocht má táthar chun déileáil léi go sásúil agus go héifeachtach. Tá sé riachtanach go gcreidfeadh na daltaí go léir go nglacfar lena dtuairisc go dáiríre agus go tapaídh. Ní miste don mhúinteoir ábhartha a thabhairt le tuiscint go bhféiltítear roimh gach aon tuairisc ar bhulaíocht. Tá sé riachtanach bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a lua go soiléir. Cothóidh an méid seo muinín i measc na ndaltaí go bhfuil siad ag feidhmiú ar shlí fhreagrach, agus gurb é a leas féin agus leas na ndaltaí eile é teagmhas a thuairisciú.

5.2.4 Conas tuairisciú a spreagadh i measc daltaí leochaileacha

Níl sé fuirist d’aon dalta bulaíocht a thuairisciú, go háirithe más iad féin is ábhar don bhulaíocht. Tharlódh go mbeadh an tuairisciú níos deacra fós nuair is é is cúis leis an mbulaíocht ná easpa omóis don éagsúlacht, claontacht, steiréitíopaí nó stigma faoi mar a bhíonn i mbulaíocht homafóbach agus trasfóbach. Fulaingíonn a lán daoine óga bulaíocht den chineál seo; tá

D’fhéadfadh iompar fánach maslach frith-aerach a chur leis an tuiscint nach bhfuil dalta sábháilte ná láidir go leor chun bulaíocht a thuairisciú

cuid acu LADT ach tá mórán eile nach bhfuil. Cé go bhfuil an-chuid daoine óga LADT ar a suaimhneas leis an ngé seo dá bhféiniúlacht tá dream eile atá fós ag teacht amach agus níl an pointe sin sroichte acu go bhfuil siad réidh chun a rún a ligean le héinne. Tharlódh go mbeadh sé an-deacair do dhuine óg i gcás mar seo bulaíocht homafóbach nó trasfóbach a thuairisciú go pearsanta don mhúinteoir ábhartha. De réir gnásanna frithbhulaíochta na Roinne Oideachais ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm, a imscrúdú agus déileáil leo. Ba cheart, go háirithe ag an tosach go dtabharfaí deis do dhaltai atá i mbaol bulaíochta bunaithe ar fhéiniúlacht, tuairisciú gan ainm a dhéanamh i dtreo is go bhféadfadh an scoil gníomhú.

In an-chuid scoileanna is minic a bhítear ag tabhairt ainmneacha frith-aeracha ar a chéile agus arís is arís eile úsáideann daltaí nathanna aeracha ar shlí mhaslach nó fonóideach. Sampla den méid sin is ea dalta a thugann ‘aerach/gay’ ar íomhá a úsáidtear i gceacht nó dalta a dhéanann beag is fiú de fhreagra ó dhuine eile mar go bhfuil an freagra ‘aerach/gay’. Déanann teagmhais den chineál sin dochar do gach aon dalta ach tharlódh go mbeadh drochthionchar acu ar dhaltai LADT, bídís amuigh nó ná bíodh. Seachas aon dream eile, nuair a fhulaingíonn daoine óga LADT bulaíocht homafóbach nó trasfóbach, níos minice ná a chéile tagann dúlagar agus imní throm orthu, déanann siad féindochar, smaoiníonn siad ar dheireadh a chur lena mbeatha féin nó déanann siad iarracht ar fhéinmharú (Higgins et al, 2016).

Ba cheart go bhfiosródh an múinteoir ábhartha laistigh de phobal na scoile conas is féidir le daltaí gach teagmhas ar bhulaíocht, lena n-áirítear teagmhas gan ainm, a thuairisciú. Cuireann comhairle na macléinn deis iontach ar fáil chun an scéal seo a phlé. Mar aon le moltaí na ndaltai luaitear roinnt moltaí thíos atá bunaithe ar an dea-chleachtas.



An dea-chleachtas a spreagann tuairisciú ar bhulaíocht ó dhaltai leochaileacha

- Úsáid foirm thuairisce ar aon dul leis an sampla atá fáil i mír 5.2.7 ina mbeidh an deis ag daltaí an cineál bulaíochta a aithint, e.g. bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, amhail bulaíocht homafóbach nó trasfóbach
- Tá scoileanna áirithe tar éis seoladh ríomhphoist ar leith a chur ar fáil trínar féidir le daltaí nó tuismitheoirí/caomhnóirí bulaíocht a thuairisciú. Ní foláir féachaint ar na cuntais ríomhphoist seo go rialta chun a dheimhniú go bhfreagraítear scéala gan mhoill.
- Deimhnigh go bhfuil go leor spáis/ama ar fáil do dhaltai chun imní i dtaobh bulaíochta a chur in iúl, etc. Is féidir mar shampla, an t-am seo a chur ar fáil nuair a bhíonn an teagascóir leo. Le himeacht ama beidh daltaí ag súil leis seo agus beidh siad ag brath air mar dheis chun iompar bulaíochta a thuairisciú.
- Cruthaigh córas cairdis sa scoil, nó tearmann i dtreo is go bhféadfaí daltaí a spreagadh chun tacú lena chéile.
- Bailigh eolas ó dhaltai anaithnide go rialta chun a n-eispéireas maidir le bulaíocht a thomhas. Tabhair deis dóibh a n-eispéireas a chur in iúl maidir le conas mar a chaitear le muintir LADT ar scoil agus conas mar a phléitear cúrsaí LADT ann. Feic na ceisteanna inmholta sa sampla a leanann.

CEISTEANNA INMHOLTA CHUN EOLAS A BHAILIÚ I DTAOBH BULAÍOCHTA ATÁ HOMAFÓBACH NÓ TRASFÓBACH

Sa scoil seo againne.....(cuir tic san áit chuí)

- ☐ Tá polasaí frithbhulaíochta ann a luann go soiléir daltaí leispiacha aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha
- ☐ Tá leabhair agus/nó póstaer sa scoil a bhfuil daoine nó pearsana leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha iontu
- ☐ Is minic a bhíonn plé sa rang i dtaobh daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha nó i dtaobh nithe a bhaineann leo. Plé dearfach is ea é formhór an ama.
- ☐ Is minic a bhíonn plé sa rang ann i dtaobh daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha. Bíonn sé diúltach formhór an ama
- ☐ Ní thagraítear do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha
- ☐ Cloisim caint homafóbach nó trasfóbach (tá an caint sin maslach do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha)
 - ☐ Cloisim an caint seo ó dhaltá
 - ☐ Cloisim an caint seo ó mhúinteoirí
 - ☐ Cloisim an caint seo ó bhaill eile den fhoireann
- ☐ Feicim bulaíocht atá homafóbach nó trasfóbach (is bulaíocht í seo atá bunaithe ar chlaonadh in aghaidh daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha ach d'fhéadfadh sé tarlú d'éinne)
 - ☐ Feicim daltaí ag déanamh an saghas seo bulaíochta
 - ☐ Feicim múinteoirí ag déanamh an saghas seo bulaíochta
 - ☐ Feicim baill eile den fhoireann ag déanamh an saghas seo bulaíochta
- ☐ Tuigim cad is brí le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach
- ☐ Tá fhios agam conas an t-iompar bulaíochta seo a thuairisciú

5.2.5 Na buntáistí a bhaineann le tuairisc gan ainm

Ní bhíonn aon ainmneacha i gceist nuair a úsáidtear tuairiscí gan ainm ach spreagtar daltaí chun tuairisc a thabhairt i dtaobh iompar bulaíochta a chonaic siad nó a d'fhulaing siad. Ní bhíonn ann ach eolas i

dtaobh an ranga nó an áit i dtimpeallacht na scoile inar tharla sé. Cabhraíonn an tuairisc gan ainm le daltaí a mbeadh leisce orthu de ghnáth an bhulaíocht a thuairisciú mar go dtugann sé deis chun a dhéanta dóibh gan aon drochthoradh. Le bheith cruinn faoi tá cúpla buntáiste ag baint leis:

- Tugann sé deis do dhaltai nach mian leo go n-aithneofaí iad, tuairisc a thabhairt ar aon iompar bulaíochta a fheiceann siad nó a fhulaingíonn siad
- Cuireann sé údarais na scoile ar an eolas agus féadfar súil ghéar a choimeád ar an scéal
- Cuirtear an fhoireann ar an eolas maidir le háiteanna faoi leith nó amanna faoi leith gur fiú monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar an iompar. Is féidir straitéisí oideachais agus coiscithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le bulaíocht d'fhéadfadh tarlú amach anseo.
- Tá eolas ag an bhfoireann chun teagmhais bhulaíochta faoi leith a fhiosrú.



Dea-chleachtas ag déileáil le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach

- Nuair a chuirtear polasaí frithbhulaíochta na scoile i láthair phobal na scoile ba cheart go molfai do gach aon dalta iompar bulaíochta a thuairisciú ar mhaithe le leas phobal uile na scoile. Má bhíonn fhios ag na daltaí go dtuigeann an scoil go dtarlaíonn bulaíocht homafóbach is trasfóbach do dhaoine nach bhfuil LADT, tharlódh nach mbeadh an eagla cheanna orthu ma thugtar an t-ainm LADT orthu. Tá sé riachtanach go soiléireodh an scoil, go bhfuil sé thar a bheith normálta agus inghlactha a bheith LADT, ach mar sin féin go mbíonn eagla ar dhaoine uaireanta go ndéanfaí iad a mheas toisc go bhfuil siad éagsúil nó go gceaptar go bhfuil siad éagsúil.
- Ná déan talamh slán de go bhfuil duine a thuairiscíonn bulaíocht homafóbach is trasfóbach LADT.
- Ba chóir go bhfiosrófaí an t-iompar agus tionchar an iompair seachas a bheith ag fiafraí an bhfuil an dalta ábhartha LADT nó nach bhfuil.

5.2.6 Ag freagairt do thuairiscí ar bhulaíocht homafóbach is trasfóbach

Agus imscrúdú ar bhulaíocht déanta, feidhmeoidh an múinteoir ábhartha breithiúnas gairmiúil chun a chinneadh cibé an ndearnadh bulaíocht agus conas ab fhearr déileáil leis an scéal.

Sna Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013, leathanaigh 31/32) léiríonn an Roinn Oideachais agus Scileanna go cruinn na gnásanna chun déileáil le hiompar bulaíochta agus chun é a imscrúdú. Nuair a tharlaíonn bulaíocht homafóbach nó trasfóbach beidh sé úsáideach na moltaí seo a leanas a chleachtadh.

- Is ceart a bheith cáiréiseach nuair a bhítear i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an dalta is ábhar don bhulaíocht homafóbach is trasfóbach. Mar shampla b'fhéidir go bhfuil an duine óg LADT ach nár tháinig sé amach fós chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí agus b'fhéidir go mbraithefeadh an duine sin i mbaol nuair a bhíonn na tuismitheoirí/caomhnóirí bainteach leis an scéal. Ba cheart go soiléireofaí go bhféadfaí bulaíocht den saghas seo a dhíriú ar éinne.
- Nuair a bhítear ag déileáil le bulaíocht homafóbach is trasfóbach ba cheart go leagfaí an bhéim ar an iompar féin agus ar conas mar a chuaigh sé i bhfeidhm ar na daltaí seachas a bheith ag fiafraí an bhfuil an dalta LADT nó nach bhfuil. Is féidir breis oibre dhéanamh níos déanaí leis an ngrúpa bliana chun dul i ngleic le claonadh is leatrom in aghaidh daoine LADT.
- Ba cheart go bhfiafrófaí de dhalta a thuairiscíonn bulaíocht an bhfuil tacaíocht uaidh/uaithi. Mara bhfuil tacaíocht aghaidh ar aghaidh ar fáil laistigh den scoil is féidir tacaíocht sheachtrach a lorg ó Sheirbhísí Ógra BeLonG To agus ó TENI (feic mír 8).

5.2.7 GLEN Foirm shamplach do dhaltáí chun bulaíocht a thuairisciú

Glacaimid leis gur scéal tromchúiseach í an bhulaíocht agus creidimid gur ceart go mbraithfeadh gach dalta sábháilte sa scoil seo againne. Is gá cabhair a fháil uait chun an méid sin a chur i gcrích; Ní féidir le múinteoirí gach rud a tharlaíonn ar scoil a fheiceáil; uaireanta feiceann tú rudaí a luíonn go trom ar dhaoine eile. Ní gá duit d'ainm a lua anseo ach luaigh más maith leat. Mara luann, ba mhór an chabhair í dá luafá an bhliain nó an rang ina bhfuil tú.

1. Abair linn a bhfaca tú agus ar tharla

2. Cár tharla sé seo? Seo samplaí – na leithris sa scoil shóisearach, laistiar de na crainn sa charrchlós, ar an mbus chun na scoile, ar Facebook nó áit éigin eile

3. Cén bhaint atá agatsa leis an scéal? An tusa:

- | | |
|---|--|
| ☐ An duine ar a bhfuiltear ag díriú? | ☐ An dalta a bhí páirteach sa bhulaíocht? |
| ☐ An dalta a chonaic an bhulaíocht? | ☐ An dalta a chuala i dtaobh na bulaíochta? |

4. An féidir leat a rá linn cé eile a bhí páirteach ann? Mara dteastaíonn uait ainmneacha a thabhairt ba mhór an chabhair í dá luafá an rang nó an bhliain ina bhfuil na daoine a bhí páirteach ann

5. Úsáid an liosta thíos agus inis dúinn i dtaobh na bulaíochta. Féadfaidh tú tic a chur in oiread boscaí agus is mian leat

- | | |
|--------------------------|--|
| ☐ | Fisiciúil (leis an lámh) <i>Mar shampla iompar bagrach, ag gortú duine éigin, ag bualadh, damáiste do mhaoín</i> |
| ☐ | Ó bhéal (le focal) <i>Mar shampla, ag maslú, bédán, ag scaipeadh ráflaí</i> |
| ☐ | Eisiamh (ag fágaint duine ar lár) <i>Mar shampla, ag fágaint duine ar lár agus gníomhaíocht ghrúpa ar siúl, ag scaradh duine amach ó mhuintir an ranga</i> |
| ☐ | Cibearbhulaíocht (ar ríomhaire nó ar an bhfón) <i>Mar shampla, ag seoladh téacsanna gránna nó caint ghránna ar Facebook, Twitter nó áiteanna eile mar iad, ag uaslódáil físe/pictiúr chun beag is fiú a dhéanamh de dhuine</i> |
| ☐ | Sracadh (iallach a chur ar dhuine) <i>Mar shampla, iallach a chur ar dhuine airgead nó maoín a thabhairt do dhaoine eile, nó iallach a chur orthu iad féin a iompar ar shlí nach mian leo a dhéanamh.</i> |
| ☐ | Gotha (ag magadh faoi dhuine) <i>Mar shampla, ag féachaint ar dhaoine ar shlí bhagrach nó ag féachaint ar dhaoine go gránna</i> |

Bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht

- | | | |
|--------------------------|---------------------------------|---|
| ☐ | Homafóbach | <i>i dtaobh chlaonadh gnéis duine eile</i> |
| ☐ | Trasfóbach | <i>i dtaobh fhéiniúlacht inscne duine eile</i> |
| ☐ | Míchumas/riachtanais speisialta | <i>i dtaobh chumas duine ar bhonn fisiciúil nó ar bhonn intleachtúil.</i> |
| ☐ | Ciníoch | <i>i dtaobh cine nó eitneacht dhuine</i> |
| ☐ | An lucht siúil | <i>i dtaobh duine a bheith mar bhall den lucht siúil</i> |

Aon rud eile gur fiú a bheith ar an eolas faoi, dar leat?

D'ainm _____
má cheapann tú nach féidir leat d'ainm a thabhairt dúinn faoi láthair, inis dúinn cén bhliain nó cén rang ina bhfuil tú mar chuirfeadh an méid sin go mór lenár gcumas déieáil leis an eolas seo.

5.3 RÓL NA DTREOIRCHO-MHAIRLEOIRÍ

Is minic gur chúis mhór eagla don dalta go séanfadh a m(h)uintir é/i agus mar sin is fusa an scéal a phlé le daoine eile ar dtús.

Is cuid lárnach den fhoireann tacaíochta nó dá coibhéis an treoirchomhairleoir. 'Sé ról foirne den saghas seo ná deimhin a dhéanamh de go ndéanann acmhainní na scoile leas na ndaltaí go léir, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu. Tharlódh go mbeadh tacaíocht sa bhreis ag teastáil uaireanta ó dhaltaí atá LADT, nó uathu siúd atá ag ceistiú a gclaonadh gnéis nó a bhféiniúlacht inscne, nó uathu siúd a cheaptar a bheith LADT. D'fhéadfadh treoirchomhairleoirí nó daoine eile a oibríonn aghaidh ar aghaidh leis na daltaí sin úsáid a bhaint as a bhfuil thíos.





5.3.1 Ag obair le daltaí aonair

Is minic gurb é an treoirchomhairleoir an duine a n-insíonn an dalta dó/di go bhfuil sé/sí leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach. Ba cheart go machnódh an treoirchomhairleoir ar na pointí agus ar na freagraí seo a leanas:

- Cuir in iúl i dtosach gur céim dhearfach é teacht amach agus go bhfuil áthas ort gur roinneadh an t-eolas sin ort.
- Deimhnigh don dalta go bhfuil an t-eolas seo faoi rún fad is nach ndéanann an dalta aon dochar dó/di féin nó d'éinne eile. Ba cheart an baol seo an dochair a thomhas agus a láimhseáil de réir *Tús Áite do Leanaí, Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2011) agus *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile* a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Meabhraigh do na daltaí gur daoine fiúntacha iad i bpobal na scoile agus go léiríonn an scoil ómós agus dearbhú do gach aon ghné d'fhéiniúlacht an duine. Abair gur gné dhílis den scoil í go mbraithfeadh gach aon bhall de phobal na scoile go bhfuil sábháilteacht, tacaíocht agus dearbhú ann dóibh.
- Glac leis, nuair a thagann duine óg amach mar dhuine leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach go bhfuil siad ag cur in iúl a gclaonadh gnéis nó a bhféiniúlacht inscne. Tá sé tábhachtach nach dtuigfí uaidh seo gur cuntas atá ann ar ghníomhaíocht ghnéasach. Tá comhairle ar fáil i *Tús Áite do Leanaí, agus i Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile* de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna

maidir le gníomhaíocht ghnéasach. Tá an chomhairle seo dírithe ar aon dalta is cuma cad é a gclaonadh gnéis nó a bhféiniúlacht inscne. 'Sé 17 mbliana an aois dhlisteanach le haghaidh gnéis do bhuachaillí agus do chailíní araon, bíodh an gnéis sin heitrigheasach nó homaighnéasach.

- Tharlódh go mbeadh imní ar an dalta an scéal a phlé leis na tuismitheoirí/caomhnóirí. Meabhraigh don dalta nach rachadh an scoil i dteagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí ach amháin dá mbeadh sábháilteacht an dalta ina ábhar mór imní don scoil. Is minic gur cúis mhór eagla don dalta go séanfadh a m(h)uintir é/í agus mar sin is fusa an scéal a phlé le daoine eile ar dtús. Tá sé fíor-thábhachtach do mheabhairshláinte agus do fholláine an dalta go mbeadh an teacht amach seo ina dhea-eispéireas; agus b'fhéidir dá bharr go laghdófaí an eagla a bhaineann le teacht amach chuig a m(h)uintir agus chuig na cairde. (Maycock et al, 2009)

5.3.2 Pointí ginearálta do threoirchomhairleoirí agus iad ag obair le daltaí LADT.

- Tharlódh go gcreidfeadh roinnt treoirchomhairleoirí nach bhfuil siad oilte go leor ar cheisteanna LADT a phlé ar an mbonn nach bhfuil oideachas/oiliúint faighte acu sa chúram seo. Níl aon difríocht áfach idir ceisteanna LADT agus ceisteanna eile a mhúsclaítear i saol an duine. Toisc go bhfuil eispéireas éagsúil sa saol ag gach éinne ba chóir go ndíreodh an treoirchomhairleoir ar an eispéireas féin seachas ar é a láimhseáil ar shlí chaighdeánach. Úsáidtear scileanna ginearálta na comhairleoireachta anseo

faoi mar a tharlaíonn ar ócáidí eile. Agus an méid sin ráite is buntáiste é tuiscint leathan a bheith ag duine agus tá an-chuid foinsí eolais agus tacaíochta ar fáil i míreanna 8 agus 9.

Moltaí dea-chleachtaidh do Threoirchomhairleoirí

- Taispeáin go bhfuil tú toilteanach póstaí mar aon le heolas LADT a chur ar fáil. Tuigfidh formhór na ndaltaí LADT gur comhartha é seo go bhfuil tú fabhrach don phobal LADT.
- Ba cheart go mbeadh treoirchomhairleoirí ar an airdeall don leatrom agus don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an leatrom sin. Ba chóir dóibh tacú go cáiréiseach agus deimhin a dhéanamh de go gceisteofaí na leaganacha seo a leanas den gclaonadh:
 - *Ag lochtú*, ag féachaint ar fhéiniúlacht LADT an duine mar neamhord nó mar fhadhb seachas féachaint air mar ghnáth chuid de fhéiniúlacht duine.
 - *Ag steiréitíopáil*, mar shampla ag déanamh talamh slán de go bhfuil daoine LADT ar an mbonn go bhféachann siad nó go ngníomhaíonn siad nó go labhraíonn siad ar shlí faoi leith.
 - *Ag náiriú*, ag tabhairt le fios go bhfuil an fhéiniúlacht LADT náireach ar chuma éigin, mar shampla trína rá nach bhfuil ann ach craiceann atá sé/sí a chur de/di, nó ag tabhairt le fios nach cóir don dalta labhairt ar an bhféiniúlacht LADT.
- Tuigeann daoine ag aoiseanna éagsúla a bhféiniúlacht LADT agus uaireanta bíonn siad óg go leor. Ná ceap má sea go bhfuil daoine ró-óg chun fhios a bheith acu go bhfuil siad leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach.
- Déan deimhin de go bhfuil na teagmhálacha agus an t-eolas is déanaí agat. Cuirfidh an méid sin ar do chumas tacaíocht éifeachtach chuimsitheach a sholáthar. Tugann eagraíochtaí ar nós Seirbhísí Ógra BeLonG To agus TENI tacaíocht phroifisiúnta.
- Má tá tú éiginnte faoi rud ar bith fiafraigh de dhuine LADT. Beidh a bhformhór sásta do chuid ceisteanna a fhreagairt. Tá sé sásúil a rá 'N'fheadar, ach déanfaidh mé iarracht freagra a fháil' nó 'B'fhéidir nach bhfuil an méid seo á rá i gceart agam, mar sin ceartaigh mé má tá dearmad orm...'
- Má chuirtear duine óg chugat toisc gur fhulaing siad bulaíocht homafóbach nó trasfóbach ná glac leis go bhfuil siad LADT. Díriú ar an mbulaíocht féin agus conas mar a chuaigh sí i bhfeidhm ar an dalta – ná bac leis an bhféiniúlacht a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ba cheart mar sin féin go gcuirfí deis ar fáil don dalta a insint go bhfuil siad LADT, má tá sé sin amhlaidh. Mar shampla, abair leis an duine óg go ndéantar bulaíocht den gcineál seo ar a lán daoine mar go gceaptar go bhfuil siad difriúil. Meabhraigh don dalta arís go nglacann an scoil leis gur scéal tromchúiseach í an bhulaíocht.
- Ná ceap nuair a bhíonn pleanáil ghairme á plé go mbeidh deacrachtaí sa bhreis ag duine sa chúram seo de bharr na féiniúlachta LADT. Tabhair faoin bpleanáil ghairme faoi mar a dhéanfaí le haon dalta eile. Bíodh an phleanáil bunaithe ar a gcumas agus ar a bhfuil suim acu ann.

5.3.3 Má thagann an dalta amach i rith chomhrá aghaidh ar aghaidh

Ócáid an-tábhachtach don lán daoine LADT is ea an teacht amach agus léiríonn tú do thuiscint nuair a fhiafraíonn tú conas mar a bhí an scéal nuair a chuir siad daoine eile ar an eolas. Moltar na ceisteanna seo thíos



Tá na ceisteanna seo úsáideach nuair a thagann duine amach i gcomhrá aghaidh ar aghaidh

- ‘An bhfuil fhios ag aon duine ded’ chairde go bhfuil tú leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinsneach? (Úsáid an téarma trína gcuireann siad iad féin in iúl).
- An bhfuil tú tar éis teacht amach chuig do mhuintir?
- Conas mar atá cúrsaí ó shin?
- Cé nó cad a thug cabhair duit sa phróiseas seo an teacht amach?
- Ar tharla aon ní dearfach nó diúltach ó shin?
- An bhfuil aon cheist gur mhaith leat a phlé liomsa maidir le’ chlaonadh gnéis nó maidir le’ fhéiniúlacht inscne?

Seo thíos a thuilleadh réimsí a d’fhéadfaí a phlé i gcomhrá aghaidh ar aghaidh:

- Cad iad na nithe a chuala an dalta á rá ag daoine eile go díreach nó go hindíreach maidir le bheith LADT; pléigh na tuairimí atá dearfach, diúltach nó neodrach.

- Conas mar a bhraitheann an dalta maidir leis an gclaonadh gnéis nó leis an bhféiniúlacht inscne?
- Pléigh a mhéid is a ghlactar leis an bhféiniúlacht LADT; b’fhéidir nach bhfuil an turas ach tosaithe ag an dalta agus b’fhéidir nach bhfuil siad ar a suaimhneas ar fad maidir lena gclaonadh gnéis ná lena bhféiniúlacht. Tá sé tábhachtach má sea déileáil leis an dalta go cáiréiseach agus go leor ama a thabhairt dóibh chun a gceisteanna a phlé agus chun a chur ina luí orthu nach gcuirfear aon lipéad orthu.
- Pléigh cad í an tacaíocht nó cad iad na gréasáin shóisialta atá ag an dalta; luaigh tacaíocht ó dhaoine eile atá LADT chomh maith. B’fhéidir go mbeadh sé oiriúnach Seirbhísí Ógra BeLonG To a lua leis an dalta (feic mír 8)
- Pléigh na slite éagsúla inar féidir leis an scoil tacaíocht a thabhairt don dalta, mar shampla, iarrfaidh an-chuid daoine trasinsneacha a n-inscne roghnaithe a aithint agus a n-ainm roghnaithe a úsáid (feic mír 4.4.1).

5.3.4 Ag obair le daoine a bhfuil a bhféiniúlacht LADT á ceistiú acu

In ainneoin go bhfuil an-chuid daoine óga cinnte faoina gclaonadh gnéis, tá méid áirithe ann a cheistíonn a bhféiniúlacht agus seans go lorgóidís tacaíocht sa cheistiú sin. Tabharfaidh na moltaí seo a leanas tacaíocht do na treoirchomhairleoirí b’fhéidir agus iad ag obair leis na daltaí sin.

- Mínigh gurb é do chúram tacaíocht a thabhairt do dhaltá i ngach aon ghné dá gcleachtadh scoile, mar shampla sa chleachtadh pearsanta, sóisialta agus oideachasúil.



- Cuir ina luí ar an dalta go bhféadfaí gach aon ní a chuireann isteach orthu a phlé. Abair leo go bhfuil an tseirbhís a chuireann tú ar fáil faoi rún, agus nach mbeadh ort an scéal a phlé leis an bpríomhoide ná leis na tuismitheoirí/caomhnóirí ach amháin dá mbeadh an dalta i mbaol.
- Cuir ina luí ar an dalta mara bhfuil tú in ann tacaíocht a thabhairt go bhfaighidh tú tacaíocht chuí.
- Dá mbeadh sé oiriúnach, b'fhéidir leat ráiteas oscailte mar seo a úsáid 'fulaingíonn an-chuid daoine óga saol crua nuair a bhíonn siad suaite i dtaobh cúrsaí éagsúla agus 'sé an cúram a bhíonn ormsa ná an tacaíocht riachtanach a bhíonn ag teastáil uathu a chur ar fáil'.
- Mara dtosaíonn an dalta ag seanchas, fiú tar éis duit deis a chur ar fáil, ná cuir aon cheist orthu i dtaobh a bhféiniúlachta LADT, mara dtagann siad amach.

5.4 RÓL NA MÚINTEOIRÍ RANGA

Is cuma cad é an ról nó an t-ábhar atá ag múinteoirí tá a chion féin le déanamh ag gach aon duine acu san obair a dhéantar d'fhonn timpeallacht agus cultúr na scoile a bheith dearfach agus d'fhonn go nglacfaí le héagsúlacht agus le hilghnéitheacht.

Tharlódh go roghnódh daoine óga LADT múinteoir ranga chun teacht amach chuige agus b'fhéidir go mbeadh na moltaí atá luaite i mír 5.3 chomh hoiriúnach céanna dóibh siúd a mhúineann ábhair ghinearálta.

Cuireadh na moltaí thíos le chéile tar éis dul i gcomhairle le múinteoirí. Is gníomhaíochtaí iad gur féidir le gach éinne iad a úsáid. Cruthaíonn siad timpeallacht agus cultúr scoile atá dearfach agus atá uileghabhálach dóibh siúd atá LADT agus dóibh siúd a cheaptar a bheith LADT.



DEA-CHLEACHTAS DO MHÚINTEOIRÍ RANGA

Glac leis go bhfuil daltaí LADT id' scoilse

- **Déan tagairt do dhaoine agus teaghlaigh atá LADT sa chaint uait.**
Sa tslí seo aithníonn tú go bhfuil daoine LADT laistigh de phobal na scoile, go mb'fhéidir gur daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí nó daoine muinteartha na ndaltaí iad.
- Cuimhnigh gurb é is dóichí ná go bhfuil daltaí LADT i ngach aon seomra ranga.
- B'fhéidir nach bhfuil siad oscailte i dtaobh a bhféiniúlachta LADT; ach ní chun daoine a aithint atáthar ach chun aitheantas i gcoitinne thabhairt domhionlach. Braitheann an-chuid daoine LADT nach cuid den phobal iad agus go bhfuil siad dofheicthe.
- Nuair a deireann tú go nglacann tú leis go bhfuil siad sa phobal scoile tá tú á gcuimsiú sa phobal agus tá tú ag rá gur cuid normalta den phobal sin iad
- Nuair is féidir é, labhair faoi dhaoine LADT ins an ábhar a mhúineann tú agus déan tagairt dóibh.

Taispeáin gur múinteoir thú a thacaíonn le daltaí LADT

- 'Sé an rud is tacúla a dhéanfaidh tú ná a thaispeáint nach nglacfaidh tú le maslaí homafóbacha ná trasfóbacha ar chúis ar bith. Úsáidtear go minic agus go forleathan an téarma 'gay' mar théarma maslach agus ní i gcónaí a chuireann scoileanna ina choinne. aithfear daltaí a chur ar an eolas go gceapann daoine atá LADT go bhfuil úsáid na cainte sin maslach, fiú mara raibh aon mhasla i gceist.
- D'fhéadfadh bulaíocht homafóbach nó trasfóbach tarlú mara gcoisctear úsáid drochainmneacha agus caint mhíchúí mar atá thuas. Nuair a thugann tú faoi na drochainmneacha agus an chaint mhíchúí taispeánann tú nach nglacfar leis má dhéantar beag is fiú d'aon dalta agus gurb é leas gach éinne é go mbeadh timpeallacht na foghlama ómósach.
- Bí ar an eolas maidir le polasaithe na scoile, go háirithe an polasaí frithbhulaíochta agus polasaithe eile a bhfuil tagairt chruinn iontu do bhulaíocht homafóbach nó trasfóbach agus do dhaoine LADT. Tagair do na polasaithe seo nuair is féidir é. Ní hamháin go gcuirfidh sé seo le cur i bhfeidhm na bpolasaithe ach chomh maith leis sin tabharfaidh sé le fios do dhaltaí LADT go bhfuil a gcuid sábháilteachta agus a gcomhluadar tábhachtach.
- Machnaigh duit féin conas is féidir leat tacú le daltaí chun iompar bulaíochta agus aon iompar eile atá mí-ómósach nó fonóideach a thuairisciú. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis sin más múinteoir ranga nó teagascóir bliana thú.

- Cuir póstaer a bhaineann le daoine LADT suas id' sheomra-sa; b'fhéidir go gcuirfeadh an póstaer seo daoine ar an eolas maidir le seirbhísí oiriúnacha tacaíochta a chuireann Seirbhísí Ógra BeLonG To ar fáil (feic mír 8).
- Spreag daoine chun tacaíocht a lorg nuair a bhíonn gá leis. Cuir ar an eolas iad maidir leis an tacaíocht atá fáil laistigh agus lasmuigh den scoil. Tabhair le fios gur féidir le daltaí labhairt leat nó le baill de fhoireann tacaíochta na scoile nó le haon duine eile mar iad.

Dearbhaigh daoine óga LADT

- Bíodh d'iompar féin eiseamláireach do na daltaí agus do dhaoine eile nach iad, d'fhonn is go ndéanfaidís aithris ort. Mar shampla taispeáin go bhfuil meas agat ar dhaoine aeracha, leispiacha, déghnéasacha nuair a thagraítear dóibh in aon cheacht.
- Úsáid na deiseanna a thugann scéalta nuachta nó ócáidí eile chun dea-chlú an phobail LADT a leathnú.
- Ná glac le steiréitíopáil, agus go háirithe steiréitíopáil a bhaineann le hinscne nó le claonadh gnéis. Nuair a tharlaíonn steiréitíopáil spreag na daltaí chun machnamh go domhain ar an scéal agus féachaint conas mar a théann a leithéid i bhfeidhm orainn. Tabhair aire faoi leith don steiréitíopáil atá bunaithe ar chlaonadh.

Bí-se id' eiseamláir d'fhonn an dea-iompar a chur chun cinn agus d'fhonn dul i ngleic le hiompar agus dearcadh homafóbach agus trasfóbach

- Cuir led' chleachtadh proifisiúnta tré mhachnamh a dhéanamh ar do thuiscint agus ar do dhearcadh chomh fada agus a bhaineann siad le daoine agus topaicí LADT.
- Ná lig tharat aon chaint homafóbach nó trasfóbach a dhéanann comhghleacaithe scoile.
- Lorg am chun go bpléifeadh an fhoireann i gcruinnithe foirne a mhéid is atáthar ag freastal ar riachtanais daltaí LADT agus daltaí eile a gcuireann bulaíocht homafóbach agus trasfóbach isteach orthu. Pléigh go háirithe a bhfuil á dhéanamh ag an scoil chun bulaíocht den chineál seo a chosc.
- Lorg oiliúint a chuirfidh led' mhuinín chun dul i ngleic go héifeachtach le riachtanais daltaí LADT agus daltaí eile atá thíos le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach. Roinn do chuid eolais ar mhúinteoirí eile.

5.5 AN RÓL ATÁ AG AN GCOMHOR-DAITHEOIR TEAGMHÁLA BAILE IS SCOILE IS AG AN GCOMHOR-DAITHEOIR CHLÁIR CRÍOCHNAITHE SCOLAÍOCHTA.

Tá scoileanna ann a bhfuil scéimeanna breise tacaíochta acu, mar shampla an scéim teagmhála baile is scoile [TBS] is an scéim chláir críochnaithe scolaíochta [CCS]. Ba cheart do na scoileanna sin machnamh ar conas mar is féidir leis na comhordaitheoirí seo tacú le daltaí LADT agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

‘Sé an cuspóir atá ag an scéim TBS ná comhpháirtíocht láidir a chur i bhfeidhm, agus caidreamh is cumarsáid a bhunú idir tuismitheoirí/caomhnóirí, scoileanna agus an pobal. Tá an scéim dírithe orthu siúd atá ar bheagán oideachais agus tá sé mar chuspóir aici go bhfeabhsófaí deiseanna foghlama na macléinn agus go bhfanfaidís sa chóras oideachais níos faide.

Díríonn an scéim chláir críochnaithe scolaíochta [CCS] orthu siúd a fhágfaidh an scoil go luath b’fhéidir. Tugtar tacaíocht dóibh tré chlubanna obair bhaile, tacaíocht iarscoile, cláir eiseamláireachais etc. a sholáthar dóibh.

Bíonn an baol ann i gcónaí go bhfágfaidh daoine óga LADT an scoil go luath toisc eispéireas míthaitneamhach dóibh is ea an scoil (Higgins et al, 2016; Maycock et al, 2009).

Ba cheart go dtuigfeadh comhordaitheoirí riachtanais daltaí LADT agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus ba cheart leis go mbeidís comhbhách leo. Tá an-chuid daoine óga ar a suaimhneas maidir lena bhféiniúlacht LADT agus faigheann siad tacaíocht óna muintir; b’fhéidir go bhfáilteoidís roimh an deis a mhíniú duit conas mar nach réitíonn a bhféiniúlacht LADT agus a n-eispéireas scoile lena chéile de bharr mhí-iompair daoine eile. Tharlódh nach mbeadh daoine eile ar a suaimhneas maidir lena bhféiniúlacht LADT agus mar sin bheadh an baol ann nach sroichfidís buaic a gcumais san oideachas. Ní foláir don gcomhordaitheoir TSB déileáil le gach scéal ar shlí éagsúil, ag brath ar na cúinsí a bhaineann leis.



Pléigh scéalta LADT le tuismitheoirí/caomhnóirí

B'fhéidir go mbeadh sé deacair nó mí-oiriúnach scéalta LADT a phlé le tuismitheoirí/caomhnóirí mara bhfaigheann féiniúlacht an duine sin tacaíocht sa bhaile. Tharlódh áfach go mbeadh deiseanna ann an scéal a phlé le tuismitheoirí/caomhnóirí ar shlí ghinearálta nuair a mhúsclaítear ceisteanna i dtaobh pholasaí na scoile maidir leis an gcód iompair, le bulaíocht agus le mí-úsáid substaintí.

Cuir le cumas na foirne déileáil le topaicí LADT.

Ba cheart go mbeadh deis ag comhordaitheoirí TSB agus CCS cúrsaí oiliúna a dhéanamh a chuirfeadh lena gcumas déileáil le féiniúlacht LADT agus le bulaíocht homafóbach is trasfóbach i gcomhthéacs na scoile agus i gcomhthéacs an tí, e.g. tuismitheoirí/caomhnóirí atá LADT nó tuismitheoirí/caomhnóirí atá ag déileáil le páiste LADT a thagann amach.

6. DAOINE LADT I BPOLASAITHE SCOILE: TIMPEALLACHT AGUS CULTÚR SCOILE Á GCRUTHÚ

Braitheann daoine LADT agus mionlaigh eile dóchasach nuair aithníonn beartais uileghabhálacha na scoile éagsúlacht agus ilghnéitheacht. Braitheann siad go mbíonn fáilte rompu agus go mbíonn ómós ag dul dóibh agus go dtabharfar aghaidh ar aon fhadhb a d'fhéadfadh a bheith acu. Is iad na polasaithe uileghabhálacha is bun le timpeallacht agus le cultúr dearfach sa scoil agus is iad a léiríonn fáilte, agus a thugann tacaíocht agus spreagadh do gach dalta.

6.1 BA CHEART GO DTOSÓDH BEARTAIS UILEGHABHÁLACHA LE DLÍTHE COMHIONANNAIS

Ba cheart go n-aithneodh na polasaithe scoile is tábhachtaí éagsúlacht agus ilghnéitheacht. Tugann Achtanna um Stádas Comhionann (2000 - 2012) agus na naoi bhforas atá ainmnithe iontu fráma oibre atá úsáideach agus ábhartha

Ní gá go scríobhfaí arís polasaithe uile na scoile chun go mbeidís uileghabhálach do dhaoine LADT agus do mhionlaigh eile. Ba cheart do scoileanna na polasaithe atá acu a léamh arís chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil siad uileghabhálach do dhaoine LADT agus do mhionlaigh eile. Tugtar moltaí áirithe thíos faoi theideal an pholasaí ábhartha ar a bhféadfaí a iniúchadh agus a d'fhéadfaí a chur isteach ann.

Ag fáiltiú roimh éagsúlacht agus ilghnéitheacht

'Admhaíonn an scoil an ceart atá ag gach ball de phobal na scoile ar thaitneamh a bhaint as a cuid nó a chuid scolaíochta i dtimpeallacht shlán. Admhaíonn an scoil gur duine ann féin é gach duine agus go bhfuil fiúntas leis an uile dhuine'

(an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013a, 23)

NA NAOI BHFORAS ATÁ FAOI CHOSAINT AG ACHTANNA UM STÁDAS COMHIONANN

AN FORAS ATÁ FAOI CHOSAINT	SAINMHÍNIÚ AGUS SAMPLAÍ
Inscne	A bheith fireann, baineann nó trasinscneach
Stádas (pósta) shibhialta	Daoine atá singil, atá pósta, atá ina mbaintrigh, atá colscartha nó a bhfuil páirtnéireacht shibhialta acu
Stádas teaghlaigh	Duine gur tuismitheoir/caomhnóir é/í, nó duine atá ag feidhmiú in loco parentis, agus go bhfuil duine óg faoi 18 mbliana faoina gcúram, cúramóir lánaimseartha nó bean atá ag iompar
Gnéaschlaonadh	Duine at heitrichnéasach, homaighnéasach nó déghnéasach
Creideamh	Duine a bhfuil nó nach bhfuil creideamh aige/aici, e.g. Búdaí, Caitliceach, Giúdach, Moslamach, Daonnachaí, Aindiachaí
Aois	Gach éinne os cion 18 mbliana
Míchumas	Tá sainmhíniú leathan ar cad is ‘míchumas’ ann. Tagraíonn sé do réimse leathan míchumais agus tinnis. Tagraíonn sé do gach míchumas atá fisiciúil, céadfach agus intleachtúil.
Cine	Cine, dath, náisiúntacht, bunadh eitneach nó bunadh náisiúnta do dhuine
A bheith ar dhuine den Lucht Siúil	Daoine go dtugtar an lucht siúil orthu de ghnáth; aithníonn an lucht siúil agus daoine eile nach iad gur pobal iad a bhfuil an cultúr, an stair agus na traidisiúin chéanna acu. Daoine a aithnítear go stairiúil mar phobal siúlach ar oileán na hÉireann.

6.2. POLASAÍ FRITH- BHULAÍOCHTA

Sna Gnásanna Frithbhulaíochta a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna ba cheart go mbeadh a leithéid seo thíos sa bheartasí frithbhulaíochta

- Gurb é an rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile. Deireann an Roinn go gcuirtear cibearbhulaíocht; bulaíocht bunaithe ar aitheantas, (ar nós bulaíocht homafóbach, trasfóbach agus bulaíocht chiníoch)
- Ní foláir go leagfaí amach straitéisí na scoile i leith chosc na bulaíochta agus an tslí le dul i ngleic léi, go háirithe an bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach.
- Leagtar amach sna gnásanna seo na príomhphointí dea-chleachtais chun bulaíocht a chosc agus chun dul i ngleic léi agus ceanglaítear ar gach scoil géilleadh do na prionsabail sin ina mbeartas frithbhulaíochta. Ceann de na prionsabail sin ná go mbeadh timpeallacht agus cultúr dearfach ins gach aon scoil. Ba cheart go dtagródh an polasaí frithbhulaíochta don ról atá

ag foireann tacaíochta na ndaltaí nuair a chuirtear an polasaí seo le chéile agus nuair a chuirtear é i bhfeidhm agus ba cheart go léireofaí chomh maith conas teacht ar thacaíocht chuí nuair is gá í.

Ag spreagadh daltaí chun bulaíocht a thuairisciú agus chun dul i ngleic léi

Meabhraíonn gnásanna frithbhulaíochta na Roinne gur chóir don scoil deiseanna oiriúnacha a chur ar fáil do na daltaí chun aon imní i dtaobh na bulaíochta a phlé.

Ag caint go praiticiúil moltar sna gnásanna go gcruthófaí an coincheap 'scoil na scéalaíochta', 'sé sin le rá go mbíonn ar chumas na ndaltaí bulaíocht a thuairisciú gan aon droch thoradh; go dtéitear i ngleic leis an mbulaíocht go cothrom, go tapa agus go héifeachtach. Meabhraíonn gnásanna frithbhulaíochta na Roinne go mbíonn sé níos deacra do dhaltaí LADT iompar bulaíochta a thuairisciú *Gnásanna Frithbhulaíochta, an Roinn Oideachais agus Scileanna*, 2013, mír 4.3.3). D'fhéadfadh an polasaí frithbhulaíochta cúpla slí a sholáthar lena bhféadfadh daltaí bulaíocht a thuairisciú go príobháideach.

Cuidíonn sé leis na daltaí óga LADT a bheith níos sábháilte ar scoil nuair a théitear i ngleic le caint mhí-oiriúnach ar nós 'aerach'.



An Dea-chleachtas: Slite chun iompar bulaíochta a thuairisciú

- Tá roinnt scoileanna tar éis seoladh faoi leith ríomhphost scoile a chruthú trínar féidir le daltaí nó tuismitheoirí/caomhnóirí bulaíocht a thuairisciú. Is gá go bhféachfaí ar na cuntais ríomhphoist seo go rialta d'fhonn freagra tapa a thabhairt ar aon scéal.
- Deimhnigh go bhfuil go leor spáis/ama curtha ar fáil do na daltaí chun aon imní i dtaobh na bulaíochta a phlé. De réir a chéile glacfaidh na daltaí leis seo mar ghnáth nós agus braithfidh siad air mar dheis chun bulaíocht nó aon iompar do-ghlactha eile a thuairisciú.
- Tacaigh le bunú chóras cairdis nó tearmann sa scoil i dtreo is go spreagfar daltaí chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí eile.
- Bailigh eolas gan ainm go rialta ó na daltaí chun a n-eispéireas i leith na bulaíochta a thomhas. Tabhair deis do na daltaí plé conas mar a dhéantar déileáil le daoine agus scéalta LADT sa scoil; feic mír 5.2.4 maidir le ceisteanna a mholtar.
- Úsáid leathanach tuarascála a thabharfaidh deis do na daltaí an cineál bulaíochta a aithint, e.g. bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, mar shampla bulaíocht homafóbach nó trasfóbach; feic mír 5.2.7 chun sampla den leathanach a fháil.

Aibhsigh an difríocht idir ciapadh agus bulaíocht

Tuigtear gurb é is sainmhíniú do bhulaíocht ná iompar a dhéantar arís is arís eile ach má tharlaíonn ciapadh agus nó ciapadh gnéasach aon uair amháin glactar leis gur sárú dlí é de réir Achtanna um Stádas Comhionann (2000-2012).

Dearcadh uile scoile maidir le caint mhaslach

Nuair a bhítear ag baisteachán ar dhuine ba cheart é a láimhseáil tríd an mbeartas bulaíochta. Tá sé inmholta chomh maith caint mhaslach a chur san áireamh. Cuid den ghnáth chaint frith-aerach is ea a leithéid seo ‘those trainers are gay’ agus cuireann sé in iúl iompar agus dearcadh frith-aerach a d’fhéadfadh a bheith ina bhulaíocht homafóbach nó trasfóbach níos déanaí. Tugann an beartas frithbhulaíochta mar aon leis an gcód iompair deis chun idirghabháil uile scoile a chur i bhfeidhm a léireoidh conas a rachfar i ngleic leis an gcaint mhí-oiriúnach seo.

‘Sé is ciapadh ar dhuine aon ghníomh, iarratas nó iompar, briathra béil san áireamh, gothaí nó táirgeadh, lena bhféadfaí le réasún a mheas gur ábhar coil, uirislithe nó imeaglaithe é.

6.3 AN CÓD IOMPAIR

'Sé is cód iompair ann beart clár, cleachtas agus gnásanna a chuirtear le chéile agus é mar aidhm aige an dea-iompar agus an dea-fhoghlaim a chur chun cinn i measc na ndaltaí

'Sé is cuspóir don éiteas scoile ná caidrimh, beartais, gnásanna agus cleachtais dea-iompair a spreagadh agus iompar do-ghlactha a chosc. Is cabhair í an cód iompair do phobal na scoile an aidhm seo a chur chun cinn. (An Board Náisiúnta um Leas Oideachais, 2008)

Meabhraíonn an tAcht Oideachais (Leas), (2000) gur den riachtanas é go mbeadh cód iompair ag gach aon scoil. Deirtear sa cháipéis *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirleite i gcomhair Scoileanna* (An Board Náisiúnta um Leas Oideachais, 2008) go bhfuil an bhulaíocht do-ghlactha agus go ndéanfar iompar bulaíochta a láimhseáil de réir bheartas frithbhulaíochta na scoile. Is cuid dhílis iad araon den bhainistiú iompair an cód iompair agus córas tacaíochta na ndaltaí.

I measc nithe eile atá i gcód iompair na scoile ní foláir don scoil an caighdeán iompair lena bhfuiltear ag súil ó na daltaí a lua go sonrach; agus ní foláir a lua leis go bhfuil an caighdeán sin bunaithe ar an luach go bhfuil meas agam orm féin agus ar dhaoine eile.

Tharlódh gurb í an bhulaíocht an toradh nuair nach dtógtar aon cheann de dhaoine a bhíonn ag baisteachán ar a chéile agus a dhéanann mí-úsáid cainte a bhaineann le cúrsaí LADT. Nuair a théitear i ngleic le caint mar sin braitheann daltaí LADT níos sábháilte (Kosciw et al, 2014; Hunt & Jensen, 2016).





Taispeánann an dea-chleachtas seo do scoileanna conas chun dul i ngleic le baisteachán frith-aeracha agus le haon iompar eile atá diúltach

- Tabhair faoi ndeara an t-iompar do-ghlactha a bhaineann le daltaí LADT
- Nuair a áirítear an t-iompar atá do-ghlactha sa chód iompair ba cheart go n-áireofaí gach aon saghas bulaíochta agus ciaptha, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht san áireamh. Ba cheart go luafaí bulaíocht homafóbach agus trasfóbach mar chineál eile bulaíochta atá bunaithe ar fhéiniúlacht
- Nuair a léiríonn an Cód cad a thuigtear le hiompar do-ghlactha ba cheart ar a laghad go luafaí go soiléir an dímhéas a léirítear do na dreamanna sin atá faoi chosaint ag reachtaíocht an chomhionannais agus ba cheart go sonrófaí go bhfuil sé do-ghlactha a bheith mí-ómósach maidir le gnéas duine (gnéasachas), féiniúlacht inscne (trasfóibe) nó claonadh gnéis (homafóibe). Tá forais eile chomh maith, mar shampla creideamh, aois, míchumas, cine, an lucht siúil, stádas teaghlaigh nó stádas sibhialta.
- Agus an sainmhíniú á thabhairt ar iompar mí-ómósach ba chóir go gcuirfí san áireamh an droch-chaint a úsáidtear agus gan aon sprioc faoi leith aici; ba cheart go léireofaí é seo, mar shampla nuair a úsáidtear an focal aerach mar mhasla e.g. ‘this subject is so gay’
- Nuair nach gcuirtear srian le caint mhí-ómósach mhaslach tharlódh go dtiocfadh bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht inscne aisti. Ba chóir go léireodh an Cód cad atá so-ghlactha agus cad atá do ghlactha ó thaobh na cainte de. Cuireann na moltaí thíos deis ar fáil chun an t-idirdhealú sin a shoiléiriú.



Tá sé ceadaithe do dhaoine focail a úsáid chun cur síos orthu féin nó ar dhuine eile (mar shampla, aerach, leispiach, déghnéasach, trasinscneach.)



Níl sé so-ghlactha focail nó nathanna a úsáid a deireann go míchruinn go bhfuil baint ag duine le dream ar leith agus/nó tagairt don dream sin go maslach, (mar shampla, that's so gay, sure he's gay, queer, lezzie, etc.)



Níl sé so-ghlactha do dhuine an t-ainm a tugadh ar an dalta trasinscneach nó an forainm a úsáideadh ina leith ag am na breithe, a úsáid anois chun beag is fiú a dhéanamh de/di d'aon ghnó.

6.4 AN BEARTAS IONTRÁLA AGUS AN RÁITEAS MISIN

Go minic is tríd an mbeartas iontrála nó an ráiteas misin a bhíonn an chéad teagmháil ag tuismitheoir/caomhnóir nó dalta leis an scoil. Tugann an méid seo deis iontach d'fhonn a chur in iúl go bhfáiltítear roimh an éagsúlacht agus an ilghnéitheacht atá bunaithe ar na naoi bhforas.

Go minic is é an beartas iontrála an chéad cháipéis oifigiúil a fheicfidh tuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí a d'fhéadfadh teacht go dtí an scoil. Tá cead dlisteanach atá bunaithe ar fhorais ar leith ag scoileanna srian a chur le méid na ndaltaí a ligtear isteach. Deireann an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), (2015) go mbeidh ar scoileanna a shoiléiriú sa ráiteas misin nach ndéanann beartas iontrála na scoile aon leatrom ar dhalta de bharr inscne nó claonadh gnéis ach go bhfuil eisceachtaí áirithe leis sin.

6.5 OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE

Sonraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna go múinfi Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i gcomhthéacs OSPS, agus tá sé den riachtanas go múinfi gach aon ghné den chlár OCG, an topaic claonadh gnéis san áireamh.

Éilíonn an Roinn chomh maith go mbeadh beartas OCG ag gach aon scoil, agus go gcuirfi i bhfeidhm é ag gach aon leibhéal den scolaíocht iar-bhunscoile, mar aonad comhtháite de OSPS sa tSraith Shóisearach agus mar chlár sa tSraith Shinsearach.

Chun freastal níos fearr ar dhaltaí LADT moltar do scoileanna go ndéanfaí tagairt faoi leith do na daltaí seo sa bheartas OSPS.

Ag tagairt do ghnéasacht agus do nithe eile a bhaineann le cúrsaí LADT sa churaclam OCG

- Deireann an Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfuil sé den riachtanas go múinfi gach aon ghné de OCG, lena n-áirítear claonadh gnéis agus nithe eile atá gaolmhar leis. (Tá an rogha ag tuismitheoirí/caomhnóirí an páiste a thógaint amach as ceachtanna faoi leith den chlár OCG atá ag an scoil). Ní cheadaítear gnéithe faoi leith den chlár a fhágaint ar lár; deireann an Roinn áfach gur féidir agus gur cóir gnéithe uile an chlár laistigh d'éiteas agus de luachanna na scoile a mhúineadh, faoi mar atá sé curtha in iúl ag an mbeartas OCG (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013).
- Tá ról tábhachtach ag Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta, agus ag OSPS i gcoitinne chun bulaíocht a chosc. Deireann gnásanna frithbhulaíochta na Roinne gur ceart an acmhainn Oideachas Sóisialta, Pearsanta, Oideachais (OSPS), *Ag Fás mar Dhuine LADT, a mhúineadh agus a bheith páirteach in imeachtaí chun feasacht a mhúscailt ar cheisteanna LGBT* (Gnásanna Frithbhulaíochta, An roinn Oideachais agus Scileanna, 2013a; 27).

Ba cheart oideachas ar ghnéasacht a mhúineadh ar bhonn aoise le gach bliain ghrúpa

Is ceart a rá go dtuigeann formhór an aosa óig atá LADT go bhfuil siad amhlaidh ag aois óg; 'sí aois 12 bhliain an aois is coitianta (Higgins et al, 2016 agus Maycock et al, 2009). Is ceart má sea dul i ngleic le cúrsaí LADT sa chéad bhliain.

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna i dteannta le FSS, GLEN, agus BeLonG To tar éis acmhainn teagaisc *Ag fás mar dhuine leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinscneach: Acmhainn do OSPS agus OCG (2011)* a chur le chéile. Ba cheart an acmhainn seo a úsáid i dteannta le hábhair eile, mar shampla Talking Relationships, Understanding Sexuality Teaching (TRUST) (An Roinn Oideachais agus Scileanna et al, 2009). Is féidir é seo a úsáid sa tSraith Shinsearach. 'Sé is cuspóir don acmhainn seo feasacht agus tuiscint a mhúscailt maidir le claonadh gnéis agus féiniúlacht inscne agus leibhéil an leatroim agus an idirdhealaithe in aghaidh daoine atá LADT a íslíú.

Chun a dheimhniú gur féidir le gach éinne leas a bhaint as an gcuraclam OCG, is cuma faoina gclaonadh gnéis nó faoina bhféiniúlacht inscne, molann an deachleachtas go luafadh na beartais OSPS/OCG go múintear gach aon ghné den OCG ar an tuiscint gurb é is dóichí ná go bhfuil daltaí sa rang a thuigeann go bhfuil siad LADT, nó daltaí a bhfuil daoine LADT i measc a muintire, tuismitheoirí/caomhnóirí, siblí níos gaolta eile. Chun an dearcadh sin a chur in iúl féadfaidh múinteoirí abairtí mar atá thíos a úsáid



Ráitis uileghabhálacha a d'fhéadfaí a úsáid san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

- Baineann an t-ábhar/an topaic seo le gach éinne, is cuma faoina gclaonadh gnéis nó faoina bhféiniúlacht inscne.
- Bíonn dúil ag formhór an phobail sa ghnéas eile, bíonn dúil ag roinnt daoine sa ghnéas céanna, agus bíonn dúil ag daoine eile fós san dá ghnéas.
- Nuair a thagraítear do chaidrimh rómánsúla ba cheart buachaill agus cailín a úsáid, is cuma cad é gnéas an ranga
- Ba cheart steiréitíopáil gnéis a sheachaint agus ba cheart go luafai go gcuireann fir agus mná a ngnéas in iúl ar shlí éagsúla.

Aibhsigh go bhfuil an scoil tugtha don dearcadh go méadófar an tacaíocht a thabharfar do dhaltai LADT

Is féidir an beartas OCG a úsáid chun a aibhsiú go bhfuil foireann tacaíochta na scoile lán toilteanach tacú le daltaí atá LADT. Tharlódh go gcuirfí acmhainní ar fáil le haghaidh chúrsa oiliúna inseirbhíse do mhúinteoirí OCG agus go háirithe go gcuirfí oiliúint ar fáil chun go mbeadh ar a gcumas dul i ngleic le cúrsaí LADT agus tacú le daltaí LADT. Ba chóir na ceistanna seo a leanas a phlé agus athbhreithniú á dhéanamh ar an mbeartas OCG:

- An gcuirtear ar chumas múinteoirí freastal ar oiliúint OCG nuair is téama di cúrsaí LADT?
- An bhfuil fáil ag chuile mhúinteoir OSPS/OCG ar ábhair theagaisc a bhaineann le féiniúlacht inscne?

6.6 PLEAN TREORACH

Leagann an Plean Treorach amach na gnéithe a bhaineann le córas tacaíochta an dalta. Cuimsíonn siad réimse tacaíochta a fhreastalaíonn ar na riachtanais atá ag an dalta, riachtanas foghlama, mothúchánach, iompair, oideachas gairme agus ghairm bheatha. Míníonn sé conas is féidir acmhainní na scoile a eagrú ar mhaithe le leas na ndaltaí uile, agus go háirithe ar mhaithe le leas na ndaltaí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu.

Tá na cáipéisí seo a leanas fíor-thábhachtach agus nuair a ullmhófar an Plean Treorach ba cheart tagairt a dhéanamh dóibh:

1. *Treoirínte do Scoileanna Dara Leibhéal ar Impleachtaí Alt 9 (c) den Acht Oideachais 1998, a bhaineann le rochtain mac léinn ar sholáthar treorach cuí* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2005). Tagraíonn na Treoirínte seo don treoir ghairme atá ar fáil don dalta agus molann siad go mba chóir go scríobhfadh an chomhairleoir/na comhairleoirí iad chomh fada agus is féidir. Aibhsíonn na Treoirínte go bhfuil ról nach beag ag an tseirbhís treoghairme chun cabhrú le daltaí atá i mbaol an scoil a fhágaint.
2. D'fhoilsigh an An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (2004) *An Clár Treorach Scoile a Phleanáil*, agus tugann an cháipéis seo cabhair chuimsitheach don treoirchomhairleoir, do bhainisteoirí na scoile agus dóibh siúd a bhfuil suim acu sa chúram an plean treorach scoile a thuiscint, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
3. *Foirne Tacaíochta Scoláirí Iar-bhunscoileanna. Treoir do Foireann a Bhunú nó le hAthbhreithniú a Dhéanamh ar Fhoireann*

atá ann Cheana (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2014)

4. *Folláine in Iar-bhunscoileanna. Treoirínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaíthe* (2013). Tugann an cháipéis seo eolas d'iar-bhunscoileanna ar conas freastal ar mheabhairshláinte agus folláine na ndaltaí.
5. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) *Leanúntas Tacaíochta le haghaidh Iar-bhunscoileanna Treoirínte do Mhúinteoirí agus Beart Acmhainní do Mhúinteoirí* (2010). Tugann an cháipéis seo creatlach do scoileanna ar conas tacaíocht le riachtanais shóisialta, mhothúcháinacha nó acadúla.



Chun go bhfeabhsófaí an tseirbhís agus chun go rachfaí i ngleic leis an mbaol go bhfágfadh daltaí LADT an scoil go luath ba cheart go mbeadh na daltaí sin luaite sa phlean treorach

- Athbhreithnigh ar gach beartas atá ann chun deimhin a dhéanamh de go gcuimsíonn siad go sásúil cúrsaí LADT.
- An bhfuil forbairt ghairmiúil leanúnach ar chúrsaí LADT ar fáil don fhoireann mar aon le heolas agus ionchur do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus do chomhairle na mac léinn.
- An bhfuil fáil ar eolas i dtaobh na tacaíochta atá ann do dhaoine óga LADT.
- An bhfuil fáil ar eolas a bhaineann le hábhar a thabharfaidh tacaíocht oideachasúil, tacaíocht ghairme agus tacaíocht ghairm bheatha a spreagfaidh daltaí chun a gcuid oideachais scoile a chríochnú agus chun pleananna gairme don saol amach anseo a dhéanamh.



Bíodh freagra ar ‘theacht amach’ sa phlean treorach

Tugann an plean treorach deis do scoil freagra ginearálta a léiriú nuair a thagann daoine amach mar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha. Cuireann foireann tacaíochta na scoile deis ar fáil chun an freagra sin a mhúnlú do riachtanais dhuine faoi leith. Tugtar moltaí thíos ar conas is féidir an plean treorach a leasú chun an méid seo a chur in iúl.

- Aimsigh acmhainní agus tacaíochtaí oiriúnacha, ar nós bileoga eolais agus eagraíochtaí (áitiúla agus náisiúnta) a d’fhéadfadh cabhrú, mar shampla Seirbhísí Ógra BeLonG To agus clubanna ógra comhcheangailte.
- Aimsigh daoine ó fhoireann tacaíochta na ndaltaí nó a macasamhail, ar nós an treoirchomhairleoir, teagascóir bliana, séiplíneach, nó an comhordaitheoir ar oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte.

- Dearbhú go rachaidh an scoil i gcomhairle leis an duine óg féachaint cad iad a smaointe siúd maidir leis an teacht amach nó maidir leis an athrú inscne.
- Mír a chuireann comhairle ar bhaill foirne maidir le cad is ceart a dhéanamh má deireann daltaí leo go bhfuil a gclonadh gnéis nó a bhféiniúlacht inscne á gceistiú acu nó go bhfuil siad LADT. Úsáid an chomhairle atá léirithe i mír 5.3.
- Chun beartas frithbhulaíochta na scoile a threisiú féadfaidh an plean treorach iniúchadh ar cad í an úsáid a bhainfí as tionóil, ranganna teagaisc, agus ceachtanna faoi leith sa churaclam foirmeálta, e.g. in OSPS, OCG nó OR.
- Anuas air sin is deis í seo chun folláine is sláinte na ndaoine óga a chur chun tosaigh tríd an leanúntas a chuireann scoileanna na dea-shláinte ar fáil. Is deis don scoil í chomh maith féin-mheastóireacht scoile a dhéanamh ar conas is féidir leis an scoil uile plé le cur chun cinn na meabhairshláinte.

6.7 PLEAN FORBARTHA GAIRMIÚIL

“Moltar do scoileanna plean forbartha gairmiúil a mhairfeadh idir 3 agus 5 bliana, ag brath ar riachtanais na múinteoirí éagsúla, riachtanais na scoile agus riachtanais an chórais” (An Chomhairle Mhúinteoireachta, Meitheamh 2011).

Luaigh gur mór ag an scoil an oiliúint san ionannas

- Léiríonn an plean forbartha gairmiúil plean na scoile chun forbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn. Beidh an fhorbairt seo bunaithe ar thrí chloch, an nuálaíocht, an t-imeascadh agus an feabhas. Ba cheart leis go mbeadh an plean bunaithe ar phrionsabail atá fíorthábhachtach. I measc na bprionsabal sin tuigfear go mbeidh an plean dírithe ar an bhfoghlaimeoir, agus beidh sé bunaithe ar an tuiscint leathan a léiríonn go mbíonn caidrimh chasta sa mhúinteoireacht a lorgaíonn eolas proifisiúnta, dearcadh agus m eon ar leibhéil éagsúla.



- Molann an dea-chleachtas go léireodh an plean gur mór ag an scoil forbairt ghairmiúil leanúnach [FGL] san ionannas i gcúrsaí a bhaineann le féiniúlacht, mar shampla ag dul i ngleic le bulaíocht atá homafóbach nó trasfóbach.
- D'fhéadfadh an plean forbartha gairmiúil a thaispeáint conas a thacófar le múinteoirí d'fhonn barr feabhais a chur ar a gcumas sa seomra ranga agus straitéisí éifeachta a léiriú agus iad ag déileáil leo siúd a úsáideann ainmneacha frith-aeracha agus a úsáideann go maslach téarmaí a bhaineann le cúrsaí LADT.
- D'fhéadfadh an plean cúrsa FGL a bhaineann le hábhar, a aithint, mar shampla ceann ar ghnéasacht agus claonadh gnéis. Cuireann an PDST agus eagraíochtaí seachtracha ar nós eagraíochtaí LADT iad sin ar fáil. D'fhéadfadh an plean dúthracht na scoile a léiriú tré eispéireas na múinteoirí agus cumas na foirne a roinnt ar a chéile, go háirithe chomh fada agus a bhaineann sé

le cúrsaí a thagraíonn do chlaonadh gnéis agus féiniúlacht inscne.

6.8 STRAITÉIS UM THINREAMH SCOILE

Is den riachtanas é go mbeadh beartas ag an scoil maidir leis an tinreamh a léiríonn cuspóirí agus aidhmeanna ginearálta ina thaobh agus atá ar aon dearcadh le fíis agus le misean na scoile. Ní foláir don scoil chomh maith straitéisí i dtaobh an tinrimh a ghlacadh chuici féin d'fhonn cultúr le tinreamh ard a chothú, an neamhláithreachas a chosc, idirghabháil a dhéanamh nuair a tharlaíonn deacrachtaí, agus chun tacaíocht nach beag a thabhairt dóibh siúd gur cúis imní é a dtinreamh. Amach anseo tabharfaidh TUSLA a thuilleadh treoirilínte ar straitéis um thinreamh scoile.

Tá ceangal idir patrún tinrimh na ndaltaí agus a bhfuil ag tarlú ina saol – ar scoil, sa rang, sa bhaile, lena bpiarghrúpa, sa phobal agus istigh ina gcroí féin. Taispeánann an taighde go mbíonn an baol ann nach mbeadh tinreamh roinnt daltaí LADT sásúil agus go bhféadfaidís an scoil go luath (Higgins et al, 2016 agus Maycock et al, 2009). Ní bheidh fadhb ag gach aon dalta LADT le tinreamh gurb é a thoradh an míbhuntáiste oideachasúil ach tá sé tábhachtach go músclofaí feacht ar na baol a bhíonn ann d’fhonn is go mbeadh na daltaí LADT ar scoil a mhinice agus is féidir.

Nuair a bheidh gach aon iarracht réasúnta déanta ag an scoil chun fadhbanna tinrimh a réiteach ba cheart ansin é a chur ar aghaidh go Seirbhísí Leasa Oideachais TUSLA². Mar chuid den atreorú seo líonann an scoil amach seicliosta ar dtús chun cur síos a dhéanamh ar conas mar a chuaigh an scoil mar aon leis an dalta agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí i ngleic le fadhb an tinrimh. Tagraítear anseo d’aon uair a labhair agus a bhuaile an scoil leis an dalta agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus aon litir a scríobhadh chucu nuair a bhíodhas ag iarraidh an fhadhb a réiteach.



Dea-chleachtas sa bheartas um thinreamh scoile

- Ba cheart go n-aibhseodh an beartas seo go bhfuil tábhacht ag baint leis an tinreamh, leis an rannpháirtíocht agus le leanúint ar aghaidh ar scoil. Ba cheart go n-aibhseodh sé chomh maith an droch thoradh oideachasúil agus pearsanta a bhaineann le droch thinreamh. D’fhéadfadh an scoil tionscnaimh ar leith a aibhsiú a dhíríonn ar dhaltaí a bhíonn i mbaol an droch thinrimh, mar shampla daltaí LADT a fhulaingíonn bulaíocht homafóbach nó trasfóbach (Higgins et al, 2016; Maycock et al, 2009.)
- Nuair a bhíonn sé oiriúnach chuige ba cheart go gcuirfeadh an scoil acmhainní riachtanacha ar fáil do dhaltaí LADT,

d’fhonn tacú leis an tinreamh, leis an rannpháirtíocht agus leis an leanúnachas. Ba cheart go mbeadh na scoileanna agus na teaghlaigh ag obair cuing ar chuing lena chéile chun na constaicí tinrimh a aithint agus a sháru. Bíonn deiseanna sa bhreis ag scoileanna tacú le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le daltaí nuair a bhíonn teagmhálaí baile is scoile nó clár críochnaithe scoile acu.

- Ba cheart leis go mbeadh eolas ag scoileanna faoi eagraíochtaí deonacha agus pobail LADT a fhreastalaíonn ar na réimsí leathan riachtanas atá ag daoine óga agus ag teaghlaigh. Nuair a bhíonn nasc láidir le heagraíochtaí mar sin beidh fáil ag an scoil ar shaineolas agus ar thacaíocht bhreise.

² Tá ról ag Seirbhísí Leasa Oideachais Tusla, An Gníomhaireacht um Leanáil agus Teaghlach (An Bord Náisiúnta um Leas Oideachais roimhe seo) chun tacú le tinreamh, rannpháirtíocht agus leanúnachas an dalta. Oibríonn Oifig Leasa Oideachais (OLO) agus seirbhísí tacaíochta scoile (clár críochnaithe scoile nó scéim theagmhála baile, scoile agus an phobail) le scoileanna agus na seirbhísí ábhartha eile chun toradh oideachais níos fearr a fháil do dhaltaí. Nuair nach sáraíonn harrachtaí na scoile na fadhbanna a bhaineann le tinreamh dalta faoi leith ba cheart atreorú a dhéanamh chuig Seirbhísí Leasa Oideachais Tusla. Tá an seicliosta atreoraithe ar fáil ó <http://www.tusla.ie/services/educational-welfare-services/information-for-schools-inc-absence-reporting/download-reporting-documentation>

7. OIDEACHAS AGUS STRAITÉISÍ UM CHOSC AR BHULAÍOCHT HOMAFÓBACH AGUS TRASFÓBACH

Ní mór cosc na bulaíochta a bheith ina chuid dhílis de bheartas scríofa frithbhulaíochta gach bunscoile agus iar-bhunscoile. Ní mór do gach scoil a dhoiciméadú ina beartas frithbhulaíochta na straitéisí sonracha oideachais agus coiscthe a chuirfidh an scoil chun feidhme. Ní mór a bheith ar áireamh ansin na bearta a dhéanfaidh an scoil chun dul i ngleic go sainráite le ceist na cibearbhulaíochta agus na bulaíochta bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus bulaíocht trasfóbach. (Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013a, leathanach 26).

Nuair nach dtuigtear i gceart an éagsúlacht agus an ilghnéitheacht, tharlódh go bhfásfadh bulaíocht as éagsúlachtaí idir daoine óga, bíodh na héagsúlachtaí sin réalaíoch nó samhailteach. Mar sin is ceart go ndíreodh na céimeanna coiscthe ar thuiscint agus ómós don éagsúlacht a chothú.

D'fhéadfadh scoileanna na céimeanna seo thíos a chur i bhfeidhm chun a dheimhniú go dtéann straitéisí sonracha oideachais agus coiscthe i ngleic go sainráite ar bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach. Cuireann an méid seo leis an mír a thagraíonn do chothú gnásanna maidir le teacht ar thuiscint

choitianta ar cad is bulaíocht ann agus cad é a tionchar. Tá liostaí curtha le chéile thíos a thagraíonn don scoil a dhéanann cláracha seachtaine le téama agus idirghabháil churaclaim agus tá nóta ann chomh maith i dtaobh aoi-chainteoirí.

Nóta: 'sí an chéad chéim ná go ndeimhneofaí go bhfuil beartas frithbhulaíochta na scoile curtha i bhfeidhm go huile is go hiomlán.

Is den riachtanas go ndíreodh na céimeanna coiscthe ar thuiscint agus ómós ar an éagsúlacht idir daltaí a chothú.



7.1 CLÁRACHA SEACHTAINE LE TÉAMA SA SCOIL

7.1.1 Seas an fód! Seachtain Feasachta Náisiúnta in aghaidh bulaíochta atá homafóbach agus trasfóbach.

Is é ‘Seas an Fód!’ an tseachtain feasachta náisiúnta a tharlaíonn i mí na Samhna agus a chuireann in aghaidh na bulaíochta atá homafóbach nó trasfóbach. Tá sé á pháirtmhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus tacaíonn páirtithe móra oideachais leis an bhfeachtas, eagraíochtaí ar nós an JMB, ACCS, ETBI, NAPD, ASTI, TUI, NPCpp, Institiúid na dTreoirchomhairleoirí agus Educate Together. Is í Seirbhísí Ógra BeLonG To an eagraíocht ógra náisiúnta a chuireann an tionscadal seo ar siúl le cabhair ó sheirbhísí ógra comhcheangailte

ar fud na hÉireann. Díríonn an tseachtain ar bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach tré chairdeas a bhunú idir daltaí LADT agus daoine óga eile.

I rith na seachtaine tiomanta seo cuirtear gníomhaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí a mhúsclaíonn feasacht agus bíonn siad sin dírithe ar

- Níos mó feasachta maidir le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach; an tionchar atá ag an mbulaíocht seo a phlé.
- Ag cothú nasc tacaíochta idir daoine óga, ag spreagadh daoine chun a bheith mar ‘chomhghuaillithe’ maidir le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach.
- Ag laghdú teagmhas homafóbach agus trasfóbach agus ag laghdú na n-ócáidí a mbítear ag baisteachán ar dhaoine.

Tá póstaer, DVD, agus gníomhaíochtaí oideachasúla sa phacáiste oideachais Seas an Fód! Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.belongto.org

7.1.2 Seachtain an Chairdis

Eagraíonn an-chuid scoileanna gníomhaíochta seachtaine a bhíonn bunaithe ar luach an chairdis agus ar luach na gcarad a fhiosrú. Bíonn gníomhaíochtaí difriúla ar siúl i scoileanna éagsúla ach díríonn siad go léir ar dhaltaí a spreagadh chun plé lena bpiarghrúpa ar shlí atá folláin, agus chun cairdeas, cúram, caoinfhulaingt is tuiscint idir daltaí a chothú. Is áis an-mhaith iad chun caidreamh ómósach a chur chun cinn ar fud an phobail scoile tríd an ilghnéitheacht atá sa scoil a cheiliúradh.

Leanann roinnt scoileanna téama ar leith agus fiosraíonn siad nithe ar nós cearta daonna nó bulaíocht. Is deis í Seachtain an Chairdis chun straitéisí feasachta a chur chun cinn a théann i ngleic le bulaíocht a bhíonn bunaithe ar fhéiniúlacht – nuair a bhíonn focus faoi leith ar bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach deimhnítear go mbíonn an scoil ag comhlíonadh a dualgas maidir leis an bpobal scoile agus an timpeallacht a bheith dearfach agus bunaithe ar an uileghabhálacht. Toisc go bhfuil Seachtain an Chairdis ann cheana bheadh sé oiriúnach anois an t-ábhar atá ag Seas an Fód! Seachtain Feasachta LADT a chur leis.

Sa chomhthéacs seo tá fáil ar ábhar eile san acmhainn agus sa DVD Growing Up LGBT, go háirithe ceacht 4, ceacht a dhíríonn ar théama an chairdis (a bhfuil sé mar aidhm aige tuiscint a chothú maidir leis an tionchar dearfach a bhíonn ag cairde). Tá ceachtanna ann chomh maith ar leatrom agus ar laofacht a dhíríonn go sonrach ar bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach.

7.1.3 Seachtain na Frithbhulaíochta

Eagraíonn an-chuid scoileanna Seachtain na Frithbhulaíochta a bhfuil eilimintí ann atá cosúil le Seachtain an Chairdis. Mar a léiríonn an teideal díríonn Seachtain an Chairdis ar thuiscint a chothú sa phobal scoile ar cad is bulaíocht ann. Díritear chomh maith ar an mbeartas frithbhulaíochta agus ar an gcód iompair atá ag an scoil. Ach é sin ráite eagraíonn an-chuid scoileanna an tseachtain ar bhonn iomlánaíoch agus cuireann siad isteach gníomhaíochtaí a mhúsclaíonn feasacht, tuiscint agus ómós don éagsúlacht.

Tá straitéisí ann a mhúsclaíonn feasacht chun bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc agus is fuirist iad a fhí isteach i gclár atá ann cheana. Sa tslí seo comhlíonann an scoil a dualgais chun go gcothódh sí cultúr agus timpeallacht atá dearfach agus atá bunaithe ar uileghabhálacht.

Is deis an-tábhachtach í Seachtain na Frithbhulaíochta chun cáipéisí beo a dhéanamh den bheartas frithbhulaíochta agus den chód iompair. Cuireann sé spás agus am ar fáil do chuile dhuine sa phobal scoile (daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí, foireann agus baill na mBord Bainistíochta) chun machnamh ar a bhfuil sa pholasaí, ar conas a úsáidtear é agus ar conas é a fheabhsú. Chuirfeadh na gníomhaíochtaí a aithnítear i Seachtain an Chairdis leis an dearcadh seo.

Iarrann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an mBord Bainistíochta go ndéanfaí athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas Frithbhulaíochta agus ar conas mar a chuirtear chun feidhme é. Chun na críche sin d'fhéadfadh Seachtain na Frithbhulaíochta eolas úsáideach agus aiseolas a chur ar fáil.

7.2 IDIRGHA-BHÁLACHA CURACLAM

Aibhsíonn gnásanna frithbhulaíochta na Roinne ról na múinteoirí ranga chun dul i bhfeidhm go dearfach ar iompar bulaíochta tré réimsí idirghabhálacha a úsáid. Léirítear thíos roinnt gnéithe agus cláracha curaclaim a bhaineann go sainráite le cosc na bulaíochta agus a chuireann ómós don éagsúlacht agus don ilghnéitheacht chun cinn.

7.2.1 Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile cuireann OSPS ábhar ar leith ar fáil chun an bhulaíocht a phlé agus chun na gnéithe atá gaolmhar leis a phlé chomh maith, nithe mar comhuintearas agus imeascadh, cumarsáid, coimhlint, cairdeas, sábháilteacht phearsanta agus caidreamh.

Molann An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)³ go n-úsáidfí an Friends for Life Programme mar thaca agus an curaclam OSPS á chur i bhfeidhm. Is clár oibre scoilbhunaithe do dhaoine óga é seo a dhíríonn ar an imní a chosc agus ar an teacht aniar a neartú. Is é Friends for Life an t-aon chlár oibre amháin a bhfuil fianaise ina thaobh go bhfuil sé éifeachtach ag gach aon leibhéal chun imní an aosa óig a láimhseáil.

(WHO 2004). Is féidir le múinteoirí an clár a úsáid mar chlár don rang iomlán nó le dream beag. Tá síceolaithe NEPS oile chun múinteoirí a oiliúint chun an clár a chur i bhfeidhm i scoileanna.

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)

San iar-bhunscoil is cuid dhílis den chlár OSPS é OCG. Soláthraíonn OCG deiseanna chun go bpléifí topaicí éagsúla ar nós ghnéasacht an duine agus caidreamh daoine lena chéile. Tá baint nach beag acu siúd le bulaíocht na féiniúlachta, agus go háirithe le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach.

7.2.2 Ag fás mar Dhuine Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinsneach: Acmhainn do OSPS/OCG

Baineann an acmhainn Ag fás mar Dhuine Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinsneach go díreach leis an ábhar seo. Chuir Seirbhís Tacaíochta OSPS de chuid na Roinne Oideachais le cheile é tar éis an-chuid iarratas ó mhúinteoirí agus ó dhaltaí. Táthar tar éis Seirbhís Tacaíochta OSPS a fhísteach sa bhfoireann sláinte is folláine atá ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)⁴

Tá an acmhainn chuimsitheach seo ann chun tuiscint agus feachtas a spreagadh i dtaobh claonadh gnéis agus féiniúlacht inscne agus chun stiogma agus leatrom ar dhaoine atá LADT a íslíú. Is slí an-éifeachtach é chun dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus

3 Is seirbhís tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta agus Oideachais (NEPS). Oibríonn síceolaithe NEPS le scoileanna agus baineann a gcuid oibre le hiompar foghlama agus forbairt shóisialta agus mothúcháin. Tugtar méid áirithe scoileanna do gach aon síceolaí agus oibríonn sé nó sí ar bhonn forbartha leis an scoil ar shlí atá roinnte agus pleanáilte eatarthu. Cuireann NEPS an leanúntas tacaíochta agus foirne tacaíochta na ndaltaí chun cinn i dtreo is go bhféadfaí tacú le daltaí ar leith a tharlódh go mbeadh deacrachtaí acu nó dúshláin rompu. www.education.ie

4 Cuireann an Rannóg Oideachais Múinteoirí de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna an tseirbhís tacaíochta don tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) ar fáil. Tá a mbíodh ar siúl ag seirbhís tacaíochta OSPS idir lámha ag an tseirbhís seo agus cuireann siad oiliúint ar mhúinteoirí OSPS agus OCG, tagraíonn siad do chlaonadh gnéis agus inscne. www.pdst.ie



trasfóbach an plé a dhéantar ar chlaonadh gnéis agus féiniúlacht inscne agus ar nithe eile a bhaineann leo, mar shampla homafóibe agus trasfóibe.

Tugann foireann sláinte is folláine de chuid an PDST tacaíocht do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile sa Chorpóideachas (CO), agus san Oideachas Sóisialta, Pearsanta is Sláinte (OSPS). Tagraítear anseo do fhrithbhulaíocht, cosaint leanaí, meabhairshláinte agus folláine, agus do réimsí a bhaineann le hoideachas caidrimh agus gnéasachta (OSG). I measc na tacaíochta a thugtar do scoileanna tá oiliúint inseirbhíse do phríomhoidí, comhordaitheoirí múinteoirí OSPS agus do fhoirne uile na scoile; clár a phleanáil; beartas scoile a fhorbairt agus cuairteanna scoile a eagrú. Tá a thuilleadh eolais ar fáil ó www.pdst.ie

7.2.3 An Idirbhliain agus Nuálaithe Sóisialta Óga

Cúrsa bliana is ea an idirbhliain agus is í an chéad bhliain í de na trí bliana atá sa tsraith shinsearach. Tá an tionscadal **Nuálaithe Sóisialta Óga** (NSÓ) an-oiriúnach don Idirbhliain.

Tá sé mar aidhm ag NSÓ deis a thabhairt do gach éinne a gcruthaitheacht a úsáid i leith topaicí sóisialta chun sochaí cothrom atá níos córa agus níos cúramaí a chothú. 'Sí an t-aon aidhm atá ag an tionscadal ná tacú le daoine óga agus iad a neartú chun go sroichfidís barr a gcumais mar nuálaithe sóisialta i dtreo is go rachaidís i ngleic le topaicí sóisialta atá os a gcomhair féin, os comhair a bpobal agus os comhair an tsochaí i gcoitinne.

Tuilleadh eolais ar fáil ó www.youngsocialinnovators.ie



Bronnadh an teideal náisiúnta, **Nuálaithe Óga na Bliana 2015** ar dhaltaí ó Choláiste Learga, Cluain Eois, Co. Mhuineacháin don tionscnamh dar teideal: **The LGBT – Let's Get By Together**. Bhí sé mar aidhm ag an bhfoireann feasacht a mhúscailt ina scoil féin agus sa phobal i gcoitinne i

dtaobh na gcúrsaí lena dtéann daoine LADT agus go háirithe déagóirí LADT i ngleic. Theastaigh uathu a dheimhniú go mbeadh an timpeallacht sa scoil agus sa phobal níos uileghabhálaí. D'eagraigh an fhoireann roinnt gníomhaíochtaí don tionscadal NSO, ina measc bhí Seachtain le Gníomhartha Randamacha; Lá an Bhogha Síne; áitiú ar an bhféile scannán áitiúil scannán le téama LADT a chur ar siúl mar aon le mórán tionscnamh eile.

7.3 TIONSCNAIMH SHEACH-CHURACLAIM

7.3.1 Comhairlí na Mac Léinn

Is do mhic léinn amháin atá Comhairle na Mac Léinn agus is tríd an gComhairle a fhéadann na daltaí a bheith páirteach i gcúrsaí na scoile, ag obair cuing ar chuing le lucht bainistíochta na scoile, leis an bhfoireann agus leis na tuismitheoirí ar mhaithe leis an scoil féin agus leis na daltaí.

Soiléiríonn *Better Outcomes, Brighter futures: the National Policy Framework for children and Young People 2014-2020* (DCYA, 2014) a thábhachtaí is atá sé a bheith ag éisteacht le daoine óga agus a bheith ag tabhairt orthu a bheith páirteach i nithe atá tábhachtach dóibh. Tá sé mar aidhm chinnte ag an mbeartas seo go gcruthófaí slite chun go n-éistefá le leanaí nó le daoine óga ar scoil tré Chomhairlí na Mac Léinn nó tré shlite eile atá aoisoiriúnach.

Tá sé scríofa san Acht Oideachais (1998) nach mór do Bhoird Bhainistíochta na daltaí a spreagadh chun comhairlí mac léinn a bhunú agus a eagrú agus chuige sin déanfaidh na boird éascaíocht agus tabharfaidh siad gach cúnamh réasúnach dóibh.

Ag leibhéal na scoile pléann an-chuid comhairlí mac léinn ceisteanna áirithe ar a bhféadfaí obair a dhéanamh. Is minic a chuireann siad tús le feachtas feasachta ar nós Seas an Fód! atá ina chuid de Sheachtain na Frithbhulaíochta. Ba cheart go spreagfaí Comhairlí Mac Léinn chun a dheimhniú go labhraítear ar son daltaí LADT agus go bpléitear a bhfuil ina údar machnaimh dóibh bíodh an méid sin déanta go díreach nó go hindíreach.

7.3.2 Clubanna tacaíochta do dhaltai LADT á reáchtáil ag dalta.

Tá dornán beag scoileanna in Éirinn a thacaíonn le daltaí clubanna tacaíochta do dhaltai LADT a reáchtáil mar thionscnamh seach-churaclaim. Is ó na Stáit Aontaithe a tháinig an tuairim seo, áit a bhfuil na clubanna forleathan sa tír sin i scoileanna atá ar aon dul le iar-bhunscoileanna na hÉireann. Tugtar Gay Straight Alliances [GSA] orthu. Eagraíonn na daltaí na clubanna agus de ghnáth bíonn múinteoir teagmhála acu. ‘Sé is cuspóir don chlub ná tearmann a chur ar fáil chun go mbuailfeadh daltaí le chéile, chun go dtacóidís lena chéile, agus go labhróidís faoi cheisteanna a bhaineann le claonadh gnéis is le hinscne agus chun go ndéanfaidís tionscnaimh le chéile a mbeadh sé mar aidhm acu deireadh a chur le homaíóibí agus trasfóibí. Bíonn cead ag gach éinne a bheith páirteach ann má tá suim acu sa chúram; ní bhaineann sé leo siúd amháin atá LADT.

7.4 CAINTEOIRÍ SEACHTRACHA AGUS CLÁRACHA

Úsáideann a lán scoileanna cainteoirí agus traenáilaithe seachtracha chun ceachtanna maidir le feasacht i dtaobh na frithbhulaíochta a sholáthar. Leagtar amach an treoir maidir le cainteoirí seachtracha sa chiorclán *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidreamh agus Gnéisachta (OCG): Treoirlínte Dea-Chleachtais do Iar-bhunscoileanna (0023/2010)*. Deir an chiorclán gur ceart go mbeadh cuairteoirí ar an seomra ranga nó ar an scoil, go háirithe iad siúd atá ag gabháil go díreach le mic léinn, ar an eolas faoi pholasaithe ábhartha scoile. Cuirtear a thuilleadh comhairle ar fáil maidir le tacaíocht a

fháil ó áisíneacht sheachtrach sa cháipéis *Folláine in Iar-bhunscoileanna Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaíthe (2013b, 71)*.

Ba cheart go luafaí le cainteoirí/traenáilaithe a chuireann feasacht i dtaobh na frithbhulaíochta ar fáil go ndíríonn beartas frithbhulaíochta na scoile go sonrach ar bhulaíocht homaíóbach agus trasfóbach mar shamplaí de bhulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht. Ba cheart go dtacódh aon ionchur ó chuairteoir leis an méid sin.

7.4.1 Ceardlanna ShoutOut

Is eagraíocht mhac léinn ollscoile agus céimithe nuacháilithe í **ShoutOut**. Tugann siad ceardlanna saor in aisce do scoileanna. Díríonn na ceardlanna ar conas eolas a leathnú i dtaobh nithe a bhaineann le LADT, ar conas homaíóibí agus trasfóibí a thuiscint agus ar conas feasacht a chothú d’fhonn is go dtacófar lena bpiarghrúpa LADT.

A thuilleadh eolais ó www.shoutout.ie

7.4.2 Eagraíochtaí réigiúnacha LADT

Tá eagraíochtaí réigiúnacha LADT suite ina lán áiteanna uirbeacha agus go minic soláthraíonn siad an-tacaíocht go deo do scoileanna áitiúla ar nithe a bhaineann le ceisteanna LADT.

8. ACMHAINNÍ AGUS TACAÍOCHT

8.1 BEARTAS AGUS TREOIR

Cáipéisí atá fíor-thábhachtach

- *Foirne Tacaíochta Scoláirí Iar-bhunscoileanna. Treoir do Foireann a Bhunú nó le hAthbhreithniú a Dhéanamh ar Fhoireann atá ann Cheana* An Roinn Oideachais agus Scileanna/An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2014). Spreagann na treoirlínte seo forbairt sna foirne leanúnacha tacaíochta sna hiar-bhunscoileanna. www.education.ie
- *Plean Gníomhaíochta ar an mbulaíocht, An Roinn Oideachais agus Scileanna* (2013c). Tugann an cháipéis seo tacaíocht agus comhairle chuimsitheach i dtaobh na bulaíochta agus tagraíonn sé do bhulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht, bulaíocht homafóbach agus trasfóbach san áireamh. www.education.ie
- *An Roinn Oideachais agus Scileanna: Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* (2013b). Baineann na gnásanna agus Ciorclán na Roinne 0045/2013 le gach aon bhunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta agus le gach ionad oideachais (mar atá sainmhínithe san Acht Oideachais (1998).
- *Folláine in Iar-bhunscoileanna Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe, An Roinn Oideachais agus Scileanna/Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte/An Roinn Sláinte, Éire* (2013b). Leagann na treoirlínte amach na gníomhaíochtaí ar féidir le scoileanna a dhéanamh chun freastal ar riachtanais mheabhairshláinte agus folláine an aosa óig. Tugann siad tacaíocht chomh maith do gach iar-bhunscoil chun dul i ngleic le cothú na meabhairshláinte agus le féinmharú a chosc.
- *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna: (NEWB, 2008)*. Leagann na treoirlínte amach creatlach an dea-chleachtais nuair a bhítear ag cruthú chód iompair don chéad uair nó nuair a bhítear ag neartú cóid atá ann cheana. Cuirtear na treoirlínte ar fáil de réir Alt 23 (3) den Acht Oideachais (Leas) 2000.
- *Schools and the Equal Status Act*, dara eagrán (an tÚdarás Comhionannais, 2005). Is leabhrán é seo a léiríonn a bhfuil de dhualgas ar scoileanna a chomhlíonadh faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann (2000 to 2004).
- *An tAcht um Inscne a Aithint* (2015): leagtar síos san acht seo forálacha lena bhféadfadh an stát inscne roghnaithe aon duine atá os cionn 18 mbliana a aithint de réir dlí. Is ar dhearcadh um chearta daonna atá an t-acht bunaithe murab ionann is ar an dearcadh leighis. Ciallaíonn an dearcadh um chearta daonna gur féidir le duine os cionn 18 mbliana a n-inscne féin a roghnú gan dul i muinín na hidirghabhála leighis ná na diagnóise.
- Léiríonn Alt 10 den Acht a bhfuil de riachtanas a dhéanamh chun teastas um aithint inscne a iarraidh; i dteannta an iarratais seo caithfear a dhearbhu go reachtúil. Ceanglais ar iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne 10. (1) Aon duine a dhéanfaidh iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne faoi alt 8, tabharfaidh sé nó sí na nithe seo a leanas don Aire:
10. (1) Aon duine a dhéanfaidh iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne faoi alt 8, tabharfaidh sé nó sí na nithe seo a leanas don Aire:
(a) ainm, seoladh, uimhir PSP agus mionsonraí teagmhála an duine; (b) an túsainm agus an sloinne ar mian leis nó léi go dtabharfaí air nó uirthi iad; (c) cruthúnas ar a chéannacht nó a céannacht; (d) i ndáil lena bhreith nó lena breith— (i) i gcás gur duine dá dtagraítear i mír (a) d'alt 9(1) é nó í, cruthúnas infheidhme ar bhreith dá dtagraítear sa mhír sin, nó (ii) i gcás gur duine dá dtagraítear i mír (b) d'alt 9(1) é nó í, cruthúnas infheidhme ar bhreith dá dtagraítear sa mhír sin; (e) i gcás gur duine dá dtagraítear i mír (b) d'alt 9(1) é nó í, faisnéis agus fianaise chun a dheimhniú don Aire go bhfuil gnáthchónaí ar an iarratasóir sa Stát; (f) dearbhú reachtúil, lena ndearbhaítear— (i) nach bhfuil sé nó sí pósta ná ina pháirtneir sibhialta nó ina páirtneir sibhialta, (ii) go bhfuil sé d'intinn shocair shollúnta aige nó

aici maireachtáil sa rogha inscne ar feadh an chuid eile dá shaol nó dá saol, (iii) go dtuigeann sé nó sí iarmhairtí an iarratais, agus (iv) go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige nó aici de thoil deona.

(2) San alt seo, ciallaíonn “uimhir PSP” uimhir phearsanta seirbhíse poiblí de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

Iarratas chun na cúirte ar dhíolúine

12. (1) Ní ceadmhach don Aire breithniú a dhéanamh ar iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne faoi alt 8 nó 11 nó ar dheimhniú aitheantais inscne a chúlghairm faoi alt 15, arna dhéanamh thar ceann leanbh a bhfuil 16 bliana d’aois slánaithe aige nó aici ach nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, ach amháin má thugtar ordú ón gcúirt faoin alt seo dó nó di.

(2) Féadfaidh an chúirt, le hordú, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici ag neaschara linbh a bhfuil 16 bliana d’aois slánaithe aige nó aici ach nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, an leanbh a dhíolmhú ón gceanglas alt 9(2)(a) nó 15(8)(b) a chomhlíonadh. (3) Aon iarratas faoin alt seo— (a) féadfar é a dhéanamh go neamhfhoirmiúil, (b) féadfar é a éisteach agus a chinneadh ar shlí seachas go poiblí, agus (c) ní mhuirearófar táille chúirte ina leith.

(4) Ní dheonóidh an chúirt iarratas faoin alt seo ach amháin más rud é— (a) faoi réir fho-alt (5), gur deimhin leis an gcúirt, go bhfuil tuismitheoirí, tuismitheoir marthanach nó caomhnóir an linbh, de réir mar is cuí, ag toiliú leis an iarratas a dhéanamh faoin alt seo, (b) i ndáil le hiarratas ar dheimhniú aitheantais inscne faoi alt 8 nó 11—

(i) go dtabharfar deimhniú i scríbhinn ó lia-chleachtóir don chúirt á dheimhniú—

(I) gurb eisean nó ise lia-chleachtóir cóireála príomha an linbh,

(II) gurb amhlaidh, i dtuairim liachta ghairmiúil an lia-chleachtóra— (A) go bhfuil an leanbh aibí go leor chun an bhreith a thabhairt iarratas a dhéanamh ar aitheantas inscne, (B) go bhfuil an leanbh ar an eolas faoi iarmhairtí na breithe sin, go bhfuil na hiarmhairtí sin breithnithe aige nó aici agus go bhfuil lántuiscint aige nó aici orthu, (C) gur go toilteanach agus go neamhspleách a thug an leanbh an bhreith gan éigeantas ná tionchar míchuí ó dhuine eile, agus (D) go bhfuil an leanbh aistrithe nó ag aistriú isteach ina rogha inscne, agus (ii) go dtabharfaidh inchríneolaí nó síciatraí, nach bhfuil aon bhaint aige nó aici leis an leanbh, deimhniú i scríbhinn don chúirt á dheimhniú go bhfuil a thuairim liachta nó a tuairim liachta ag teacht leis an tuairim liachta dá dtagraítear

i bhfomhír (i), agus (c) i ndáil le hiarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a chúlghairm faoi alt 15— (i) go dtabharfar deimhniú i scríbhinn ó lia-chleachtóir don chúirt á dheimhniú—

(I) gurb eisean nó ise lia-chleachtóir cóireála príomha an linbh, (II) gurb amhlaidh, i dtuairim liachta ghairmiúil an lia-chleachtóra— (A) go bhfuil an leanbh aibí go leor chun an bhreith a thabhairt maireachtáil ina inscne nó ina hinscne bhunaidh ar feadh an chuid eile dá shaol nó dá saol,

(B) go bhfuil an leanbh ar an eolas faoi iarmhairtí na breithe sin, go bhfuil na hiarmhairtí sin breithnithe aige nó aici agus go bhfuil lántuiscint aige nó aici orthu, (C) gur go toilteanach agus go neamhspleách a thug an leanbh an bhreith gan éigeantas ná tionchar míchuí ó dhuine eile, agus

(D) go bhfuil an t-aistriú isteach sa rogha inscne aisiompaithe ag an leanbh nó go bhfuil an leanbh scortha de bheith ag aistriú isteach sa rogha inscne, agus (ii) go dtabharfaidh inchríneolaí nó síciatraí, nach bhfuil aon bhaint aige nó aici leis an leanbh, deimhniú i scríbhinn don chúirt á dheimhniú go bhfuil a thuairim liachta nó a tuairim liachta ag teacht leis an tuairim liachta dá dtagraítear i bhfomhír (i). (5) Féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh lena ligfear thar ceal an ceanglas maidir le toiliú duine dá dtagraítear i bhfo-alt (4)

(a) le hordú a dhéanamh faoin alt seo i gcás gur deimhin léi nach féidir an toiliú a fháil toisc nach féidir an duine a chéannú nó nach féidir teacht air nó uirthi nó go bhfuil sé nó sí ag déanamh mainneachtana nó faillí freagra a thabhairt ar iarraidh ar thoiliú a thabhairt nó nár chóir é a fháil toisc gur léir ó chineál an chaidrimh idir an leanbh lena mbaineann agus an duine nach ar mhaithe le sábháilteacht ná leas an linbh é dul i dteagmháil leis an duine. (6) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoin alt seo mura deimhin léi gur ar mhaithe le leas an linbh é déanamh amhlaidh.

(7) San alt seo, ciallaíonn “caomhnóir” duine—

(a) is caomhnóir ar leanbh de bhun an Achta um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, nó

(b) atá ceaptha chun bheith ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar leanbh—

(i) le gníomhas nó le huacht, nó

(ii) le hordú ó chúirt sa Stát,

agus nach bhfuil curtha as oifig

8.2 EAGRAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNACHA LADT

- **GLEN – Gay and Lesbian Equality Network**

Tá sé mar chúram ar GLEN beartas agus cleachtas a athrú chun comhionannas a fháil do dhaoine leispiacha, aeracha, agus déghnéasacha in Éirinn. Is tosaíocht thábhachtach í do GLEN tacaíocht a thabhairt do na comhpháirtithe oideachais chun a dheimhniú go bhfuil timpeallacht atá sábháilte, tacúil agus fabhrach sna scoileanna a thabharfaidh deis don aos óg LADT leas a bhaint as an oideachas díreach faoi mar a bhaineann a bpiarghrúpa leas as. **Teagmháil: Teil. 01 6728650; R/phost: education@glen.ie Gréasán: www.glen.ie**

- **BeLonG To Youth Service**

Is seirbhís náisiúnta ógra é Seirbhísí Ógra BeLonG To a fhreastalaíonn ar dhaoine óga idir 14 agus 23 bliana. Tugann seirbhísí tacaíochta agus abhcóideachta BeLonG To tacaíocht do mhúinteoirí agus do phríomhoidí. Mhaoinigh an Roinn Oideachais agus Scileanna an tseirbhís ar dtús ach anois faigheann an tseirbhís páirt-mhaoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí. Tá gréasán mór seirbhísí ógra comhcheangailte ar fud na tíre uile nach mór; féach ar ghréasán BeLonG To chun áiteanna faoi leith agus eolas teagmhála a aimsiú.

Teagmháil: Teil. 01 6706223 R/phost. info@belongto.org Gréasán. www.belongto.org

- **Transgender Equality Network Ireland (TENI):**

is eagraíocht é TENI a thacaíonn le daoine atá trasinscneach is trasghnéasach. Cuireann sé eolas ar fáil do dhaoine atá trasinscneach agus dá muintir agus déanann sé abhcóideacht comhionannais trasinscnigh in Éirinn.

Teagmháil: Tel. 01 8733575 R/phost: info@teni.ie Gréasán. www.teni.ie

- **Loving Our Out Kids (LOOK)**

is eagraíocht í LOOK atá faoi chúram tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil páistí de gach aon aois acu agus atá leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach. Tugann an eagraíocht tacaíocht do thuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil páistí acu atá leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach.

Teagmháil: Féach ar an ngréasán www.lovingouroutkids.org chun uimhreacha na dteileafón sna háiteanna éagsúla a fháil.

- Tá grúpaí **LADT** ar fud na tíre uile nach mór a oibríonn le scoileanna agus a théann i ngleic le cúrsaí LADT. Tá fáil ar a thuilleadh eolais ó GLEN.

- Tá grúpaí **LADT** ann do dhaoine óga ar fud na tíre uile nach mór. Tá fáil ar a thuilleadh eolais ó BeLonG To Youth Services.

9. TAGAIRTÍ

- An Chomhairle Mhúinteoireachta (Meitheamh 2011). Policy on the Continuum of Professional Development
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2011). *Tús áite do Leanaí. Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2014). Foirne Tacaíochta Scoláirí Iar-bhunscoileanna. *Treoir do Foireann a Bhunú nó le hAthbhreithniú a Dhéanamh ar Fhoireann atá ann Cheana*
- An Roinn Oideachais (2013a). *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna, Feidhmeannacht Seirbhíse agus Sláinte agus An Roinn Sláinte (2013b). *Folláine in Iar-bhunscoileanna Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaíthe*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013c). *Action Plan on Bullying: Report of the Anti-Bullying Working Group.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013d). *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile Ciorclán 0045/2013.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013e). *Socruithe simplithe ar mhaithe leis an gClárleabhar, an Leabhar Rolla agus an Leabhar Tinrimh Laethúil a choimeád - Soiléiriú maidir leis an gClár atá le coimeád faoin Acht Oideachais (Leas), 2000. Ciorclán 0028/2013.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna, HSE, GLEN and BeLonG To Youth Services (2011). *Growing Up Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender: A Resource for SPHE and RSE.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011). *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna, National Association of Principals and Deputy Principals and GLEN (2011). *Including Lesbian, Gay & Bisexual Students in School Policies: Guidelines for Principals.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2010). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidreamh aGus Gnéasachta (OCG): Treoirlínte Dea-Chleachtais d'Iarbhunscoilean Ciorclán 0023/2010.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna and GLEN (2009) *Lesbian, Gay and Bisexual Students in Post-Primary Schools: Guidance for Principals and School Leaders.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna, Health Service Executive & Crisis Pregnancy Agency (2009). *TRUST: Talking Relationships Understanding Sexuality Teaching Resource.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2008). *Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta, Ciorclán 0027/2008.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Chigireacht (2005). 1. *Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéal ar Impleachtaí Alt 9 (c) den Acht Oideachais 1998, a bhaineann le rochtain mac léinn ar sholáthar treorach cuí*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (1996). *Relationships and Sexuality Education: An Aspect of Social, Personal and Health Education Interim Curriculum and Guidelines for Post-Primary Schools. NCCA.*
- Association of Secondary Teachers of Ireland, Teachers' Union of Ireland and GLEN (2009). *Supporting Lesbian, Gay and Bisexual Students: The Role of Teachers.*
- Brill, S. & Pepper, R. (2008), 'Developmental Stages and the Transgender Young person', in *The Transgender Young person.*
- Department for Children, Schools and Families (UK) (2008). *Homophobic Bullying. Safe to Learn: Embedding Anti-Bullying Work in Schools.*
- Dooley, Barbara & Fitzgerald, Amanda, (2012) *My World Survey: National Survey of Youth Mental Health in Ireland.* Baile Átha Cliath: Headstrong & UCD.
- Equality Authority (2005). *Schools and the Equal Status Acts, 2nd edition.* Baile Átha Cliath: Equality Authority.
- Gleeson, J. & McCormack, O. (2010). 'Attitudes of parents of young men towards the inclusion of sexual orientation and homophobia on the Irish post-primary curriculum.' *Gender and Education, Imleabhar 22, Uimhir 4, 385-400.*
- GLSEN (2013). *The Experiences of LGBT Students in School Athletics (Research Brief).* Nua-Eabhrach: GLSEN.

- Gowran, S. (2004). "See no evil, speak no evil, hear no evil?" The Experiences of Lesbian and Gay Teachers in Irish Schools' in *Primary Voices: Equality, Diversity and Young personhood in Irish Primary Schools*, Deegan, J., Devine, D., & Lodge, A., (eds). Baile Átha Cliath: Institute of Public Administration.
- Health Service Executive. (2013). *Schools for Health in Ireland: Framework for Developing a Health Promoting School Post-Primary*.
- Higgins et al (2016). *LGBTIreland Study: An Exploration of Lesbian, Gay, Bisexual, Transgender and Intersex Lives in the Republic of Ireland*. Baile Átha Cliath: GLEN and BeLong To.
- Houses of the Oireachtas Joint Committee on Education and Social Protection (2013). *Report on the General Scheme of a Gender Recognition Bill* (ESP31011).
- Hunt, Ruth and Jensen, Johan, (2006). *The School Report: the Experiences of Young Gay People in Britain's Schools*. Stonewall & Education for All.
- Kelly, C., Gavin, A., Molcho, M. & NicGabhainn, S. (2012). *The Irish Health Behaviour in School-aged Young Children* (HBSC) Study 2010. An Roinn Sláinte agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Gaillimh.
- Kennedy, N & Hellen, M. (2010). 'Transgender Children: More Than a Theoretical Challenge'. *Graduate Journal of Social Science*, Iml. 7 Eagrán 2.
- Kosciw, J. G., Greytak, E. A., Palmer, N. A., & Boesen, M. J. (2014). The 2013 National School Climate Survey: The experiences of lesbian, gay, bisexual and transgender youth in our nation's schools. Nua-Eabhrach: GLSEN.
- Lynch, K. and Lodge, A. (2002). *Equality and Power in Schools: Redistribution, Recognition and Representation*. Londain: Routledge Falmer.
- Mallon, G.P. (1999). 'Practice with Transgendered Children,' in *Social Services with Transgendered Youth* 49, 55-58.
- Massachusetts Department of Elementary and Secondary Education (2012). *Guidance for Massachusetts Public Schools – Creating a Safe and Supportive School Environment: Non-discrimination on the Basis of Gender Identity*.
- Mayock, P., Brian, A., Carr, N., & Kitching, K. (2009). *Supporting LGBT Lives: A Study of Mental Health and Well-Being of Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender People*. GLEN and BeLong To Youth Services.
- Mayock, P., Morgan, M. (2007). *Relationships and Sexuality Education in Post-Primary Schools: Challenges to Full Implementation*. Baile Átha Cliath: Crisis Pregnancy Agency/An Roinn Oideachais.
- Minton, S.J., Dahl, T., O'Moore, A.S., & Donnelly, T. (2008). 'An Exploratory Survey of the Experiences of Homophobic Bullying Among Lesbian, Gay, Bisexual and Transgendered Young People in Ireland'. *Irish Educational Studies*. Imleabhar. 27, Uimhir 2, Meitheamh 2008, 177-191.
- National Centre for Guidance in Education and GLEN (2010). *Supporting Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender Students: The Role of Guidance Counsellors*.
- National Centre for Guidance in Education (2004). *Planning the School Guidance Programme*.
- National Educational Psychological Service (2010). *A Continuum of Support for Post-Primary Schools: Guidelines for Teachers*. Available at: https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coldístí/Seirbh/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-/neps_post_primary_continuum_guidelines_ir.pdf
- National Educational Psychological Service (2010). *A Continuum of Support for Post-Primary Schools: Resource Pack for Teachers*. Available at: https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coldístí/Seirbh/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-/neps_post_primary_continuum_resource_ir.pdf
- National Educational Welfare Board (2008). *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirínte i gcomhair Scoileanna*
- Neary, A. (2013). 'Lesbian and Gay Teachers' Experiences of 'Coming Out' in Irish Schools', *British Journal of Sociology of Education*, 34(4), 583-602.

Norman, J. & Galvin, M. (2006). *Straight Talk: An Investigation of Attitudes and Experiences of Homophobic Bullying in Second-Level Schools*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scoileanna An tAonad Um Chomhionannas Inscne

TENI (2014). *STAD: Stop Transphobia and Discrimination Report*

Foilsithe ag



Le tacaíocht ó



I gcomhpháirt le



Association of Community and Comprehensive Schools



Joint Managerial Body for Secondary Schools



National Association of Principals and Deputy Principals



Association of Secondary Teachers of Ireland



National Centre for Guidance in Education



BeLong To Youth Services



Teachers' Union of Ireland



Education and Training Boards Ireland



Transgender Equality Network Ireland



Educate Together



TUSLA – Child and Family Agency